# Iris Oifigiúil
## an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

8 Meitheamh 2021

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2021/887 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin** ........ 1

★ **Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014** [1] ........ 32

[1] Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE.

GA

* Faoin tagairt L 202 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2021/887 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 20 Bealtaine 2021**

**lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3) agus an chéad mhír d'Airteagal 188 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá tromlach de dhaonra an Aontais nasctha leis an idirlíon agus tá saol laethúil na ndaoine agus an gheilleagair diaidh ar ndiaidh ag brath níos mó ar theicneolaíochtaí digiteacha. Is ag dul i méid atá baol maidir le cibirtheagmhais thromchúiseacha do shaoránaigh agus do ghnólachtaí agus bíonn cibirtheagmhas amháin ar a laghad ag go leor gnólachtaí san Aontas gach aon bhliain. Is léiriú é sin ar an ngá atá le hathléimneacht, leis na cumais theicneolaíocha agus thionsclaíocha a fheabhsú, agus le hardchaighdeáin chibearshlándála agus le réitigh iomlánaíocha chibearshlándála, lena mbaineann daoine, táirgí, próisis agus teicneolaíocht san Aontas, mar aon leis an ngá atá le ceannaireacht an Aontais i réimsí na cibearshlándála agus an neamhspleáchais digitigh. Is féidir an cibearshlándáil a fheabhsú chomh maith tríd an bhfeasacht ar bhagairtí cibearshlándála a ardú agus trí inniúlachtaí acmhainneachtaí agus cumais a fhorbairt ar fud an Aontais, agus, ag an am céanna, aird chuí á tabhairt ar na himpleachtaí don tsochaí agus do chúrsaí eitice agus ar na húdair imní ina leith sin.

(2) Mhéadaigh an tAontas líon a ghníomhaíochtaí de réir a chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chibearshlándála atá ag fás tar éis na straitéise cibearshlándála a chuir an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an tArdionadaí) chun cinn ina dteachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 7 Feabhra 2013 dar teideal "Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh: Cibearspás Oscailte, Sábháilte agus Slán" ("Straitéis Chibearshlándála 2013"). Bhí sé mar aidhm ag Straitéis Chibearshlándála 2013 cibear-éiceachóras iontaofa, sábháilte agus oscailte a chothú. In 2016, ghlac an tAontas na bearta tosaigh i réimse na cibearshlándála le Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) maidir le slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise.

([1]) IO C 159, 10.5.2019, lch. 63

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2019 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 20 Aibreán 2021 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2021 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).

([3]) Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála na gcóras gréasán agus faisnéise ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

(3) I mí Mheán Fómhair 2017, chuir an Coimisiún agus an tArdionadaí teachtaireacht chomhpháirteach i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle dar teideal *Resilience, Deterrence and Defence*: *Building strong cybersecurity for the EU* [Athléimneacht, Díspreagadh agus Cosaint: Cibearshlándáil láidir a thógáil don AE] chun athléimneacht, díspreagadh agus freagairt an Aontais i dtaobh cibear-ionsaithe a neartú a thuilleadh.

(4) D'iarr na Cinn Stáit agus Rialtais ag Cruinniú Mullaigh Digiteach Thaillinn, i mí Mheán Fómhair 2017, go mbeadh an tAontas ina cheannaire domhanda maidir leis an gcibearshlándáil faoi 2025, chun iontaoibh, muinín agus cosaint saoránach, tomhaltóirí agus fiontar ar líne a áirithiú agus chun idirlíon saor, níos sábháilte agus a rialaítear de réir an dlí a chumasú, agus dhearbhaigh siad go raibh sé ar intinn acu go mbainfí úsáid níos mó as réitigh foinse oscailte agus caighdeáin oscailte nuair a bheadh córais agus réitigh TFC á dtógáil nó á n-atógáil, go háirithe chun gaibhniú díoltóirí a sheachaint, lena n-áirítear iad siúd arna bhforbairt nó arna gcur chun cinn ag cláir an Aontais um idir-inoibritheacht agus caighdeánú, amhail ISA$^2$.

(5) Ba cheart don Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála (an "Lárionad Inniúlachta") arna bhunú sa Rialachán seo cúnamh a chur ar fáil chun slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise a mhéadú, lena n-áirítear an t-idirlíon agus bonneagair eile atá criticiúil le haghaidh fheidhmiú na sochaí amhail iompar, sláinte, fuinneamh, bonneagar digiteach, uisce, margaí airgeadais agus córais bhaincéireachta.

(6) Is féidir le briseadh suntasach ar chórais gréasán agus faisnéise difear a dhéanamh do Bhallstáit aonair agus don Aontas ina iomláine. Tá sé fíor-riachtanach don tsochaí agus don gheilleagar araon, dá bhrí sin, ardleibhéal slándála a bheith ag na córais gréasán agus faisnéise ar fud an Aontais. Faoi láthair, braitheann an tAontas ar sholáthraithe cibearshlándála neamh-Eorpacha. Mar sin féin, is chun leas straitéiseach an Aontais é a áirithiú go ndéanann sé taighde cibearshlándála fíor-riachtanach agus acmhainneachtaí teicneolaíocha a choimeád agus a fhorbairt chun córais gréasán agus faisnéise shaoránaigh agus ghnólachtaí a shlánú, agus go háirithe chun córais gréasán agus faisnéise chriticiúla a chosaint, agus chun seirbhísí cibearshlándála lárnacha a chur ar fáil.

(7) Tá saibhreas saineolais agus taithí san Aontas maidir le taighde, teicneolaíocht agus forbairt thionsclaíoch ó thaobh na cibearshlándála de, ach tá iarrachtaí na bpobal tionsclaíoch agus taighde ilroinnte, bíonn easnaimh ann maidir le hailíniú agus misean comhchoiteann, rud a chuireann bac ar iomaíochas agus ar chosaint éifeachtach ar ghréasáin agus córais san fhearann sin. Ní mór iarrachtaí agus saineolas den sórt seo a chomhthiomsú, a líonrú agus a úsáid ar bhealach éifeachtúil chun an taighde, an teicneolaíocht, na hacmhainneachtaí tionsclaíocha agus na scileanna atá ann cheana féin a neartú agus a chomhlánú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Cé go bhfuil dúshláin thábhachtacha roimh an earnáil TFC, amhail an t-éileamh ar oibrithe oilte san earnáil a shásamh, is féidir leis an earnáil tairbhe a bhaint as ionadaíocht a dhéanamh ar an éagsúlacht atá sa tsochaí i gcoitinne, ionadaíocht chothrom ar inscne, éagsúlacht eitneach, agus neamh-idirdhealú in aghaidh daoine atá faoi mhíchumas, mar aon le rochtain ar eolas agus ar oiliúint do shaineolaithe cibearshlándála a bheidh ann amach anseo a éascú, lena n-áirítear oiliúint na saineolaithe sin i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla, mar shampla i dtionscadail um bogearraí foinse oscailte agus saor in aisce, i dtionscadail um theicneolaíocht saoránach, i ngnólachtaí nuathionscanta agus i micrifhiontair.

(8) Is geallsealbhóirí ríthábhachtacha iad fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) in earnáil na cibearshlándála san Aontas agus is féidir leo réitigh cheannródaíocha a chur ar fáil mar gheall ar a thapa atá siad. Is mó an baol, áfach, go mbeidh FBManna nach speisialtóirí iad sa chibearshlándáil leochaileach maidir le cibirtheagmhais mar gheall ar ardriachtanais infheistíochta agus saineolais atá de dhíth chun réitigh éifeachtacha chibearshlándála a bhunú. Dá bhrí sin, is gá don Lárionad Inniúlachta agus do Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin (an "Líonra") tacaíocht speisialta a chur ar fáil do FBManna trí rochtain na FBManna ar eolas agus trí rochtain spriocdhírithe ar thorthaí ón taighde agus ón bhforbairt a éascú ionas gur féidir le FBManna iad féin a chosaint go leordhóthanach agus ionas gur féidir le FBManna atá gníomhach sa chibearshlándáil a bheith iomaíoch agus in ann rannchuidiú le ceannaireacht an Aontais i réimse na cibearshlándála.

(9) Tá saineolas le fáil lasmuigh de chomhthéacsanna tionsclaíocha agus taighde. Tionscadail neamhthráchtála agus réamhthráchtála, dá dtagraítear mar thionscadail "teicneolaíocht saoránach", baineann siad úsáid as caighdeáin oscailte, as sonraí oscailte, agus as bogearraí foinse oscailte agus saor in aisce, chun leas na sochaí agus an phobail.

(10) Tá réimse na cibearshlándála éagsúil. Áirítear ar na geallsealbhóirí ábhartha, geallsealbhóirí ó eintitis phoiblí, ó na Ballstáit agus ón Aontas, agus ón tionscal, ón sochaí shibhialta, amhail ceardchumainn, comhlachais tomhaltóirí, an pobal um bogearraí foinse oscailte agus saor in aisce mar aon leis an bpobal acadúil agus taighde, agus ó eintitis eile.

(11) De bhun na gConclúidí ón gComhairle a glacadh i mí na Samhna 2017 iarradh ar an gCoimisiún measúnú tionchair a chur ar fáil go pras ar na roghanna féideartha chun líonra de lárionaid inniúlachta cibearshlándála a chruthú, agus lárionad Eorpach um thaighde agus inniúlachtaí cibearshlándála a chruthú agus chun togra a dhéanamh d'ionstraim dlí ábhartha faoi lár 2018 chun líonra den sórt sin agus lárionad den sórt sin a chruthú.

(12) Tá easpa acmhainneachtaí agus cumais tionsclaíocha agus teicneolaíocha leordhóthanacha ag an Aontas fós chun a gheilleagar agus a bhonneagair chriticiúla a dhéanamh slán go neamhspleách agus chun bheith ina cheannaire domhanda i réimse na cibearshlándála. Ní leor leibhéal an chomhordaithe agus an chomhair straitéisigh inbhuanaithe idir tionscail, pobail taighde cibearshlándála agus rialtais. Tá an tAontas thíos le hinfheistíocht nach bhfuil leordhóthanach agus le rochtain theoranta ar fhios gnó, scileanna agus saoráidí cibearshlándála, agus is beag toradh ar thaighde agus nuálaíocht an Aontais cibearshlándála a aistrítear ina réitigh indíolta nó a imscartar go forleathan ar fud an gheilleagair.

(13) Is é an Lárionad Inniúlachta agus an Líonra a bhunú, ag a bhfuil sainordú bearta a shaothrú chun tacú le teicneolaíochtaí tionsclaíocha, agus i bhfearann an taighde agus na nuálaíochta, an bealach is fearr chun cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh, agus ag an am céanna an tionchar eacnamaíoch, sochaíoch, agus comhshaoil is airde a chur ar fáil agus leasanna an Aontais a chosaint.

(14) Ba cheart an Lárionad a bheith ar phríomhuirlis an Aontais chun infheistíocht a chomhthiomsú i dtaighde, i dteicneolaíocht agus i bhforbairt thionsclaíoch ó thaobh cibearshlándála de agus chun na tionscadail agus na tionscnaimh ábhartha a chur chun feidhme i gcomhpháirt leis an Líonra. Ba cheart don Lárionad Inniúlachta tacaíocht airgeadais a bhaineann leis an gcibearshlándáil ó Fhís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (Fís Eorpach) arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [4] agus ón gClár don Eoraip Dhigiteach arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [5] a bhainistiú agus ba cheart é a bheith oscailte do chláir eile i gcás inarb iomchuí. Ba cheart don chur chuige seo rannchuidiú le sineirgí a chruthú agus tacaíocht airgeadais a chomhordú maidir le tionscnaimh an Aontais i réimse an taighde agus na forbartha, na nuálaíochta, na teicneolaíochta agus na forbartha tionsclaíche ó thaobh na cibearshlándála de agus ba cheart don chur chuige seo dúbláil nach gá a sheachaint.

(15) Tá sé tábhachtach urraim do chearta bunúsacha agus d'iompar eiticiúil i dtionscadail taighde i réimse na cibearshlándála a dtacaíonn an Lárionad Inniúlachta leo a áirithiú.

(16) Níor cheart don Lárionad Inniúlachta cúraimí oibríochtúla cibearshlándála a dhéanamh, amhail cúraimí a bhaineann le Foirne Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí (CSIRTanna), lena n-áirítear faireachán agus láimhseáil a dhéanamh ar theagmhais chibearshlándála. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh an Lárionad Inniúlachta in ann forbairt bonneagar TFC a fhónann do thionscail a éascú go háirithe ar FBManna, pobail taighde, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phoiblí, go comhsheasmhach leis an misean agus na cuspóirí a leagtar síos sa Rialachán seo. I gcás ina bhféachann CSIRTanna agus geallsealbhóirí eile le tuairisciú agus nochtadh leochaileachtaí a chur chun cinn, féadfaidh an Lárionad Inniúlachta agus comhaltaí Phobal Inniúlachta Cibearshlándála (an "Pobal") tacú leis na geallsealbhóirí sin, arna iarraidh sin dóibh, laistigh de theorainneacha a gcúraimí faoi seach, agus aon dúbláil le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) arna bunú le Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [6] á seachaint acu.

(17) Tá sé beartaithe go mbeidh an Lárionad Inniúlachta, an Pobal agus an Líonra in ann leas a bhaint as an taithí agus as ionadaíocht leathan na ngeallsealbhóirí ábhartha a forbraíodh tríd an gcomhpháirtíocht chonarthach phoiblí-phríobháideach um chibearshlándáil idir an Coimisiún agus an Eagraíocht Eorpach um Chibearshlándáil (ESCO) i gcaitheamh thréimhse Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020), arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [7], agus óna bhfuil foghlamtha ó cheithre thionscadal phíolótacha a seoladh i dtús 2019 faoi Fís 2020, eadhon CONCORDIA, ECHO, SPARTA agus CyberSec4Europe, agus ón tionscadal píolótach agus ón ngníomhaíocht ullmhúcháin maidir le Bogearraí Foinse Oscailte agus Saor in Aisce (EU FOSSA), chun bainistíocht a dhéanamh ar an bPobal agus ar son ionadaíocht an Phobail sa Lárionad Inniúlachta.

(18) I bhfianaise mhéid an dúshláin a ghabhann le cibearshlándáil agus i bhfianaise na n-infheistíochtaí arna ndéanamh in acmhainneachtaí agus cumais chibearshlándála in áiteanna eile ar domhan, ba cheart an tAontas agus na Ballstáit a spreagadh dlús a chur leis an tacaíocht airgeadais a thugann siad don taighde, don fhorbairt agus don imscaradh sa réimse sin. Chun barainneacht scála agus leibhéal inchomparáide cosanta ar fud an Aontais a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit a gcuid iarrachtaí a dhíriú ar chreat Aontais trí rannchuidiú go gníomhach leis an Lárionad Inniúlachta agus leis an Líonra.

[4] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

[5] Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) Uimh. 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

[6] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

[7] Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104).

(19) Chun iomaíochas agus caighdeáin chibearshlándála arda an Aontais a chothú go hidirnáisiúnta, ba cheart don Lárionad Inniúlachta agus don Phobal malartú maidir le forbairtí i réimse na cibearshlándála, lena n-áirítear i ndáil le táirgí agus próisis, caighdeáin agus caighdeáin theicniúla a lorg leis an bpobal idirnáisiúnta, i gcás inarb ábhartha maidir le misean an Lárionaid Inniúlachta, lena chuspóirí agus lena chúraimí. Chun críoch an Rialacháin seo, d'fhéadfaí cruthú cineálacha cur chun feidhme tagartha, lena n-áirítear iad siúd a fhoilsítear faoi cheadúnais chaighdeánacha oscailte, a áireamh ar chaighdeáin theicniúla ábhartha.

(20) Is i mBúcairist atá suíomh an Lárionad Inniúlachta.

(21) Nuair a bheidh a chlár oibre bliantúil (clár oibre bliantúil) á ullmhú, ba cheart don Lárionad Inniúlachta an Coimisiún a chur ar an eolas faoina riachtanais chomhchistiúcháin ar bhonn ranníocaíochtaí comhchistithe pleanáilte na mBallstát i leith gníomhaíochtaí comhpháirteacha, ionas gur féidir leis an gCoimisiún ranníocaíocht mheaitseála an Aontais a chur san áireamh agus dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain ina dhiaidh sin á ullmhú.

(22) I gcás ina n-ullmhóidh an Coimisiún clár oibre Fís Eorpach i dtaca le hábhair a bhaineann leis an gcibearshlándáil, lena n-áirítear i gcomhthéacs a phróisis comhairliúcháin le geallsealbhóirí, agus go háirithe sula nglacfar an clár oibre sin, ba cheart don Choimisiún ionchur an Lárionaid Inniúlachta a chur san áireamh agus ba cheart dó an t-ionchur sin a chomhroinnt le Coiste Cláir Fís Eorpach.

(23) Chun a chur ar chumas an Lárionaid Inniúlachta a ról i réimse na cibearshlándála a chomhlíonadh, agus le rannpháirtíocht an Líonra a éascú agus chun ról láidir rialachais a thabhairt do na Ballstáit, ba cheart an Lárionad Inniúlachta a bhunú mar chomhlacht de chuid an Aontais ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach agus tá feidhm le bheith ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún ([8]) maidir leis. Ba cheart dhá ról a bheith á gcomhlíonadh ag an Lárionad Inniúlachta, cúraimí sonracha a dhéanamh sa réimse tionsclaíochta, teicneolaíochta agus taighde cibearshlándála mar a leagtar síos sa Rialachán seo agus cistiú um an gcibearshlándáil a bhainistiú ó roinnt clár ag an am céanna – go háirithe Fís Eorpach agus an Clár don Eoraip Dhigiteach, agus b'fhéidir cláir eile de chuid an Aontais chomh maith. Chaithfeadh an bhainistíocht sin a bheith i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leis na cláir sin. Mar sin féin, ós rud é gur ó Fhís Eorpach agus ón gClár don Eoraip Dhigiteach go príomha a thiocfadh an cistiú d'fheidhmiú an Lárionaid Inniúlachta, is gá a mheas gur comhpháirtíocht é an Lárionad chun críoch chur chun feidhme an bhuiséid, lena n-áirítear le linn chéim an chlársceidealaithe.

(24) Mar thoradh ar rannchuidiú ón Aontas, tá rochtain ar thorthaí ghníomhaíochtaí agus ar thorthaí thionscadail an Lárionaid Inniúlachta le bheith a oscailte is féidir agus a iata is gá, agus tá athúsáid torthaí den sórt sin le bheith indéanta i gcás inarb iomchuí.

(25) Ba cheart don Lárionad Inniúlachta obair an Líonra a éascú agus a chomhordú. Ba cheart don Líonra a bheith comhdhéanta de lárionad náisiúnta chomhordúcháin amháin ó gach Ballstát. Lárionaid náisiúnta chomhordúcháin a bhfuil sé aitheanta ag an gCoimisiún ina leith go bhfuil an acmhainneacht riachtanach acu cistí a bhainistiú chun an misean agus na cuspóirí a leagtar síos sa Rialachán seo a bhaint amach, ba cheart dóibh tacaíocht airgeadais dhíreach ón Aontas a fháil, lena n-áirítear deontais arna ndámhachtain gan glao ar thograí, chun a gcuid gníomhaíochtaí maidir leis an Rialachán seo a dhéanamh.

(26) Ba cheart d'eintitis de chuid na hearnála poiblí, nó d'eintitis ag a bhfuil formhór na rannpháirtíochta poiblí, a dhéanann feidhmeanna riaracháin phoiblí faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear trí bhíthin tarmligin, a bheith sna Lárionaid náisiúnta chomhordúcháin, agus ba cheart iad a bheith roghnaithe ag Ballstáit. Ba cheart go bhféadfadh eintiteas a chomhlíonann feidhmeanna eile a eascraíonn faoi dhlí an Aontais, amhail na feidhmeanna atá ag údarás inniúil náisiúnta, ag pointe teagmhála aonair de réir bhrí Threoir (AE) 2016/1148, nó aon Rialachán eile de chuid an Aontais, nó ag mol nuálaíochta digití de réir bhrí Rialacháin (AE) 2021/694, feidhmeanna Lárionaid Náisiúnta Chomhordúcháin in aon Bhallstát a chomhlíonadh. Eintitis eile san earnáil phoiblí nó eintitis eile a dhéanann feidhmeanna riaracháin phoiblí i mBallstát, ba cheart go mbeadh siad in ann cúnamh a thabhairt don lárionad náisiúnta comhordúcháin sa Bhallstát sin agus a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aige.

(27) Ba cheart an acmhainneacht riaracháin riachtanach a bheith ag na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin agus ba cheart saineolas tionsclaíochta, teicneolaíochta agus taighde cibearshlándála a bheith acu nó rochtain a bheith acu ar an saineolas sin, agus ba cheart dóibh a bheith in ann dul i dteagmháil, ar bhealach éifeachtach, leis an tionscal, leis an earnáil phoiblí, agus leis an bpobal taighde agus comhordú leo.

(28) Ba cheart don oideachas i mBallstáit an tábhacht a bhaineann le feasacht agus scileanna cibearshlándála leordhóthanacha a bheith ar a gcumas ag daoine a léiriú. Chuige sin, agus ról ENISA á chur san áireamh agus gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát san oideachas, ba cheart do na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin, in éineacht leis na húdaráis phoiblí agus na geallsealbhóirí ábhartha, rannchuidiú le cláir oideachais chibearshlándála a chur chun cinn agus a scaipeadh.

([8]) Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2019/715 an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais do chomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).

(29) Ba cheart go mbeadh na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin in ann deontais a fháil ón Lárionad Inniúlachta chun tacaíocht airgeadais a sholáthar do thríú páirtithe i bhfoirm deontas. Ba cheart go mbeadh an costas díreach arna thabhú ag na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin as tacaíocht airgeadais a sholáthar agus a riar do thríú páirtithe incháilithe le haghaidh cistiúcháin faoi na cláir ábhartha.

(30) Ba cheart don Lárionad Inniúlachta, an Líonra agus an Pobal cuidiú chun na táirgí, seirbhísí agus próisis chibearshlándála is déanaí a chur chun cinn agus a scaipeadh. Ag an am céanna, ba cheart don Lárionad Inniúlachta agus don Líonra cumais chibearshlándála ar thaobh éileamh an tionscail a chur chun cinn, go háirithe trí thacaíocht a thabhairt d'fhorbróirí agus d'oibreoirí in earnálacha amhail na hearnálacha iompair, fuinnimh, sláinte, airgeadais, rialtais, teileachumarsáide, monaraíochta agus spáis chun cabhrú le forbróirí agus le hoibreoirí na dúshláin chibearshlándála atá rompu a shárú amhail chun slándáil trí dhearadh a bhaint amach. Ba cheart don Lárionad Inniúlachta agus don Líonra tacú freisin le táirgí, seirbhísí agus próisis chibearshlándála a imscaradh agus, i gcás inar féidir, feidhmiú an chreata Eorpaigh um dheimhniú cibearshlándála a chur chun cinn mar a bhunaítear le Rialachán (AE) 2019/881.

(31) De bharr a thapa atá cibearbhagairtí agus an chibearshlándáil ag athrú, ní mór don Aontas a bheith in ann dul in oiriúint go tapa agus go leanúnach d'fhorbairtí nua sa réimse. Dá bhrí sin, ba cheart an Lárionad Inniúlachta, an Líonra agus an Pobal a bheith sách solúbtha chun an ábaltacht a bheith acu freagairt d'forbairtí den sórt sin mar is gá dóibh. Ba cheart dóibh éascaíocht a dhéanamh ar thionscadail lena gcabhraítear le heintitis a bheith in ann cumas a fhothú go leanúnach chun feabhas a chur ar a n-athléimneachtaí féin agus ar athléimneacht an Aontais.

(32) Ba cheart don Lárionad Inniúlachta tacaíocht a thabhairt don Phobal. Ba cheart don Lárionad Inniúlachta páirteanna de Fís Eorpach agus den Chlár Eoraip Dhigiteach atá ábhartha don chibearshlándáil a chur chun feidhme i gcomhréir le clár oibre ilbhliantúil an Lárionaid Inniúlachta (an clár oibre ilbhliantúil), leis an gclár oibre bliantúil agus le próiseas pleanála straitéisí Fís Eorpach trí dheontais agus cineálacha eile cistiúcháin a leithdháileadh i ndiaidh glao iomaíoch ar thograí go príomha. Chomh maith leis sin, ba cheart don Lárionad Inniúlachta an t-aistriú saineolais a éascú sa Líonra agus sa Phobal agus ba cheart dó tacaíocht a thabhairt d'infheistíocht chomhpháirteach ón Aontas, ó Bhallstáit nó ón tionscal. Ba cheart dó aird ar leith a thabhairt do thacú le FBManna i réimse na cibearshlándála agus ar ghníomhaíochtaí a chuidíonn leis an mbearna scileanna a shárú.

(33) Ba cheart cúnamh teicniúil d'ullmhúchán tionscadail a dhéanamh ar bhealach atá iomlán oibiachtúil agus trédhearcach a áirithíonn go bhfaighidh gach tairbhí ionchasach an fhaisnéis chéanna agus go seachnaítear coinbhleachtaí leasa.

(34) Ba cheart don Lárionad Inniúlachta comhar agus comhordú straitéiseach fadtéarmach ghníomhaíochtaí an Phobail a spreagadh agus tacú leo, lena mbainfeadh grúpa mór, oscailte, idirdhisciplíneach agus éagsúil de gheallsealbhóirí Eorpacha a bhfuil baint acu leis an teicneolaíocht chibearshlándála. Ba cheart a bheith ar áireamh sa Phobal go háirithe eintitis taighde, tionscail agus an earnáil phoiblí. Ba cheart don Phobal, ionchur a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí an Lárionaid Inniúlachta, don chlár oibre ilbhliantúil agus do chlár oibre bliantúil an Lárionaid go háirithe tríd an nGrúpa Comhairleach Straitéiseach. Ba cheart don Phobal leas a bhaint freisin as gníomhaíochtaí forbartha pobail an Lárionaid Inniúlachta agus an Líonra, ach níor cheart pribhléid a bheith aige seachas sin maidir le glaonna ar thograí nó le glaonna ar thairiscintí. Ba cheart don Phobal a bheith comhdhéanta de chomhlachtaí agus eagraíochtaí comhchoiteanna. Ag an am céanna, chun tairbhe a bhaint as an saineolas uile i ndáil le cibearshlándáil san Aontas, ba cheart go mbeadh an Lárionad Inniúlachta agus a chomhlachtaí in ann tarraingt ar shaineolais dhaoine nádúrtha mar shaineolaithe *ad hoc*.

(35) Ba cheart don Lárionad Inniúlachta comhoibriú le ENISA agus ba cheart dó sineirgí léi a áirithiú agus ba cheart dó an chomhairle iomchuí a fháil ó ENISA agus é ag sainiú na dtosaíochtaí cistiúcháin.

(36) Chun freagairt do riachtanais ar thaobh éileamh agus ar thaobh sholáthar na cibearshlándála araon, ba cheart táirgí, próisis agus seirbhísí TFC agus gach táirge agus próiseas teicneolaíoch eile ina bhfuil an chibearshlándáil le comhtháthú a bheith i gceist leis an gcúram atá ar an Lárionad Inniúlachta eolas agus cúnamh teicniúil i réimse na cibearshlándála a chur ar fáil do thionscail. Arna iarraidh sin, d'fhéadfadh an earnáil phoiblí tairbhe a bhaint as tacaíocht ón Lárionad Inniúlachta freisin.

(37) Chun timpeallacht chibearshlándála inbhuanaithe a bhunú, tá sé tábhachtach go n-úsáidfear slándáil trí dhearadh mar phrionsabal sa phróiseas chun bonneagair, táirgí agus seirbhísí a fhorbairt, a chothabháil, a oibriú, agus a nuashonrú, go háirithe trí thacú le modhanna forbartha slána úrscothacha, agus trí thástáil slándála leordhóthanach, trí iniúchtaí slándála, agus trí nuashonruithe a chur ar fáil chun leochaileachtaí nó bagairtí aitheanta a leigheas gan mhoill agus, i gcás inar féidir, trí thríú páirtithe a chumasú chun nuashonruithe a chruthú agus a sholáthar thar chríochsheirbhís táirgí faoi seach. Ba cheart slándáil trí dhearadh a áirithiú le linn shaolré tháirgí, sheirbhísí nó phróisis TFC agus trí na próisis forbartha a bhíonn ag athrú de shíor chun an riosca dochair a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar úsáid mhailíseach a laghdú.

(38) Cé gur cheart don Lárionad Inniúlachta agus don Líonra iarracht a dhéanamh sineirgí agus comhar a fheabhsú idir na réimsí sibhialtacha agus cosanta ó thaobh na cibearshlándála de, ba cheart tionscadail faoin Rialacháin seo atá á maoiniú ag Fís Eorpach a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/695, ina bhforáiltear go bhfuil gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhéantar faoi Fís Eorpach le bheith dírithe go heisiach ar fheidhmeanna sibhialtacha amháin.

(39) Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hábhair shibhialtach go príomha, ach féadfaidh gníomhaíochtaí na mBallstát faoin Rialachán seo sainiúlachtaí na mBallstát a léiriú i gcásanna ina mbeidh an beartas cibearshlándála á shaothrú ag údaráis atá i mbun cúraimí sibhialta chomh maith le cúraimí míleata, agus ba cheart dóibh a ndícheall a dhéanamh comhlántacht a bhaint amach agus ba cheart dóibh forluí a sheachaint le hionstraimí cistiúcháin a bhaineann le cosaint.

(40) Ba cheart don Rialachán seo dliteanas agus trédhearcacht an Lárionaid Inniúlachta agus na ngnóthas sin a fhaigheann maoiniú a áirithiú, i gcomhréir leis na Rialacháin cláir ábhartha.

(41) Maidir le cur chun feidhme na dtionscadal imscartha, go háirithe cur chun feidhme na dtionscadal imscartha a bhaineann leis na bonneagair agus na cumais arna n-imscaradh ar an leibhéal an Aontais nó trí sholáthar comhpháirteach, d'fhéadfadh sin a roinnt ina chéimeanna éagsúla cur chun feidhme, amhail tairiscintí ar leithligh ar dhearadh ailtireacht na gcrua-earraí agus na mbogearraí, a dtáirgeadh mar aon lena n-oibriú agus a gcothabháil, ach ní fhéadfadh gnólachtaí a bheith rannpháirteach ach i gceann amháin de na céimeanna in aghaidh na cuideachta agus, i gcás inarb iomchuí, d'fhéadfaidís a cheangal go gcomhlíonfadh na tairbhithe i gceann amháin nó níos mó de na céimeanna sin coinníollacha áirithe ó thaobh úinéireacht nó rialú Eorpach de.

(42) I bhfianaise a saineolais cibearshlándála agus a sainordaithe mar phointe tagartha comhairle agus saineolais cibearshlándála d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais, agus do gheallsealbhóirí ábhartha an Aontais agus i bhfianaise ionchur a bheith á bhailiú aici trína cúraimí, ba cheart do ENISA páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an Lárionaid Inniúlachta lena n-áirítear an Clár Oibre a fhorbairt, agus aon dúbláil gan ghá ina gcuid cúraimí a sheachaint go háirithe trína ról mar bhreathnóir buan ar Bhord Rialaithe an Lárionaid Inniúlachta. Maidir le dréachtú an Chláir Oibre, an chláir oibre bhliantúil agus an chláir oibre ilbhliantúil, ba cheart do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Lárionaid Inniúlachta agus don Bhord Rialaithe aon chomhairle straitéiseach ábhartha agus aon ionchur straitéiseach ábhartha a chuirfidh ENISA ar fáil a chur san áireamh, i gcomhréir le rialacha nós imeachta an Bhoird Rialaithe.

(43) Nuair a fhaigheann siad ranníocaíocht airgeadais ó bhuiséad ginearálta an Aontais, ba cheart do na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin agus na heintitis atá mar chuid den Phobal an fhíric a phoibliú go ndéantar a ngníomhaíochtaí faoi seach i gcomhthéacs an Rialacháin seo.

(44) Ba cheart don Aontas, agus do na Ballstáit i gcomhréir leis na ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit chuig na gníomhaíochtaí comhpháirteacha, na costais a eascraíonn as gníomhaíochtaí bunaíochta an Lárionaid Inniúlachta agus as gníomhachtaí riaracháin agus comhordúcháin an Lárionaid Inniúlachta, a mhaoiniú. Chun cistiú dúbailte a sheachaint, níor cheart ranníocaíocht ó chláir eile an Aontais dul chun sochair na ngníomhaíochtaí siúd i gcomhthráth.

(45) Ba cheart don Bhord Rialaithe, bord ar cheart go mbeadh ionadaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún air, treo ginearálta oibríochtaí an Lárionaid Inniúlachta a shainiú, agus ba cheart dó a áirithiú go gcuirfeadh an Lárionad Inniúlachta a chúraimí i gcrích i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ba cheart don Bhord Rialaithe an Clár Oibre a ghlacadh.

(46) Ba cheart a chur ar iontaoibh an Bhoird Rialaithe na cumhachtaí is gá chun buiséad an Lárionaid Inniúlachta a bhunú. Ba cheart dó feidhmiú an bhuiséid a fhíorú, ba cheart dó na rialacha airgeadais iomchuí a ghlacadh, agus ba cheart dó na nósanna imeachta oibre trédhearcacha a bhunú i dtaobh chinnteoireacht an Lárionaid Inniúlachta, lena n-áirítear an clár oibre bliantúil agus an clár oibre ilbhliantúil a ghlacadh agus an Clár Oibre á léiriú acu. Ba cheart don Bhord Rialaithe a rialacha nós imeachta a ghlacadh freisin, ba cheart dó an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh agus ba cheart dó cinneadh a dhéanamh maidir le haon síneadh a chur le téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin nó maidir le haon chás ina gcuirfí deireadh lena théarma nó lena téarma oifige.

(47) Ba cheart don Bhord Rialaithe formhaoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí straitéiseacha agus cur chun feidhme an Lárionaid Inniúlachta agus ba cheart dó a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí sin ailínithe. Sa tuarascáil bhliantúil uaidh, ba cheart don Lárionad Inniúlachta béim ar leith a leagan ar spriocanna straitéiseacha atá bainte amach aige agus, más gá, gníomhaíochtaí a mholadh chun gnóthú na spriocanna straitéiseacha sin a fheabhsú a thuilleadh.

(48) Chun go bhfeidhmeoidh an Lárionad Inniúlachta go héifeachtúil agus go cuí, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an saineolas gairmiúil iomchuí agus an taithí sna réimsí feidhme ag na daoine atá le ceapadh ar an mBord Rialaithe. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit iarrachtaí a dhéanamh ráta athraithe a gcuid ionadaithe faoi seach ar an mBord Rialaithe a theorannú freisin chun leanúnachas a chuid oibre a áirithiú.

(49) I bhfianaise stádas sonrach an Lárionaid Inniúlachta agus a fhreagrachta as cur chun feidhme chistí an Aontais, go háirithe na cistí sin ó Fhís Eorpach agus ón gClár don Eoraip Dhigiteach, ba cheart 26 % d'iomlán na vótaí a bheith ag an gCoimisiún ar an mBord Rialaithe maidir le cinntí lena mbaineann cistí an Aontais, chun breisluach Aontais na gcinntí sin a uasmhéadú, agus ag an am céanna a áirithiú go bhfuil na cinntí sin dlíthiúil agus go bhfuil siad ailínithe le tosaíochtaí an Aontais.

(50) Ar mhaithe le feidhmiú cuí an Lárionaid Inniúlachta, ní mór Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Lárionaid a cheapadh ar bhealach trédhearcach ar bhonn fiúntais, scileanna doiciméadaithe riaracháin agus bainistíochta, agus ar bhonn inniúlachta agus taithí atá ábhartha i dtaobh na cibearshlándála, agus ní mór dualgais an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a dhéanamh ar bhealach atá go hiomlán neamhspleách.

(51) Ba cheart don Lárionad Inniúlachta Grúpa Comhairleach Straitéiseach a bheith aige mar chomhlacht comhairleach. Ba cheart don Ghrúpa Comhairleach Straitéiseach comhairle a chur ar fáil ar bhonn idirphlé tráthrialta idir an Lárionad Inniúlachta agus an Pobal, ar grúpa é ar cheart a bheith comhdhéanta d'ionadaithe ón earnáil phríobháideach, ó eagraíochtaí tomhaltóirí, ón saol acadúil agus de gheallsealbhóirí ábhartha eile. Ba cheart don Ghrúpa Comhairleach Straitéiseach díriú ar na saincheisteanna atá ábhartha do na geallsealbhóirí agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Rialaithe agus an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Ba cheart a áirithiú, i gcúraimí an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh comhairle a chur ar fáil maidir leis an gClár Oibre, leis an gclár oibre bliantúil agus leis an gclár oibre ilbhliantúil. Ba cheart ionadaíocht chothrom a bheith ag na geallsealbhóirí éagsúla sa Ghrúpa Comhairleach Straitéiseach, agus aird ar leith á tabhairt do ionadaíocht na FBManna, chun go n-áiritheofar ionadaíocht iomchuí na ngeallsealbhóirí in obair an Lárionaid Inniúlachta.

(52) D'fhéadfaí gur ranníocaíochtaí airgeadais nó ranníocaíochtaí comhchineáil a bheadh sna ranníocaíochtaí ó na Ballstáit le hacmhainní an Lárionaid Inniúlachta. Mar shampla, d'fhéadfadh gur deontas a bheadh i ranníocaíochtaí airgeadais den sórt sin, arna thabhairt ag Ballstát do thairbhí sa Bhallstát sin lena gcomhlánaítear tacaíocht airgeadais ón Aontas arna tabhairt do thionscadal faoin gclár oibre bliantúil. Ar an taobh eile, dhéanfaí ranníocaíochtaí comhchineáil de ghnáth i gcás inarb é eintiteas Bhallstáit féin an tairbhí de thacaíocht airgeadais ón Aontas. Mar shampla, dá dtabharfadh an tAontas fóirdheontas do ghníomhaíocht de chuid lárionaid comhordúcháin náisiúnta ag ráta maoinithe 50 %, chuirfí costas eile na gníomhaíochta san áireamh mar ranníocaíocht chomhchineáil. Mar shampla eile, i gcás ina bhfaigheann eintiteas Bhallstáit tacaíocht airgeadais ón Aontas chun bonneagar a chruthú nó a uasghrádú atá le comhroinnt idir geallsealbhóirí i gcomhréir leis an gclár oibre bliantúil, chuirfí na costais neamh-fhóirdheontais lena mbaineann san áireamh mar ranníocaíochtaí comhchineáil.

(53) I gcomhréir le forálacha ábhartha de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 maidir le coinbhleacht leasa, ba cheart a bheith i bhfeidhm ag an Lárionad Inniúlachta rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc, a shainaithint agus a réiteach agus a bhainistiú i ndáil lena chomhaltaí, lena chomhlachtaí agus lena fhoireann, leis an mBord Rialaithe, mar aon leis an nGrúpa Comhairleach Straitéiseach, agus leis an bPobal. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar coinbhleachtaí leasa a bhaineann leis na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin a chosc, a shainaithint agus a réiteach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ba cheart don Lárionad Inniúlachta dlí ábhartha an Aontais a chur i bhfeidhm, ar forálacha iad a bhaineann le rochtain phoiblí ar dhoiciméid mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [9]. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta ag an Lárionad Inniúlachta a bheith faoi réir Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [10]. Ba cheart don Lárionad Inniúlachta cloí le forálacha an Aontais is infheidhme maidir le hinstitiúidí an Aontais, agus leis an dlí náisiúnta maidir le láimhseáil faisnéise, go háirithe láimhseáil faisnéise íogair neamh-rúnaicmithe agus faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais.

(54) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais agus na mBallstát a chosaint trí bhearta comhréireacha ar feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis airgeadais agus riaracháin a ghearradh i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [11] (an "Rialachán Airgeadais").

(55) Ba cheart don Lárionad Inniúlachta oibriú ar dhóigh oscailte thrédhearcach. Ba cheart dó an fhaisnéis ábhartha ar fad a sholáthar go tráthúil, agus ba cheart dó a ghníomhaíochtaí a chur chun cinn, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faisnéise agus scaipthe i measc an phobail i gcoitinne. Ba cheart rialacha nós imeachta Bhord Rialaithe an Lárionaid Inniúlachta agus an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh a chur ar fáil go poiblí.

---

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

([10]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([11]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(56) Ba cheart d'iniúchóir inmheánach an Choimisiúin na cumhachtaí céanna a fheidhmiú i dtaca leis an Lárionad Inniúlachta agus a bheidh á bhfeidhmiú aige i dtaca leis an gCoimisiún.

(57) Ba cheart don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise rochtain a fháil ar an bhfaisnéis riachtanach ar fad agus ar áitreabh an Lárionad Inniúlachta chun iniúchtaí agus imscrúdúcháin a dhéanamh ar na deontais, ar na conarthaí agus ar na comhaontuithe atá sínithe ag an Lárionad Inniúlachta.

(58) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon iomaíochas agus acmhainneachtaí an Aontais a neartú, acmhainneachtaí taighde teicneolaíocha agus tionsclaíocha an Aontais maidir leis an gcibearshlándáil a choimeád agus a fhorbairt, iomaíochas thionscal cibearshlándála an Aontais a fheabhsú agus an chibearshlándáil a iompú ina buntáiste iomaíoch do thionscail eile an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach ina n-aonar de bharr go bhfuil na hacmhainní teoranta atá ann cheana scaipthe agus de bharr scála na hinfheistíochta is gá agus, de bharr go seachnaítear dúbláil gan ghá ar na hiarrachtaí sin, rud a chuidíonn le mais chriticiúil infheistíochta a bhaint amach agus lena n-áirithítear go n-úsáidtear maoiniú poiblí ar an mbealach is fearr, agus lena n-áirithítear go gcuirtear ardleibhéal cibearshlándála chun cinn sna Ballstáit uile, is fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*CAIBIDIL I*

***Forálacha ginearálta agus prionsabail an lárionaid inniúlachta agus an líonra***

*Airteagal 1*

## Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear leis an Rialachán seo an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála ("an Lárionad Inniúlachta") agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin (an "Líonra"). Leagtar síos leis rialacha maidir le lárionaid náisiúnta chomhordúcháin a ainmniú agus rialacha maidir leis an bPobal Inniúlachta Cibearshlándála (an "Pobal") a chur ar bun.

2. Beidh ról bunriachtanach ag an Lárionad Inniúlachta agus an chuid sin den Chlár don Eoraip Dhigiteach a bhaineann le cibearshlándáil á cur chun feidhme agus go háirithe maidir le bearta a bhaineann le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/694, agus rannchuideoidh an Lárionad le cur chun feidhme Fís Eorpach go háirithe maidir le Cuid 3.1.3. de Cholún II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle ([12]).

3. Rannchuideoidh na Ballstáit go comhpháirteach le hobair an Lárionaid Inniúlachta agus an Líonra.

4. Beidh an Rialachán seo gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát i ndáil le slándáil phoiblí, cosaint, slándáil náisiúnta agus gníomhaíochtaí an stáit i réimsí an dlí choiriúil.

*Airteagal 2*

## Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "cibearshlándáil" na gníomhaíochtaí go léir is gá chun córais gréasán agus faisnéise, úsáideoirí na gcóras sin, agus daoine eile dá ndéantar difear a chosaint ar chibearbhagairtí;

(2) ciallaíonn "córas gréasán agus faisnéise" córas gréasán agus faisnéise mar a shainmhínítear é i bpointe (1) d'Airteagal 4 de Threoir (AE) Uimh. 2016/1148;

(3) ciallaíonn "táirgí, seirbhísí agus próisis chibearshlándála" táirgí, seirbhísí nó próisis tráchtála agus neamhthráchtála TFC a bhfuil mar shainchuspóir acu córais gréasán agus faisnéise a chosaint nó rúndacht, sláine agus inrochtaineacht sonraí, a phróiseáiltear nó a stóráiltear i gcórais gréasán agus faisnéise, mar aon le cibearshlándáil úsáideoirí na gcóras sin agus daoine eile a ndéanann cibearbhagairtí difear dóibh, a áirithiú;

(4) ciallaíonn "cibearbhagairt" aon chúinse nó teagmhas a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh, cur isteach ar, nó tionchar díobhálach eile a bheith aige ar chórais gréasán agus faisnéise, ar úsáideoirí na gcóras sin agus ar dhaoine eile lena mbaineann;

([12]) Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme - an Clár réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE (IO L 167 I, 12.5.2021, lch. 1).

(5) ciallaíonn "gníomhaíocht chomhpháirteach" gníomhaíocht a áirítear sa chlár oibre bliantúil agus a fhaigheann tacaíocht airgeadais an Aontais ó Fhís Eorpach, ón gClár don Eoraip Dhigiteach nó ó chláir eile de chuid an Aontais chomh maith le tacaíocht airgeadais nó tacaíocht chomhchineáil ó Bhallstát amháin nó níos mó, agus a chuirtear chun feidhme trí thionscnaimh ina bhfuil tairbhithe atá bunaithe, agus a fhaigheann tacaíocht airgeadais nó tacaíocht chomhchineáil, ó na Ballstáit sin;

(6) ciallaíonn "ranníocaíocht chomhchineáil" na costais incháilithe, arna dtabhú ag lárionaid náisiúnta chomhordúcháin agus ag eintitis phoiblí eile nuair a ghlacann siad páirt i dtionscadail a chistítear tríd an Rialachán seo, i gcás nach maoinítear na costais sin le ranníocaíocht ón Aontas ná le ranníocaíochtaí airgeadais ó na Ballstáit;

(7) ciallaíonn "Mol Nuálaíochta Digití Eorpach" Mol Nuálaíochta Digití Eorpacha mar a shainmhínítear é i bpointe (e) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/694;

(8) ciallaíonn "Clár Oibre" straitéis chuimsitheach inbhuanaithe chibearshlándála maidir le tionsclaíocht, teicneolaíocht agus taighde, ina leagtar amach moltaí straitéiseacha maidir le forbairt agus fás earnáil Eorpach thionsclaíoch, theicneolaíoch agus taighde na cibearshlándála agus tosaíochtaí straitéiseacha do ghníomhaíochtaí an Lárionaid Inniúlachta agus níl an Clár Oibre ceangailteach maidir le cinntí a bheidh le déanamh i ndáil leis na cláir oibre bhliantúla;

(9) ciallaíonn "cúnamh teicniúil" cúnamh a thugann an Lárionad Inniúlachta do na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin nó don Phobal agus a gcúraimí á gcomhlíonadh acu, trí eolas a chur ar fáil nó rochtain ar shaineolas a éascú i réimse an taighde, na teicneolaíochta agus na tionsclaíochta cibearshlándála, líonrú a éascú, feasacht a mhúscailt, agus comhar a chur chun cinn, nó ciallaíonn sé cúnamh a thugann an Lárionad Inniúlachta i gcomhar leis na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin do gheallsealbhóirí, maidir le tionscadail a ullmhú i ndáil le misean an Lárionaid Inniúlachta agus an Líonra agus le cuspóirí an Lárionaid Inniúlachta.

*Airteagal 3*

**Misean an Lárionaid Inniúlachta agus an Líonra**

1. Is é misean an Lárionaid Inniúlachta agus an Líonra cabhrú leis an Aontas na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) a cheannaireacht agus a neamhspleáchas straitéiseach a neartú i réimse na cibearshlándála trí acmhainneachtaí agus cumais taighde, acadúla, sochaíocha, teicneolaíochta agus tionsclaíochta cibearshlándála an Aontais, atá riachtanach chun iontaoibh agus slándáil, a fheabhsú, lena n-áirítear rúndacht, sláine agus inrochtaineacht sonraí, sa Mhargadh Aonair Digiteach;

(b) tacú le hacmhainneachtaí, cumais agus scileanna teicneolaíocha an Aontais i ndáil le hathléimneacht agus iontaofacht bhonneagar na gcóras gréasán agus faisnéise, lena n-áirítear bonneagar criticiúil agus crua-earraí agus bogearraí a úsáidtear go minic san Aontas; agus

(c) feabhas a chur ar iomaíochas domhanda thionscal cibearshlándála an Aontais, ardchaighdeáin chibearshlándála ar fud an Aontais a áirithiú agus buntáiste iomaíoch a dhéanamh as an gcibearshlándáil do thionscail eile an Aontais;

2. Tabharfaidh an Lárionad Inniúlachta agus an Líonra faoina gcúraimí i gcomhar le ENISA agus leis an bPobal, de réir mar is iomchuí.

3. Úsáidfidh an Lárionad Inniúlachta, i gcomhréir leis na gníomhartha reachtaíochta lena mbunaítear na cláir ábhartha, go háirithe Fís Eorpach agus an Clár don Eoraip Dhigiteach, acmhainní airgeadais ábhartha de chuid an Aontais sa chaoi is go rannchuideofar leis an misean a leagtar amach i mír 1.

*Airteagal 4*

**Cuspóirí an Lárionaid Inniúlachta**

1. Is é an cuspóir foriomlán a bheidh ag an Lárionad Inniúlachta taighde, nuálaíocht agus imscaradh i réimse na cibearshlándála a chur chun cinn chun an misean a leagtar amach in Airteagal 3 a chomhlíonadh.

2. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an Lárionad Inniúlachta:

(a) acmhainneachtaí, cumais, eolas agus bonneagar cibearshlándála a fheabhsú chun leasa tionscail, go háirithe FBManna, pobail taighde, an earnáil phoiblí agus an tsochaí shibhialta, de réir mar is iomchuí;

(b) athléimneacht cibearshlándála, glacadh dea-chleachtas cibearshlándála, prionsabal na slándála trí dhearadh, agus deimhniú ar shlándáil táirgí agus seirbhísí digiteacha a chur chun cinn, ar bhealach a chomhlánaíonn iarrachtaí eintitis poiblí;

(c) rannchuidiú le héiceachóras láidir Eorpach cibearshlándála lena dtugtar na geallsealbhóirí ábhartha go léir le chéile.

3. Cuirfidh an Lárionad Inniúlachta na cuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 2 i bhfeidhm trí:

(a) moltaí straitéiseacha a bhunú le haghaidh taighde, nuálaíocht agus imscaradh sa chibearshlándáil i gcomhréir le dlí an Aontais agus tosaíochtaí straitéiseacha a leagan amach le haghaidh ghníomhaíochtaí an Lárionaid Inniúlachta;

(b) gníomhaíochtaí a chur chun feidhme faoi chláir chistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais i gcomhréir leis na cláir oibre ábhartha agus le gníomhartha reachtacha an Aontais lena mbunaítear na cláir chistiúcháin sin de chuid an Aontais;

(c) comhar agus comhordú a chothú i measc na lárionad náisiúnta comhordúcháin agus leis an bPobal agus laistigh de; agus

(d) i gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí, bonneagar agus seirbhísí TFC a fháil agus a oibriú i gcás inar gá chun na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 5 a chomhlíonadh agus i gcomhréir leis na cláir oibre faoi seach a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 5(3).

*Airteagal 5*

**Cúraimí an Lárionaid Inniúlachta**

1. Beidh na cúraimí seo a leanas ag an Lárionad Inniúlachta, chun misean agus cuspóirí an Lárionaid Inniúlachta a chomhlíonadh:

(a) cúraimí straitéiseacha; agus

(b) cúraimí cur chun feidhme.

2. Beidh sna cúraimí straitéiseacha dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1:

(a) forbairt agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chláir Oibre;

(b) tríd an gClár Oibre agus tríd an gclár oibre ilbhliantúil, agus aon dúbláil gníomhaíochtaí le ENISA á seachaint, mar aon le haird á tabhairt ar an ngá atá le sineirgí a chruthú idir an chibearshlándáil agus codanna eile de Fís Eorpach agus den Chlár don Eoraip Dhigiteach:

(i) tosaíochtaí a bhunú d'obair an Lárionaid Inniúlachta maidir leis na nithe seo a leanas:

(1) feabhas a chur ar thaighde agus nuálaíocht chibearshlándála, lena gcumhdaítear an timthriall nuálaíochta ar fad, agus imscaradh an taighde agus na nuálaíochta sin;

(2) acmhainneachtaí, cumais, agus bonneagar tionsclaíochta, teicneolaíochta agus taighde cibearshlándála a fhorbairt;

(3) scileanna agus inniúlachtaí cibearshlándála agus teicneolaíochta a neartú sa tionsclaíocht, sa teicneolaíocht agus sa taighde agus ar gach leibhéal ábhartha oideachais, agus tacú leis an gcothromaíocht inscne;

(4) táirgí, seirbhísí agus próisis chibearshlándála a imscaradh;

(5) tacú le glacadh an mhargaidh le táirgí, seirbhísí agus próisis chibearshlándála a rannchuidíonn leis an misean a leagtar amach in Airteagal 3;

(6) tacú le húdaráis phoiblí arna iarraidh sin dóibh, le tionscail ar thaobh an éilimh agus le húsáideoirí eile táirgí, seirbhísí agus próisis chibearshlándála úrscothacha a ghlacadh agus a chomhtháthú;

(ii) tacú le tionscal na cibearshlándála, go háirithe le FBManna, d'fhonn barr feabhais, acmhainneacht agus iomaíochas an Aontais maidir leis an gcibearshlándáil a neartú, lena n-áirítear d'fhonn nasc a dhéanamh le margaí féideartha agus deiseanna imscartha, agus an infheistíocht a mhealladh; agus

(iii) tacaíocht agus cúnamh teicniúil a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta, do FBManna, do mhicrifhiontair, do chomhlachais, do shaineolaithe aonair agus do thionscadail um theicneolaíocht saoránach i réimse na cibearshlándála;

(c) sineirgí idir institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, go háirithe ENISA, agus comhar leo, a áirithiú, agus aon dúbláil gníomhaíochtaí leis na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí sin de chuid an Aontais á seachaint;

(d) lárionaid náisiúnta chomhordúcháin a chomhordú tríd an Líonra agus malartú rialta saineolais a áirithiú;

(e) comhairle shaineolaíoch tionscail, teicneolaíochta agus taighde cibearshlándála a chur ar fáil do Bhallstát ar iarraidh sin ón mBallstát, lena n-áirítear comhairle maidir le soláthar agus imscaradh teicneolaíochtaí;

(f) comhoibriú agus comhroinnt saineolais a éascú idir na geallsealbhóirí ábhartha uile, go háirithe comhaltaí den Phobal;

(g) freastal ar chomhdhálacha de chuid an Aontais, náisiúnta agus idirnáisiúnta, aontaí agus fóraim a bhaineann le misean, le cuspóirí agus le cúraimí an Lárionaid Inniúlachta d'fhonn tuairimí a roinnt agus dea-chleachtais ábhartha a mhalartú le rannpháirtithe eile;

(h) úsáid torthaí ó thionscadail taighde agus nuálaíochta i ngníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt táirgí, seirbhísí agus próisis chibearshlándála a éascú, agus ag an am céanna ilroinnt agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint agus dea-chleachtais chibearshlándála á macasamhlú mar aon le dea-tháirgí, dea-sheirbhísí agus dea-phróisis chibearshlándála, go háirithe táirgí agus réitigh arna bhforbairt ag FBManna agus táirgí agus réitigh a bhunaítear ar bhogearraí foinse oscailte.

3. Beidh na nithe seo a leanas mar chuid de na cúraimí cur chun feidhme, dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1:

(a) obair an Líonra agus an Phobail a chomhordú agus a riar chun an misean a leagtar amach in Airteagal 3 a chomhlíonadh, ag tacú go háirithe le gnólachtaí nuathionscanta cibearshlándála, FBManna, micrifhiontair, comhlachais agus tionscadail um theicneolaíocht saoránach san Aontas agus an rochtain atá acu ar shaineolas, ar chistiú, ar infheistíocht agus ar mhargaí a éascú;

(b) an clár oibre bliantúil a bhunú agus a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an gClár Oibre agus leis an gclár oibre ilbhliantúil, maidir leis na codanna cibearshlándála díobh seo a leanas:

(i) an Clár don Eoraip Dhigiteach, go háirithe gníomhaíochtaí a bhaineann le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/694;

(ii) gníomhaíochtaí comhpháirteacha a fhaigheann tacaíocht faoi na forálacha a bhaineann le cibearshlándáil i Fís Eorpach, go háirithe maidir le Roinn 3.1.3. de Cholún II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/764, i gcomhréir leis an gclár oibre ilbhliantúil agus leis an bpróiseas pleanála straitéisí Fís Eorpach; agus

(iii) cláir eile nuair a fhoráiltear dóibh sin i ngníomhartha reachtacha ábhartha de chuid an Aontais;

(c) tacaíocht a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, do ghnóthú Chuspóir Sonrach 4, - "Ardscileanna Digiteacha", mar a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/694, i gcomhar le Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha;

(d) comhairle shaineolaíoch maidir le tionsclaíocht, teicneolaíocht agus taighde cibearshlándála a sholáthar don Choimisiún tráth a bheidh dréachtchlár oibre á ullmhú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 13 de Chinneadh (AE) 2021/764;

(e) feidhmiú nó cumasú a dhéanamh ar imscaradh an bhonneagair TFC agus fáil bhonneagair sin a éascú, chun leasa na sochaí, tionscail, agus na hearnála poiblí arna iarraidh sin ag na Ballstáit, ag pobail taighde agus ag oibreoirí seirbhísí ríthábhachtacha, trí bhíthin, *inter alia*, ranníocaíochtaí ó na Ballstáit agus cistiú ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí comhpháirteacha, i gcomhréir leis an gClár Oibre, leis an gclár oibre bliantúil agus leis an gclár oibre ilbhliantúil;

(f) feasacht a mhúscailt maidir le misean an Láronaid Inniúlachta agus an Líonra agus maidir le cuspóirí agus tascanna an Lárionaid Inniúlachta;

(g) gan dochar do chineál sibhialtach na dtionscadal a bheidh le maoiniú ó Fhís Eorpach agus i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2021/695 agus (AE) 2021/694, lena ndéantar na sineirgíochtaí agus an comhordú a fheabhsú idir na gnéithe sibhialtacha agus cosanta den chibearshlándáil, trí:

(i) malartú eolais agus faisnéise a éascú maidir le teicneolaíochtaí agus feidhmeanna dé-úsáide;

(ii) malartú torthaí, riachtanas, agus dea-chleachtas a éascú; agus

(iii) malartú faisnéise a éascú maidir le tosaíochtaí chláir ábhartha an Aontais.

4. Déanfaidh an Lárionad Inniúlachta na tascanna a leagtar amach i mír 1 i ndlúthchomhar leis an Líonra.

5. I gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/694 agus faoi réir comhaontú ranníocaíochta mar a shainmhínítear i bpointe (18) d'Airteagal 2 den Rialachán Airgeadais, féadfar a chur ar iontaoibh an Lárionaid Inniúlachta cur chun feidhme na gcodanna cibearshlándála faoi Fís Eorpach nach bhfuil á gcomhchistiú ag na Ballstáit, go háirithe maidir le Roinn 3.1.3. de Cholún II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/764.

*Airteagal 6*

**Ainmniú na lárionad náisiúnta comhordúcháin**

1. Faoin 29 Nollaig 2021, ainmneoidh gach Ballstát eintiteas amháin a chomhlíonann na critéir a leagtar síos i mír 5 chun gníomhú mar a lárionad náisiúnta comhordúcháin chun críocha an Rialacháin seo. Cuirfidh gach Ballstát an t-eintiteas sin in iúl don Bhord Rialaithe gan mhoill. D'fhéadfadh sé gur eintiteas atá bunaithe sa Bhallstát sin cheana féin a bheadh san eintiteas sin.

Cuirfear síneadh leis an spriocdháta a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo ar feadh na tréimhse ina bhfuil an Coimisiún le tuairim a eisiúint lena linn dá dtagraítear i mír 2.

2. Féadfaidh Ballstát, tráth ar bith, tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún maidir le hacmhainneacht riachtanach an eintitis a d'ainmnigh an Ballstát nó a bheartaíonn an Ballstát a ainmniú chun gníomhú mar lárionad náisiúnta comhordúcháin chun cistí a bhainistiú, chun gur féidir an misean agus na cuspóirí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Eiseoidh an Coimisiún a thuairim don Bhallstát sin laistigh de thrí mhí ó iarraidh an Bhallstáit.

3. Ar bhonn fógra a bheith tugtha ag Ballstát maidir le heintiteas dá dtagraítear i mír 1, liostóidh an Bord Rialaithe an t-eintiteas sin mar lárionad náisiúnta comhordúcháin tráth nach déanaí ná trí mhí i ndiaidh an fhógra. Foilseoidh an Lárionad Inniúlachta liosta na lárionad náisiúnta comhordúcháin ainmnithe.

4. Féadfaidh Ballstát in am ar bith eintiteas nua a ainmniú chun gníomhú mar a lárionad náisiúnta comhordúcháin chun críocha an Rialacháin seo. Beidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 maidir le haon eintiteas nua a ainmniú.

5. Is éard a bheidh sa lárionad náisiúnta comhordúcháin eintiteas earnála poiblí nó eintiteas, i gcás ina bhfuil tromlach den eintiteas sin faoi úinéireacht an Bhallstáit, a dhéanann feidhmeanna riaracháin phoiblí faoi dhlí náisiúnta, lena n-áirítear trí bhíthin tarmligin, agus a bhfuil de chumas aige tacú leis an Lárionad Inniúlachta agus leis an Líonra chun a misean a chomhlíonadh mar a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo. Beidh saineolas taighde agus teicneolaíochta aige i réimse na cibearshlándála nó beidh rochtain aige air. Beidh an acmhainneacht aige teagmháil a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus comhordú a dhéanamh le tionscal, leis an earnáil phoiblí, leis an gcomhphobal acadúil agus taighde agus le saoránaigh, mar aon le húdaráis arna n-ainmniú de bhun Threoir (AE) 2016/1148.

6. Tráth ar bith, féadfaidh na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin a iarraidh go n-aithneofaí go bhfuil an acmhainneacht riachtanach acu cistí a bhainistiú chun an misean agus na cuspóirí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh, i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2021/695 agus (AE) 2021/694. Laistigh de thrí mhí ó iarraidh den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú maidir leis an acmhainneacht sin a bheith ag an Lárionaid Náisiúnta Chomhordúcháin agus eiseoidh sé cinneadh.

I gcás ina dtabharfaidh an Coimisiún tuairim dhearfach do Bhallstát i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i mír 2, measfar gurb ionann an tuairim sin agus tuairim a aithníonn go bhfuil an acmhainneacht is gá ag an eintiteas ábhartha chun críocha na míre seo.

Tráth nach déanaí ná 29 Lúnasa 2021, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Rialaithe, eiseoidh an Coimisiún treoirlínte maidir leis an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír, lena n-áirítear sonrú ar na coinníollacha maidir le haitheantas agus conas a dhéanfar tuairimí agus measúnuithe.

Sula n-eisítear an tuairim dá dtagraítear i mír 2 agus an cinneadh dá dtagraítear sa cheád fhomhír den mhír seo, cuirfidh an Coimisiún san áireamh aon fhaisnéis agus aon doiciméadacht a chuirfidh an lárionad náisiúnta comhordúcháin iarrthach ar fáil.

Maidir le haon chinneadh gan lárionad náisiúnta comhordúcháin a aithint mar lárionad ag a bhfuil an acmhainneacht riachtanach cistí a bhainistiú chun an misean agus cuspóirí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh, beidh an cinneadh sin cuí-réasúnaithe, leagfar amach ann na ceanglais nár chomhlíon an lárionad náisiúnta comhordúcháin iarrthach go fóill, a thugann údar cuí dá chinneadh. Féadfaidh aon lárionad náisiúnta comhordúcháin ar diúltaíodh dá iarraidh ar aitheantas, a iarraidh a chur isteach arís agus faisnéis bhreise ag gabháil leis in uair ar bith.

I gcás ina dtiocfaidh aon athrú ar an lárionad náisiúnta comhordúcháin, amhail comhdhéanamh an lárionaid náisiúnta comhordúcháin, foirm dhlíthiúil an lárionaid náisiúnta comhordúcháin nó gnéithe ábhartha eile, a dhéanann difear dá chumas cistí a bhainistiú chun an misean agus cuspóirí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Ar eolas den sórt sin a fháil, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh aitheantas do lárionad náisiúnta comhordúcháin mar lárionad ag a bhfuil an acmhainneacht riachtanach cistí a bhainistiú a dheonú nó a choimeád siar uaidh dá réir.

7. Is éard a bheidh sa Líonra na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin uile ar thug na Ballstáit fógra ina leith don Bhord Rialaithe.

*Airteagal 7*

**Cúraimí na lárionad náisiúnta comhordúcháin**

1. Beidh ag na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin na cúraimí seo a leanas:

(a) gníomhú mar phointí teagmhála ar an leibhéal náisiúnta don Phobal, chun tacú leis an Lárionad Inniúlachta misean agus cuspóirí an Lárionaid a chomhlíonadh, go háirithe an Pobal a chomhordú trí chomhaltaí an Phobail a chomhordú ina mBallstáit;

(b) saineolas a sholáthar agus rannchuidiú go gníomhach leis na cúraimí straitéiseacha a leagtar amach in Airteagal 5(2), agus dúshláin ábhartha náisiúnta agus réigiúnacha don chibearshlándáil in earnálacha éagsúla á gcur san áireamh;

(c) rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, an tionscail, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, an phobail acadúil agus taighde agus geallsealbhóirí eile ar leibhéal náisiúnta i dtionscadail trasteorann agus i ngníomhaíochtaí cibearshlándála a chistítear le clár ábhartha an Aontais a éascú, a chur chun cinn agus a spreagadh;

(d) Cúnamh teicniúil a sholáthar do gheallsealbhóirí trí thacú leo le linn chur chun feidhme na dtionscadal arna mbainistiú ag an Lárionad Inniúlachta i ndáil le misean agus cuspóirí an Lárionaid, agus i gcomhréir iomlán le rialacha na bainistíochta fónta airgeadais, go háirithe maidir le coinbhleachtaí leasa;

(e) féachaint le sineirgí a bhunú le gníomhaíochtaí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, amhail beartais náisiúnta maidir le taighde, forbairt agus nuálaíocht i réimse na cibearshlándála, go háirithe na beartais sin a luaitear sna straitéisí náisiúnta cibearshlándála;

(f) gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme ar thug an Lárionad Inniúlachta deontais ina leith, lena n-áirítear trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil do thríú páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 204 den Rialachán Airgeadais faoi réir coinníollacha a shonraítear sna comhaontuithe deontais lena mbaineann;

(g) gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát maidir le hoideachas, agus cúraimí ábhartha ENISA á gcur san áireamh, oibriú i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta maidir le rannchuidiú féideartha chun cláir oideachais maidir leis an gcibearshlándáil a chur chun cinn agus a scaipeadh;

(h) na torthaí ábhartha a thiocfaidh as obair an Líonra, an Phobail agus an Lárionaid Inniúlachta ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil a chur chun cinn agus a scaipeadh;

(i) measúnú a dhéanamh ar na iarratais a dhéanann eintitis atá bunaithe sa Bhallstát céanna leis an lárionad náisiúnta comhordúcháin ar a bheith ina gcuid den Phobal;

(j) rannpháirtíocht eintiteas ábhartha sna gníomhaíochtaí a eascraíonn as an Lárionad Inniúlachta, as an Líonra agus as an bPobal a mholadh agus a chur chun cinn, agus faireachán a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar an leibhéal rannpháirteachais le taighde agus forbairtí cibearshlándála agus le himscaradh na cibearshlándála agus ar mhéid na tacaíochta airgeadais poiblí a bronnadh ina leith.

2. Chun críocha phointe (f) de mhír 1 den Airteagal seo, féadfar an tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe a chur ar fáil in aon cheann de na foirmeacha ranníocaíochta ón Aontas a shonraítear in Airteagal 125 den Rialachán Airgeadais, lena n-áirítear i bhfoirm cnapshuimeanna.

3. Ar bhonn cinnidh dá dtagraítear in Airteagal 6(6) den Rialachán seo, féadfaidh lárionaid náisiúnta chomhordúcháin deontas a fháil ón Aontas i gcomhréir le pointe (d) den chéad mhír d'Airteagal 195 den Rialachán Airgeadais maidir leis na cúraimí a leagtar síos san Airteagal seo a dhéanamh.

4. I gcás inarb ábhartha, comhoibreoidh lárionaid náisiúnta chomhordúcháin tríd an Líonra.

*Airteagal 8*

**An Pobal Inniúlachta Cibearshlándála**

1. Rannchuideoidh an Pobal le misean an Lárionaid Inniúlachta agus an Líonra mar a leagtar amach in Airteagal 3 agus feabhsóidh sé, comhroinnfidh sé agus scaipfidh sé saineolas cibearshlándála ar fud an Aontais.

2. Áireofar sa Phobal, eagraíochtaí tionsclaíochta lena n-áirítear FBManna, eagraíochtaí acadúla agus taighde, comhlachais ábhartha eile de chuid na sochaí sibhialta chomh maith, de réir mar is iomchuí, Eagraíochtaí Eorpacha ábhartha um Chaighdeánú, eintitis phoiblí agus eintitis eile a bhíonn ag déileáil le hábhair oibríochtúla agus theicniúla na cibearshlándála agus, i gcás inarb ábhartha, geallsealbhóirí in earnálacha a bhfuil leas acu sa chibearshlándáil agus a bhfuil dúshláin chibearshlándála le sárú acu. Tabharfaidh an Pobal le chéile na príomh-gheallsealbhóirí i dtaca le hacmhainneachtaí teicneolaíocha, tionsclaíocha, acadúla agus taighde na cibearshlándála san Aontas. Beidh lárionaid náisiúnta chomhordúcháin, Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha, nuair is ábhartha, mar aon le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, a bhfuil saineolas ábhartha acu, amhail ENISA, rannpháirteach ann.

3. Ní fhéadfar ach eintitis atá bunaithe laistigh de na Ballstáit a chlárú mar chomhaltaí den Phobal. Léireoidh siad go bhfuil siad in ann rannchuidiú leis an misean agus beidh saineolas cibearshlándála acu maidir le fearann amháin ar a laghad díobh seo a leanas:

(a) an saol acadúil, taighde nó nuálaíocht;

(b) forbairt thionsclaíoch nó táirgí;

(c) oiliúint agus oideachas;

(d) oibríochtaí slándála faisnéise nó oibríochtaí freagartha ar theagmhais;

(e) eitic;

(f) caighdeánú foirmiúil agus teicniúil agus sonraíochtaí foirmiúla agus teicniúla.

4. Cláróidh an Lárionad Inniúlachta eintitis, ar a iarraidh sin dóibh, mar chomhaltaí den Phobal tar éis do lárionad náisiúnta comhordúcháin an Bhallstáit ina bhfuil an t-eintiteas bunaithe a mheasúnú chun a dheimhniú go gcomhlíonann na heintitis sin na critéir a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú sin freisin aon mheasúnú náisiúnta ábhartha ar fhorais slándála a dhéanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta. Ní chuirfear teorainn ama le clárú den sórt sin ach féadfaidh an Lárionad Inniúlachta é a tharraingt siar aon tráth má mheasann an lárionad náisiúnta comhordúcháin ábhartha nach gcomhlíonann an t-eintiteas lena mbaineann na critéir a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo a thuilleadh nó má thagann sé faoi Airteagal 136 den Rialachán Airgeadais, nó ar fhorais slándála a bhfuil bonn cirt leo. I gcás ina gcúlghairfear comhaltas Comhphobail ar fhorais slándála, beidh an cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh comhréireach agus réasúnaithe. Beidh sé mar aidhm ag lárionaid náisiúnta chomhordúcháin ionadaíocht chothrom ar gheallsealbhóirí sa Chomhphobal a bhaint amach, agus rannpháirtíocht, rannpháirtíocht ó FBManna go háirithe, a spreagadh go gníomhach.

5. Tabharfar gach ugach do na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin comhoibriú tríd an Líonra chun comhchuibhiú a dhéanamh ar an mbealach a gcuireann siad i bhfeidhm na critéir a leagtar amach i mír 3 agus ar na nósanna imeachta chun eintitis dá dtagraítear i mír 4 a mheasúnú agus a chlárú.

6. Cláróidh an Lárionad Inniúlachta institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais mar chomhaltaí den Phobal tar éis dó measúnú a dhéanamh le deimhniú go gcomhlíonann an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht sin de chuid an Aontais na critéir a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo. Ní chuirfear teorainn ama le clárú den sórt sin ach féadfaidh an Lárionad Inniúlachta é a tharraingt siar aon tráth má mheasann sé nach gcomhlíonann institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht an Aontais na critéir a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo a thuilleadh nó má chumhdaítear é faoi Airteagal 136 den Rialachán Airgeadais.

7. Féadfaidh ionadaithe institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais páirt a ghlacadh in obair an Phobail.

8. Ainmneoidh eintiteas atá cláraithe mar chomhalta den Phobal a ionadaithe féin chun idirphlé éifeachtúil a áirithiú. Beidh saineolas ag na hionadaithe sin maidir le taighde, teicneolaíocht nó tionsclaíocht na cibearshlándála. Féadfaidh an Bord Rialaithe na ceanglais a shonrú a thuilleadh, gan teorannú míchuí a dhéanamh ar na heintitis agus a n-ionadaithe á n-ainmniú acu.

9. Tríd a chuid meithleacha agus go háirithe tríd an nGrúpa Comhairleach Straitéiseach, cuirfidh an Pobal comhairle straitéiseach ar fáil don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus don Bhord Rialaithe le comhairle maidir leis an gClár Oibre, maidir leis an gclár oibre bliantúil agus maidir leis an gclár oibre ilbhliantúil, i gcomhréir le rialacha nós imeachta an Bhoird Rialaithe.

*Airteagal 9*

**Cúraimí chomhaltaí an Phobail**

Déanfaidh comhaltaí an Phobail an méid seo a leanas:

(a) tacaíocht a thabhairt don Lárionad Inniúlachta an misean agus cuspóirí an Lárionaid a chomhlíonadh agus, chun na críche sin, oibreoidh siad go dlúth leis an Lárionad Inniúlachta agus leis na lárionaid chomhordúcháin náisiúnta;

(b) i gcás inarb ábhartha, a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí foirmiúla nó neamhfhoirmiúla agus sna grúpaí oibre dá dtagraítear i bpointe (n) d'Airteagal 13(3) chun gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh mar a fhoráiltear leis an gclár oibre bliantúil; agus

(c) i gcás inarb ábhartha, tacú leis an Lárionad Inniúlachta agus leis na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin tionscadail shonracha a chur chun cinn.

*Airteagal 10*

**Comhar idir an Lárionad Inniúlachta agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta**

1. Chun an chomhsheasmhacht agus an chomhlántacht a áirithiú, agus aon dúbláil iarrachtaí á seachaint, oibreoidh an Lárionad Inniúlachta i gcomhar le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, lena n-áirítear ENISA, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, Ard-Stiúrthóireacht Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú arna mbunú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún ([13]), Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha ábhartha, Ionad Cibearchoireachta na hEorpa i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí arna bhunú le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]), an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint i dtaca leis na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán seo agus eintitis ábhartha eile de chuid an Aontais. Féadfaidh an Lárionad Inniúlachta comhoibriú freisin le heagraíochtaí idirnáisiúnta, i gcás inarb ábhartha.

2. Féadfar an comhar dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dhéanamh faoi chuimsiú socruithe oibre. Beidh na socruithe sin faoi réir a bhformheasta ag an mBord Rialaithe. Déanfar aon fhaisnéis rúnaicmithe a chomhroinnt faoi chuimsiú socruithe riaracháin arna dtabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 36(3).

*CAIBIDIL II*

***Eagrú an lárionaid inniúlachta***

*Airteagal 11*

**Comhaltas agus struchtúr**

1. Is iad an tAontas, a mbeidh an Coimisiún ina ionadaí dó, agus na Ballstáit a bheidh ina gcomhaltaí den Lárionad Inniúlachta.

2. Le struchtúr an Lárionaid Inniúlachta, áiritheofar go mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 agus na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 5, agus is éard a bheidh ann:

(a) Bord Rialaithe;

(b) Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

(c) Grúpa Comhairleach Straitéiseach.

([13]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

([14]) Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 11 Bealtaine 2016, maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

## Roinn i

## Bord rialaithe

*Airteagal 12*

**Comhdhéanamh an Bhoird Rialaithe**

1. Ionadaí amháin ó gach Ballstát agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún, a ghníomhaíonn thar ceann an Aontais, a bheidh ar an mBord Rialaithe.

2. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord Rialaithe. Déanfaidh an comhalta malartach sin ionadaíocht don chomhalta nuair a bheidh an comhalta as láthair.

3. Maidir le comhaltaí an Bhoird Rialaithe arna gceapadh ag na Ballstáit agus a gcomhaltaí malartacha, is baill foirne in earnáil phoiblí a mBallstáit faoi seach a bheidh iontu, agus déanfar iad a cheapadh ar bhonn a gcuid eolais i réimse an taighde, na teicneolaíochta agus na tionsclaíochta cibearshlándála, an ábaltacht atá acu comhordú gníomhaíochtaí agus seasaimh a áirithiú lena lárionad náisiúnta comhordúcháin faoi seach, nó a gcuid scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha. Ceapfaidh an Coimisiún a gcomhaltaí ar an mBord Rialaithe agus a gcomhaltaí malartacha ar bhonn a gcuid eolais i réimse na cibearshlándála, na teicneolaíochta, nó a gcuid scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha, chomh maith lena n-ábaltacht comhordú, sineirgí agus, a mhéid is féidir, tionscnaimh chomhpháirteacha a áirithiú idir beartais earnála agus chothrománacha éagsúla de chuid an Aontais a bhfuil baint acu leis an gcibearshlándáil. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit iarrachtaí ráta athraithe a gcuid ionadaithe ar an mBord Rialaithe a theorannú chun leanúnachas in obair an Boird Rialaithe a áirithiú. Cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit rompu ionadaíocht chothromaithe a bhaint amach idir fhir agus mhná ar an mBord Rialaithe.

4. Ceithre bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an bhoird rialaithe agus a gcomhaltaí malartacha. Beidh an téarma sin in-athnuaite.

5. Áiritheoidh comhaltaí an Bhoird Rialaithe ar bhealach neamhspleách trédhearcach go ndéanfar misean, spriocanna, céannacht agus uathriail an Lárionaid Inniúlachta a chosaint agus go bhfuil a ghníomhaíochtaí comhsheasmhach leis an misean agus leis na cuspóirí sin.

6. Féadfaidh an Bord Rialaithe cuireadh a thabhairt do bhreathnóirí páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Bhoird Rialaithe de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear ionadaithe institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, agus comhaltaí an Phobail.

7. Beidh ionadaí ó ENISA ina bhreathnóir buan ar an mBord Rialaithe. Féadfaidh an Bord Rialaithe cuireadh a thabhairt d'ionadaí ón nGrúpa Comhairleach Straitéiseach chun freastal ar a chruinnithe.

8. Glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i gcruinnithe an Bhoird Rialaithe ach ní bheidh cearta vótála aige.

*Airteagal 13*

**Cúraimí an Bhoird Rialaithe**

1. Is ar an mBord Rialaithe a bheidh an fhreagracht fhoriomlán as treoshuíomh straitéiseach agus oibríochtaí an Lárionaid Inniúlachta, déanfaidh sé maoirseacht ar chur chun feidhme a ghníomhaíochtaí agus beidh sé freagrach as aon chúram nach sanntar go sonrach don Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

2. Glacfaidh an Bord Rialaithe a rialacha nós imeachta. Sna rialacha nós imeachta sin, beidh nósanna imeachta sonracha chun coinbhleachtaí leasa a shainaithint agus a sheachaint agus áiritheoidh siad rúndacht aon fhaisnéise atá íogair.

3. Déanfaidh an Bord Rialaithe cinntí straitéiseacha is gá, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an Clár Oibre a fhorbairt agus a ghlacadh agus faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme;

(b) i gcomhréir le tosaíochtaí beartais an Aontais agus an Clár Oibre, an clár oibre ilbhliantúil a ghlacadh ina mbeidh na tosaíochtaí comhchoiteanna, tionsclaíochta, teicneolaíochta agus taighde atá bunaithe ar na riachtanais arna sainaithint ag na Ballstáit i gcomhar leis an bPobal agus a éilíonn fócas thacaíocht airgeadais an Aontais, lena n-áirítear príomhtheicneolaíochtaí agus príomhfhearainn chun cumais dhílse an Aontais sa chibearshlándáil a fhorbairt;

(c) an clár oibre bliantúil a ghlacadh chun cistí ábhartha an Aontais a chur chun feidhme, go háirithe codanna cibearshlándála Fís Eorpach a mhéid atá siad á gcómhaoiniú go deonach ag na Ballstáit agus codanna cibearshlándála an Chláir don Eoraip Dhigiteach, i gcomhréir le clár oibre ilbhliantúil an Lárionaid Inniúlachta agus próiseas pleanála straitéisí Fís Eorpach;

(d) cuntais bhliantúla, clár comhardaithe agus tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Lárionaid Inniúlachta a ghlacadh, ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

(e) rialacha sonracha airgeadais an Lárionaid Inniúlachta a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 den Rialachán Airgeadais;

(f) mar chuid den chlár oibre bliantúil, cistí a leithdháileadh ó bhuiséad an Aontais ar thopaicí i leith gníomhaíochtaí comhpháirteacha idir an tAontas agus na Ballstáit;

(g) mar chuid den chlár oibre bliantúil, agus i gcomhréir leis na cinntí dá dtagraítear i bpointe (f) den fhomhír seo, agus i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2021/695 agus (AE) 2021/694, cur síos ar na gníomhaíochtaí comhpháirteacha dá dtagraítear i bpointe (f) den fhomhír seo agus coinníollacha maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha sin a leagan síos;

(h) nós imeachta a ghlacadh chun an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh agus é nó í a cheapadh, a bhriseadh as a phost nó as a post, síneadh a chur lena théarma oifige nó lena téarma oifige, treoir a thabhairt dó nó di agus faireachán a dhéanamh ar a fheidhmíocht nó a feidhmíocht;

(i) treoirlínte a ghlacadh chun measúnú a dhéanamh ar eintitis agus iad a chlárú mar chomhaltaí den Phobal;

(j) na socruithe oibre dá dtagraítear in Airteagal 10(2) a ghlacadh;

(k) an t-Oifigeach Cuntasaíochta a cheapadh;

(l) buiséad bliantúil an Lárionaid Inniúlachta a ghlacadh, lena n-áirítear an plean bunaíochta comhfhreagrach lena léirítear líon na bpost sealadach de réir grúpa feidhme agus gráid, le líon na mball foirne ar conradh agus na saineolaithe náisiúnta ar iasacht arna sloinneadh in aonaid de choibhéis lánaimseartha;

(m) rialacha trédhearcachta a ghlacadh don Lárionad Inniúlachta agus rialacha chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear i ndáil le comhaltaí an Bhoird Rialaithe, i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715;

(n) meithleacha a bhunú laistigh den Phobal, agus i gcás inarb ábhartha an chomhairle arna cur ar fáil ag an nGrúpa Comhairleach Straitéiseach á cur san áireamh;

(o) comhaltaí an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh a cheapadh;

(p) rialacha a ghlacadh maidir le haisíoc speansas le haghaidh chomhaltaí an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh;

(q) sásra faireacháin a chur ar bun chun a áirithiú go ndéanfar cur chun feidhme na gcistí faoi seach arna mbainistiú ag an Lárionad Inniúlachta i gcomhréir leis an gClár Oibre, leis an misean, leis an gclár oibre ilbhliantúil agus le rialacha na gclár arb iad foinse chistiúcháin ábhartha iad;

(r) idirphlé rialta a áirithiú agus sásra comhair éifeachtach a bhunú leis an bPobal;

(s) beartas cumarsáide an Lárionaid Inniúlachta a bhunú ar bhonn moladh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

(t) i gcás inarb iomchuí, rialacha a bhunú lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle [15] ("Rialacháin Foirne" agus "Coinníollacha Fostaíochta") i gcomhréir le hAirteagal 30(3) den Rialachán seo;

(u) i gcás inarb iomchuí, rialacha a leagan síos maidir le saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht don Lárionad Inniúlachta agus maidir le húsáid oiliúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 31(2);

(v) rialacha slándála maidir leis an Lárionad Inniúlachta a ghlacadh;

(w) straitéis frithchalaoise agus frithéillithe a ghlacadh atá comhréireach leis na rioscaí calaoise agus éillithe, chomh maith le bearta cuimsitheacha a ghlacadh, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais is infheidhme, chun daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais a chosaint, ag féachaint d'anailís costais is tairbhe na mbeart atá le cur chun feidhme;

(x) más gá, an mhodheolaíocht a ghlacadh chun ranníocaíochtaí deonacha airgeadais agus ranníocaíochtaí comhchineáil ó na Ballstáit is ranníocóirí a ríomh i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2021/695 agus (AE) 2021/694 nó le haon reachtaíocht eile is infheidhme;

[15] IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

(y) i gcomhthéacs an chláir oibre bhliantúil agus an clár oibre ilbhliantúil a chinneadh, comhleanúnachas agus sineirgí a áirithiú leis na codanna sin den Chlár don Eoraip Dhigiteach agus de Fís Eorpach nach bhfuil á mbainistiú ag an Lárionad Inniúlachta, chomh maith le cláir eile de chuid an Aontais;

(z) an tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme spriocanna agus thosaíochtaí straitéiseacha an Lárionaid Inniúlachta a ghlacadh, agus, más gá, moladh a dhéanamh, le go mbainfí amach na spriocanna agus na tosaíochtaí sin ar bhealach níos fearr.

A mhéid a bheidh gníomhaíochtaí comhpháirteacha sa chlár oibre bliantúil, beidh faisnéis ann faoi ranníocaíochtaí deonacha na mBallstát le gníomhaíochtaí comhpháirteacha. I gcás inarb iomchuí, le tograí, go háirithe leis an togra maidir leis an gclár oibre bliantúil, déanfar measúnú ar an ngá le rialacha slándála a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach in Airteagal 33 den Rialachán seo, lena n-áirítear an nós imeachta féinmheasúnaithe slándála i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/695.

4. Maidir leis na cinntí a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 3, cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an Bord Rialaithe san áireamh aon chomhairle agus aon ionchur straitéiseach ábhartha a chuirfidh ENISA ar fáil, i gcomhréir le rialacha nós imeachta an Bhoird Rialaithe.

5. Beidh an Bord Rialaithe freagrach as a áirithiú go ndéanfar obair leantach leordhóthanach ar na moltaí atá sa tuarascáil cur chun feidhme agus sa mheastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 38(2) agus (4).

*Airteagal 14*

**Cathaoirleach agus cruinnithe an Bhoird Rialaithe**

1. Toghfaidh an Bord Rialaithe Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach go ceann tréimhse trí bliana as measc a chomhaltaí. Féadfar síneadh a chur le sainordú an Chathaoirligh agus an Leaschathaoirligh aon uair amháin, trí chinneadh ón mBord Rialaithe. Más rud é, áfach, go dtiocfaidh deireadh le comhaltas an Chathaoirligh nó an Leaschathaoirligh ar an mBord Rialaithe tráth ar bith le linn a dtéarmaí oifige, rachaidh a dtéarmaí oifige in éag go huathoibríoch ag an am sin. Glacfaidh an Leaschathaoirleach ionad an Chathaoirligh *ex officio* mura mbeidh an Cathaoirleach in ann a chuid nó a cuid dualgas a chomhlíonadh. Glacfaidh an Cathaoirleach páirt sa vótáil.

2. Tionólfaidh an Bord Rialaithe a ghnáthchruinnithe trí huaire sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh sé cruinnithe urghnácha a thionól, arna iarraidh sin don Choimisiún, arna iarraidh sin d'aon trian dá chomhaltaí, arna iarraidh sin don Chathaoirleach, nó arna iarraidh sin don Stiúrthóir Feidhmiúcháin i gcomhlíonadh a chuid nó a cuid cúraimí.

3. Mura gcinnfidh an Bord Rialaithe a mhalairt, glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin páirt i bplé an Bhoird Rialaithe ach ní bheidh ceart vótála aige nó aici.

4. Féadfaidh an Bord Rialaithe cuireadh a thabhairt do dhaoine eile freastal ar a chruinnithe mar bhreathnóirí, ar bhonn gach cáis faoi leith.

5. Féadfaidh an Cathaoirleach cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ón bPobal a bheith rannpháirteach i gcruinnithe den Bhord Rialaithe, ach ní bheidh ceart vótála acu.

6. Féadfaidh comhairleoirí nó saineolaithe a bheith de chúnamh ag comhaltaí an Bhoird Rialaithe nó ag a gcomhaltaí malartacha ag na cruinnithe, faoi réir rialacha nós imeachta an Bhoird Rialaithe.

7. Is é an Lárionad Inniúlachta a chuirfidh rúnaíocht ar fáil don Bhord Rialaithe.

*Airteagal 15*

**Rialacha vótála an Bhoird Rialaithe**

1. Bainfidh an Bord Rialaithe leas as cur chuige comhthoiliúil ina phléití. Caithfear vóta má mhainníonn comhaltaí an Bhoird Rialaithe teacht ar chomhthoil.

2. I gcás ina mainníonn an Bord teacht ar chomhthoil faoi ábhar, déanfaidh sé a chuid cinntí le tromlach 75 % de na vótaí dá chuid comhaltaí ar fad ar a laghad, agus ionadaithe an Choimisiúin á n-áireamh mar aon chomhalta amháin chun na críche sin. Féadfaidh comhalta den bhord rialaithe nach mbeidh i láthair a vóta a tharmligean chuig a c(h)omhalta malartach nó, murab ann don chomhalta malartach sin, chuig comhalta eile. Ní dhéanfaidh aon chomhalta den Bhord Rialaithe ionadaíocht do níos mó ná comhalta amháin eile.

3. Déanfar cinntí an Bhoird Rialaithe maidir leis na gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus a mbainistíocht dá dtagraítear i bpointí (f) agus (g) d'Airteagal 13(3) mar a leanas:

(a) déanfar cinntí chun cistí ó bhuiséad an Aontais a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha amhail dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 13(3) agus cinntí chun go n-áireofar gníomhaíochtaí comhpháirteacha den sórt sin sa chlár oibre bliantúil i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo;

(b) déanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha agus an Coimisiún cinntí a bhaineann leis an tuairisc ar na gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus lena leagtar síos coinníollacha maidir lena gcur chun feidhme dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 13(3) faoi réir cearta vótála na gcomhaltaí a bheith comhréireach lena rannchuidithe faoi seach leis an ngníomhaíocht chomhpháirteach sin, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a ghlactar de bhun phointe (x) d'Airteagal 13(3).

4. Maidir le cinntí a dhéantar faoi phointí (b), (c), (d), (e), (f), (k), (l), (p), (q), (t), (u), (w), (x) agus (y) d'Airteagal 13(3), beidh 26 % de na vótaí iomlána laistigh den Bhord Rialaithe ag an gCoimisiún.

5. Maidir le cinntí seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3 agus i mír 4, beidh aon vóta amháin ag gach Ballstát agus ag an Aontas. Is iad beirt ionadaithe an Choimisiúin a chaithfidh vóta an Aontais i gcomhar lena chéile.

6. Glacfaidh an Cathaoirleach páirt sa vótáil.

## Roinn ii

## **Stiúrthóir feidhmiúcháin**

*Airteagal 16*

### **An Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh, a bhriseadh agus síneadh a chur lena théarma oifige nó lena téarma oifige**

1. Duine a bheidh sa Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bhfuil saineolas aige nó aici agus ardcháil air nó uirthi sna réimsí ina bhfeidhmíonn an Lárionad Inniúlachta.

2. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin fostaithe mar ghníomhaire sealadach ag an Lárionad Inniúlachta faoi phointe (a) d'Airteagal 2 de na Coinníollacha Fostaíochta.

3. Is é an Bord Rialaithe a cheapfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ó liosta iarrthóirí a mholfaidh an Coimisiún tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte atá trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

4. Ar mhaithe le conradh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a thabhairt i gcrích, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe ionadaíocht don Lárionad Inniúlachta.

5. Ceithre bliana a mhairfidh téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Roimh dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ina gcuirfear san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus ar na cúraimí agus dúshláin a bheidh ag an Lárionad Inniúlachta amach anseo.

6. Féadfaidh an Bord Rialaithe, ag gníomhú dó arna mholadh sin don Choimisiún ina gcuirtear san áireamh an measúnú dá dtagraítear i mír 5, síneadh amháin a chur le tréimhse oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ar feadh tréimhse nach faide ná ceithre bliana.

7. Ní bheidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bhfuil síneadh curtha lena théarma oifige nó lena téarma oifige rannpháirteach in aon nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna.

8. Ní chuirfear an Stiúrthóir Feidhmiúcháin as oifig ach amháin ar chinneadh ón mBord Rialaithe ag gníomhú dó arna mholadh sin don Choimisiún nó ó 50 % de na Ballstáit ar a laghad.

*Airteagal 17*

### **Cúraimí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin**

1. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as oibríochtaí agus as an Lárionad Inniúlachta a bhainistiú ó lá go lá agus is é nó í a bheidh ina ionadaí dlíthiúil nó a hionadaí dlíthiúil ar an Lárionad. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach don Bhord Rialaithe agus comhlíonfaidh an té sin a chuid dualgas nó a cuid dualgas ar shlí atá go hiomlán neamhspleách faoi réir na gcumhachtaí a shannfar dó nó di. Tacóidh foireann an Lárionaid Inniúlachta leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

2. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na cúraimí seo a leanas ar a laghad, ar bhealach neamhspleách:

(a) na cinntí a ghlacann an Bord Rialaithe a chur chun feidhme;

(b) tacaíocht a thabhairt don Bhord Rialaithe ina chuid oibre, an rúnaíocht a chur ar fáil dá chruinnithe agus gach faisnéis is gá a sholáthar chun go bhféadfaidh sé a dhualgais a chomhlíonadh;

(c) tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Rialaithe agus leis an gCoimisiún, agus ionchur na lárionad náisiúnta comhordúcháin agus an Phobail á gcur san áireamh, an Clár Oibre a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Rialaithe lena ghlacadh, mar aon le, i gcomhréir leis an gClár Oibre, dréachtchlár oibre bliantúil agus dréachtchlár oibre ilbhliantúil an Lárionaid Inniúlachta, lena n-áirítear raon feidhme na nglaonna ar thograí, na nglaonna ar léiriú spéise agus na nglaonna ar thairiscintí is gá chun an clár oibre bliantúil a chur chun feidhme, agus na meastacháin chomhfhreagracha ar chaiteachas arna moladh ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún;

(d) an dréachtbhuiséad bliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Rialaithe lena ghlacadh, lena n-áirítear an plean bunaíochta comhfhreagrach dá dtagraítear i bpointe (l) d'Airteagal 13(3), lena léirítear líon na bpost sealadach i ngach grád agus i ngach grúpa feidhme agus líon na mball foirne ar chonradh agus líon na saineolaithe náisiúnta ar iasacht arna sloinneadh in aonaid de choibhéis lánaimseartha;

(e) an clár oibre bliantúil agus an clár oibre ilbhliantúil a chur chun feidhme agus tuairisciú don Bhord Rialaithe i ndáil leo;

(f) an dréacht-tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Lárionaid Inniúlachta a ullmhú, lena n-áirítear an fhaisnéis maidir le caiteachas comhfhreagrach agus cur chun feidhme an Chláir Oibre agus an chláir oibre ilbhliantúil; beidh tograí ag gabháil leis an tuarascáil sin más gá, chun an cur i gcrích a fheabhsú tuilleadh do nó na spriocanna agus na tosaíochtaí straitéiseacha a athfhoirmliú;

(g) a áirithiú go gcuirfear nósanna imeachta éifeachtúla faireacháin agus meastóireachta maidir le feidhmiú an Lárionaid Inniúlachta chun feidhme;

(h) plean gníomhaíochta a ullmhú lena ndéanfaí obair leantach ar na conclúidí atá sa tuarascáil cur chun feidhme agus sa mheastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 38(2) agus (4) agus, gach dhá bhliain, tuarascálacha ar an dul chun cinn a thíolacadh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gCoimisiún;

(i) comhaontuithe leis na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin a ullmhú agus a thabhairt i gcrích;

(j) a bheith freagrach as ábhair riaracháin, airgeadais agus foirne, lena n-áirítear buiséad an Lárionaid Inniúlachta a chur chun feidhme, agus comhairle ón bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ábhartha á cur san áireamh mar is iomchuí, i gcomhréir leis na cinntí dá dtagraítear i bpointí (e), (l), (t), (u), (v) agus (w) d'Airteagal 13(3);

(k) seoladh glaonna ar thograí a fhormheas agus a bhainistiú, i gcomhréir leis an gclár oibre bliantúil, agus na comhaontuithe agus na cinntí deontais a thiocfaidh as a riar;

(l) an liosta gníomhaíochtaí a fhormheas arna roghnú lena gcistiú ar bhonn ord fiúntais arna bhunú ag painéal saineolaithe neamhspleácha;

(m) seoladh glaonna ar thairiscintí a fhormheas agus a bhainistiú, i gcomhréir leis an gclár oibre bliantúil, agus na conarthaí a thiocfaidh as a riar;

(n) na tairiscintí a roghnófar lena gcistiú a fhormheas;

(o) na dréachtchuntais bhliantúla agus an dréachtchlár comhardaithe bliantúil a chur faoi bhráid na feidhme iniúchóireachta inmheánaí ábhartha agus, tar éis sin, faoi bhráid an Bhoird Rialaithe,

(p) a áirithiú go ndéanfar riosca a mheasúnú agus a bhainistiú;

(q) comhaontuithe, cinntí agus conarthaí deontais aonair a shíniú;

(r) conarthaí soláthair a shíniú;

(s) plean gníomhaíochta a ullmhú lena ndéanfar obair leantach ar chonclúidí na dtuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí nó seachtraí agus, lena chois sin, ar imscrúduithe de chuid na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) arna bunú le Cinneadh 1999/352/CE, CEGC, Euratom ón gCoimisiún ([16]) agus tuairisciú don Choimisiún dhá uair sa bhliain agus don Bhord Rialaithe ar bhonn rialta maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh;

(t) na dréachtrialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an Lárionad Inniúlachta a ullmhú;

(u) córas rialaithe inmheánaigh atá éifeachtach agus éifeachtúil a bhunú agus feidhmiú an chórais sin a áirithiú agus, ina theannta sin, tuairisc a thabhairt don Bhord Rialaithe maidir le haon athrú suntasach air;

([16]) Cinneadh 1999/352/CE, CEGC, Euratom ón gCoimisiún an 28 Aibreán 1999 ag bunú na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) (IO L 136, 31.5.1999, lch. 20).

(v) cumarsáid éifeachtach le hinstitiúidí an Aontais a áirithiú agus tuairisciú, i gcás ina iarrtar sin, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle;

(w) aon bhearta eile is gá a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Lárionaid Inniúlachta ó thaobh misin agus cuspóirí an Lárionaid de;

(x) aon chúraimí eile a iarrfaidh an Bord Rialaithe air nó uirthi a dhéanamh nó a tharmligfidh an Bord Rialaithe dó nó di.

## Roinn iii

## Grúpa comhairleach straitéiseach

*Airteagal 18*

### Comhdhéanamh an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh

1. Ní bheidh níos mó ná 20 comhalta sa Ghrúpa Comhairleach Straitéiseach. Is é an Bord Rialaithe a cheapfaidh na comhaltaí, ag gníomhú dó ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin as measc ionadaithe bhaill an Phobail, seachas ionadaithe comhlachtaí, institiúidí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais. Ní bheidh ach ionadaithe na mbaill nach bhfuil á rialú ag tríú tír nó ag eintiteas atá bunaithe i dtríú tír incháilithe. Déanfar an ceapachán i gcomhréir le nós imeachta oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Le comhdhéanamh an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh beidh sé d'aidhm ag an mBord Rialaithe go ndéanfar ionadaíocht chothromúil ar an bPobal idir eintitis eolaíochta, thionsclaíocha agus na sochaí sibhialta, tionscail ar thaobh an éilimh agus an tsoláthair, fiontair mhóra agus FBManna, chomh maith le hionadaíocht chothrom i dtéarmaí tionscnamh geografach agus inscne. Beidh sé mar aidhm aige chomh maith cothromaíocht in-earnála a bhaint amach, ag féachaint do chomhtháthú an Aontais agus na mBallstát uile i réimse an taighde, an tionscail agus na teicneolaíochta cibearshlándála. Beidh an Grúpa Comhairleach Straitéiseach comhdhéanta i gcaoi go mbeidh idirphlé cuimsitheach, leanúnach agus buan idir an Pobal agus an Lárionad Inniúlachta.

2. Beidh ag comhaltaí an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh saineolas maidir le taighde ar an gcibearshlándáil, sin nó forbairt thionsclaíoch, nó seirbhísí gairmiúla nó táirgí a thairiscint, a chur chun feidhme nó a imscaradh. Déanfaidh an Bord Rialaithe na ceanglais maidir le saineolas den sórt sin a shonrú a thuilleadh.

3. Déanfar na nósanna imeachta maidir le comhaltaí an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh a cheapadh ag an mBord Rialaithe é féin agus oibriú an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh a shonrú i rialacha nós imeachta an Bhoird Rialaithe agus cuirfear ar fáil don phobal iad.

4. Dhá bhliain a bheidh i dtéarmaí oifige chomhaltaí an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh. Beidh na téarmaí sin inathnuaite aon uair amháin.

5. Féadfaidh an Grúpa Comhairleach Straitéiseach cuireadh a thabhairt d'ionadaithe an Choimisiúin agus d'ionadaithe institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, go háirithe ENISA, a bheith rannpháirteach ina chuid oibre agus tacú leo. Féadfaidh an Grúpa Comhairleach Straitéiseach cuireadh a thabhairt d'ionadaithe breise ón bPobal ina gcáil mar bhreathnóirí, mar chomhairleoirí, nó mar shaineolaithe, de réir mar is iomchuí, ar bhonn cás ar chás, chun dinimic forbairtí i réimse na cibearshlándála a chur san áireamh. Féadfaidh comhaltaí an Bhoird Rialaithe a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcruinnithe an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh.

*Airteagal 19*

### Feidhmiú an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh

1. Tiocfaidh an Grúpa Comhairleach Straitéiseach le chéile trí huaire sa bhliain ar a laghad.

2. Tabharfaidh an Grúpa Comhairleach Straitéiseach comhairle don Bhord Rialaithe maidir le meithleacha a chur ar bun laistigh den Phobal, i gcomhréir le pointe (n) d'Airteagal 13(3) maidir le saincheisteanna sonracha is ábhartha d'obair an Lárionaid Inniúlachta, aon uair a bhaineann na saincheisteanna sin go díreach leis na cúraimí agus na réimsí inniúlachta a leagtar amach in Airteagal 20. I gcás inar gá, beidh meithleacha den sórt sin faoi réir chomhordú foriomlán comhalta amháin nó níos mó den Ghrúpa Comhairleach Straitéiseach.

3. Toghfaidh an Grúpa Comhairleach Straitéiseach a Chathaoirleach trí thromlach simplí dá chomhaltaí.

4. Soláthróidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus foireann an Lárionaid Inniúlachta rúnaíocht an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh, ag baint úsáid as na hacmhainní atá ann cheana agus aird chuí á tabhairt ar ualach oibre foriomlán an Lárionaid Inniúlachta. Léireofar sa dréachtbhuiséad bliantúil na hacmhainní a shannfar don tacaíocht don Ghrúpa Chomhairleach Straitéiseach.

5. Glacfaidh an Grúpa Comhairleach Straitéiseach a rialacha nós imeachta trí thromlach simplí dá gcomhaltaí.

*Airteagal 20*

**Cúraimí an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh**

Tabharfaidh an Grúpa Comhairleach Straitéiseach comhairle go rialta don Lárionad Inniúlachta maidir le feidhmíocht ghníomhaíochtaí an Lárionaid Inniúlachta, agus áiritheoidh sé go ndéantar cumarsáid leis an bPobal agus le geallsealbhóirí ábhartha eile. Déanfaidh an Grúpa Comhairleach Straitéiseach an méid seo a leanas chomh maith:

(a) á chur san áireamh dó rannchuidithe ón bPobal agus ó mheithleacha dá dtagraítear i bpointe (n) d'Airteagal 13(3), i gcás inarb iomchuí, tabharfaidh sé comhairle straitéiseach agus ionchur don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus don Bhord Rialaithe agus déanfaidh sé an chomhairle straitéiseach sin a nuashonrú ar bhonn leanúnach maidir leis an gClár Oibre bliantúil agus an clár oibre ilbhliantúil laistigh de na spriocamanna arna leagan síos ag an mBord Rialaithe;

(b) tabharfaidh sé comhairle don Bhord Rialaithe maidir le meithleacha a chur ar bun laistigh den Phobal i gcomhréir le pointe (n) d'Airteagal 13(3) maidir le saincheisteanna sonracha is ábhartha d'obair an Lárionaid Inniúlachta;

(c) faoi réir a fhormheasta sin ag an mBord Rialaithe, déanfaidh sé comhairliúcháin phoiblí a eagrú, agus déanfaidh sé cinneadh ina leith, a bheidh oscailte do na geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha uile, a bhfuil leas acu i réimse na cibearshlándála, chun ionchur a bhailiú don chomhairle straitéiseach dá dtagraítear i bpointe (a).

*CAIBIDIL III*

***Forálacha airgeadais***

*Airteagal 21*

**Ranníocaíocht airgeadais ón Aontas agus ó na Ballstáit**

1. Is é an tAontas a chisteoidh an Lárionad Inniúlachta agus is iad an tAontas agus ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit a chisteoidh gníomhaíochtaí comhpháirteacha.

2. Is iad an tAontas agus na Ballstáit is ranníocóirí leis na gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chumhdóidh costais riaracháin agus oibríochtúla na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha, i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2021/695 agus (AE) 2021/694.

3. Le ranníocaíocht an Aontais leis an Lárionad Inniúlachta chun costais riaracháin agus oibríochtúla a chumhdach cuimseofar na nithe seo a leanas:

(a) suas le EUR 1 649 566 000 ón gClár don Eoraip Dhigiteach, lena n-áirítear suas le EUR 32 000 000 le haghaidh costais riaracháin;

(b) méid áirithe ó Fhís Eorpach, lena n-airítear le haghaidh costais riaracháin, le haghaidh gníomhaíochtaí comhpháirteacha, beidh an méid sin comhionann leis an méid a ranníocfaidh na Ballstáit de bhun mhír 7 den Airteagal seo ach nach mó é ná an méid a chinnfear sa phróiseas pleanála straitéisí de Fís Eorpach, atá le déanamh de bhun Airteagal 6(6) de Rialachán (AE) 2021/695, sa chlár oibre bliantúil nó sa chlár oibre ilbhliantúil;

(c) méid áirithe ó chláir ábhartha eile an Aontais, de réir mar is gá chun cúraimí an Lárionaid Inniúlachta a chur chun feidhme nó chun cuspóirí an Lárionaid Inniúlachta a bhaint amach, faoi réir cinntí arna ndéanamh i gcomhréir le gníomhartha dlí an Aontais lena mbunaítear na cláir sin.

4. Íocfar an ranníocaíocht uasta ón Aontas ó na leithreasuithe i mbuiséad ginearálta an Aontais a leithdháilfear ar an gClár don Eoraip Dhigiteach, ar an gclár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach, arna bhunú le Cinneadh (AE) 2021/764 agus ar chláir agus tionscadail eile a thagann faoi raon feidhme an Lárionaid Inniúlachta nó faoin Líonra.

5. Cuirfidh an Lárionad Inniúlachta gníomhaíochtaí cibearshlándála an chláir don Eoraip Dhigiteach agus Fís Eorpach chun feidhme i gcomhréir le pointe (c)(iv) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais.

6. Ranníocaíochtaí ó chláir de chuid an Aontais seachas na cláir dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 atá ina gcuid de chómhaoiniú ón Aontas ar chlár arna chur chun feidhme ag ceann de na Ballstáit, ní chuirfear san áireamh iad agus an ranníocaíocht uasta airgeadais ón Aontas dá dtagraítear sna míreanna sin á ríomh.

7. Glacfaidh na Ballstáit páirt, go deonach, i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha trí bhíthin ranníocaíochtaí deonacha airgeadais agus/nó lena ranníocaíochtaí comhchineáil. I gcás ina nglacfaidh Ballstát páirt i ngníomhaíocht chomhpháirteach, cumhdóidh ranníocaíocht an Bhallstáit sin costais riaracháin i gcomhréir lena ranníocaíocht leis an ngníomhaíocht chomhpháirteach sin. Seasfaidh ranníocaíochtaí airgeadais costais riaracháin na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha. Féadfaidh ranníocaíochtaí airgeadais nó comhchineáil costais oibríochtúla na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha a sheasamh faoi mar a fhoráiltear le Fís Eorpach agus leis an gClár don Eoraip Dhigiteach. Féadfaidh ranníocaíochtaí ó gach Ballstát a bheith i bhfoirm tacaíocht ón mBallstát sin arna soláthar i ngníomhaíocht

chomhpháirteach do thairbhithe arna mbunú sa Bhallstáit sin. Is éard a bheidh i ranníocaíochtaí comhchineáil ó na Ballstáit costais incháilithe a thabhóidh na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin agus eintitis phoiblí eile agus páirt á glacadh acu i dtionscadail arna gcistiú tríd an Rialachán seo, lúide aon ranníocaíocht ón Aontas leis na costais sin. I gcás na dtionscadal a chistítear le Fís Eorpach, déanfar costais incháilithe a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 36 den Rialachán (AE) 2021/695. I gcás na dtionscadal a chistítear leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, déanfar costais incháilithe a ríomh i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

An méid atá beartaithe i leith iomlán na ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit, i gcomhair gníomhaíochtaí comhpháirteacha faoi Fís Eorpach, lena n-áirítear ranníocaíochtaí airgeadais le haghaidh costais riaracháin, déanfar é a chinneadh le go gcuirfear san áireamh é sa phróiseas pleanála straitéisí i leith Fís Eorpach atá le déanamh de bhun Airteagal 6(6) de Rialachán (AE) 2021/695, agus gheofar ionchur ina leith ón mBord Rialaithe. I gcás gníomhaíochtaí faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, d'ainneoin Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/694, féadfaidh na Ballstáit ranníocaíocht a dhéanamh le costais an Lárionaid Inniúlachta a chómhaoinítear ón gClár don Eoraip Dhigiteach, a bheidh níos ísle ná na méideanna a shonraítear i bpointe (a) de mhír 3 den Airteagal seo.

8. Measfar comhchistiú náisiúnta na mBallstát ar ghníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó chláir an Aontais seachas Fís Eorpach agus an Clár don Eoraip Dhigiteach mar ranníocaíochtaí náisiúnta na mBallstát a mhéid gur cuid iad na ranníocaíochtaí sin de ghníomhaíochtaí comhpháirteacha agus go n-áirítear iad i gclár oibre an Lárionaid Inniúlachta.

9. Chun measúnú a dhéanamh ar na ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo agus i bpointe (b) d'Airteagal 22(2), cinnfear costais i gcomhréir le gnáthchleachtais cuntasaíochta costála an Bhallstáit lena mbaineann, le caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme an Bhallstáit lena mbaineann, agus leis na caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta agus na caighdeáin idirnáisiúnta um thuairisciú airgeadais is infheidhme. Déanfaidh iniúchóir seachtrach neamhspleách arna cheapadh ag an mBallstát lena mbaineann costais a dheimhniú. Féadfaidh an Lárionad Inniúlachta an modh luachála a fhíorú má eascraíonn aon éiginnteacht as an deimhniú.

10. I gcás ina dhéanann aon Bhallstát a ghealltanais maidir lena ranníocaíocht airgeadais nó comhchineáil le gníomhaíochtaí comhpháirteacha a mhainneachtain, cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin sin in iúl don Bhallstáit lena mbaineann i scríbhinn agus socróidh sé nó sí tréimhse réasúnta ina bhfuil an mhainneachtain sin le leigheas. Mura ndéantar an cás a leigheas laistigh den tréimhse sin, tionólfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cruinniú den Bhord Rialaithe chun cinneadh a dhéanamh an ndéanfar ceart vótála an Bhallstáit rannpháirtigh mainneachtana a chúlghairm nó an ndéanfar aon bhearta eile go dtí go mbeidh a oibleagáidí comhlíonta ag an mBallstát sin. Cuirfear ceart vótála an Bhallstáit mainneachtana a bhaineann le gníomhaíochtaí comhpháirteacha ar fionraí go dtí go ndéanfaidh sé mainneachtain a ghealltanas a leigheas.

11. Féadfaidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais le gníomhaíochtaí comhpháirteacha a fhoirceannadh, í a laghdú go comhréireach nó í a chur ar fionraí mura rannchuidíonn na Ballstáit is ranníocóirí, mura rannchuidíonn siad ach i bpáirt nó má rannchuidíonn siad go mall maidir leis na ranníocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3. Beidh foirceannadh, laghdú nó fionraí ar ranníocaíocht airgeadais an Aontais ón gCoimisiún comhréireach i méid agus in am le mainneachtain an Bhallstáit ranníocaíocht a dhéanamh, le ranníocaíocht pháirteach a dhéanamh ag an mBallstát nó ranníocaíocht déanach a dhéanamh ag an mBallstát.

12. Faoin 31 Eanáir gach bliain, tabharfaidh na Ballstáit is ranníocóirí tuairisc don Bhord Rialaithe maidir le luach na ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 7, le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach leis an Aontas, a rinneadh i ngach bliain airgeadais roimhe sin.

*Airteagal 22*

**Costais agus acmhainní an Lárionaid Inniúlachta**

1. Cumhdófar i bprionsabal costais riaracháin an Lárionaid Inniúlachta trí bhíthin ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas ar bhonn bliantúil. Déanfaidh Ballstáit is ranníocóirí ranníocaíochtaí airgeadais breise i gcomhréir lena ranníocaíochtaí deonacha le gníomhaíochtaí comhpháirteacha. Má tharlaíonn sé nach n-úsáidfear cuid den ranníocaíocht maidir le costais riaracháin, féadfar í a chur ar fáil chun costais oibríochtúla an Lárionaid Inniúlachta a chumhdach.

2. Cumhdófar costais oibríochtúla an Lárionaid um Inniúlachtaí trí bhíthin na nithe seo a leanas:

(a) ranníocaíocht airgeadais ón Aontas;

(b) ranníocaíochtaí deonacha nó chomhchineáil airgeadais ó na Ballstáit is ranníocóirí i gcás gníomhaíochtaí comhpháirteacha.

3. Ar acmhainní an Lárionaid Inniúlachta a iontrálfar ina bhuiséad, áireofar na ranníocaíochtaí seo a leanas:

(a) na ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas leis na costais oibríochtúla agus riaracháin;

(b) ranníocaíochtaí deonacha airgeadais ó na Ballstáit is ranníocóirí leis na costais riaracháin i gcás gníomhaíochtaí comhpháirteacha;

(c) ranníocaíochtaí deonacha airgeadais ó na Ballstáit is ranníocóirí leis na costais oibríochtúla i gcás gníomhaíochtaí comhpháirteacha;

(d) aon ioncam a ghinfidh an Lárionad Inniúlachta;

(e) aon ranníocaíochtaí, acmhainní nó ioncaim eile.

4. Measfar aon ús a eascróidh as na ranníocaíochtaí a íocfaidh na Ballstáit is ranníocóirí leis an Lárionad Inniúlachta a bheith mar ioncam an Lárionaid Inniúlachta.

5. Is é is úsáid d'acmhainní uile an Lárionaid Inniúlachta agus a ghníomhaíochtaí na cuspóirí a bhaint amach.

6. Is faoi úinéireacht an Lárionaid Inniúlachta a bheidh na sócmhainní uile a ghinfidh sé nó a aistreofar chuige chun a chuspóirí a bhaint amach. Gan dochar do rialacha infheidhme an chláir cistiúcháin ábhartha, cinnfear úinéireacht na sócmhainní a ghintear nó a fhaightear i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 15(3).

7. Fanfaidh aon ioncam barrachais de bhreis ar chaiteachas faoi úinéireacht an Lárionaid Inniúlachta agus ní íocfar le comhaltaí ar ranníocóirí an Lárionaid Inniúlachta iad ach amháin nuair a dhéanfar an Lárionad Inniúlachta a fhoirceannadh.

8. Comhoibreoidh an Lárionad Inniúlachta go dlúth le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, agus aird chuí á tabhairt ar a sainorduithe faoi seach agus gan dúbláil a dhéanamh ar na sásraí comhair atá ann cheana, chun tairbhe a bhaint as sineirgí leo agus, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, chun costais riaracháin a laghdú.

*Airteagal 23*

**Gealltanais airgeadais**

Ní ghabhfaidh gealltanais airgeadais an Lárionaid Inniúlachta thar mhéid na n-acmhainní atá ar fáil nó atá geallta ag a chomhaltaí dá bhuiséad.

*Airteagal 24*

**Bliain airgeadais**

Tosóidh an bhliain airgeadais an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig.

*Airteagal 25*

**An buiséad a bhunú**

1. Gach bliain, tarraingeoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin suas dréachtráiteas meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas an Lárionaid Inniúlachta don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin agus cuirfidh sé nó sí an dréachtráiteas sin, mar aon leis an dréachtphlean bunaíochta mar a thagraítear dó i bpointe (l) d'Airteagal 13(3), ar aghaidh chuig an mBord Rialaithe. Beidh ioncam agus caiteachas ar comhardú. Cuimseofar le caiteachas an Lárionaid Inniúlachta na costais foirne, riaracháin, bhonneagair agus oibríochtúla. Coinneofar costais riaracháin chomh híseal agus is féidir, lena n-áirítear trí bhíthin fhoireann a ath-imlonnú nó trí phoist a ath-imlonnú freisin.

2. Gach bliain, soláthróidh an Bord Rialaithe ráiteas meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas an Lárionaid Inniúlachta don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, ar bhonn dréachtráiteas meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas dá dtagraítear i mír 1.

3. Déanfaidh an Bord Rialaithe, faoin 31 Eanáir gach bliain, an ráiteas meastachán dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, a bheidh ina chuid den dhréacht doiciméad clársceidealaithe aonair dá dtagraítear in Airteagal 32(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2019/715, a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

4. Ar bhonn an ráitis meastachán dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, cuirfidh an Coimisiún i ndréachtbhuiséad an Aontais na meastacháin sin a mheasann sé a bheith riachtanach don phlean bunaíochta dá dtagraítear i bpointe (l) d'Airteagal 13(3) den Rialachán seo agus méid na ranníocaíochta a dhéanfar a mhuirearú ar an mbuiséad ginearálta, agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle iad i gcomhréir le hAirteagail 313 agus 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

5. Údaróidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasuithe don ranníocaíocht a thabharfar don Lárionad Inniúlachta.

6. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an plean bunaíochta dá dtagraítear i bpointe (l) d'Airteagal 13(3).

7. In éineacht leis an gclár oibre bliantúil agus leis an gclár oibre ilbhliantúil, glacfaidh an Bord Rialaithe buiséad an Lárionaid Inniúlachta. Beidh sé críochnaitheach tar éis ghlacadh cinntitheach bhuiséad ginearálta an Aontais. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Bord Rialaithe buiséad agus clár oibre bliantúil an Lárionaid Inniúlachta a choigeartú i gcomhréir le buiséad ginearálta an Aontais.

*Airteagal 26*

**Cuntais an Lárionaid Inniúlachta a thíolacadh agus a urscaoileadh**

Comhlíonfaidh tíolacadh chuntais shealadacha agus chríochnaitheacha an Lárionaid Inniúlachta agus a n-urscaoileadh rialacha agus amchlár an Rialacháin Airgeadais agus rialacha airgeadais an Lárionaid Inniúlachta.

*Airteagal 27*

**Tuairisciú oibríochtúil agus airgeadais**

1. Tabharfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairisc bhliantúil don Bhord Rialaithe ar chomhlíonadh a chuid dualgas nó a cuid dualgas i gcomhréir le rialacha airgeadais an Lárionaid Inniúlachta.

2. Laistigh de dhá mhí ó dheireadh gach bliain airgeadais, cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Bhoird Rialaithe lena formheas, tuarascáil maidir leis an dul chun cinn a rinne an Lárionad Inniúlachta sa bhliain féilire roimhe sin, go háirithe maidir leis an gclár oibre bliantúil don bhliain sin agus maidir le comhlíonadh a chuid spriocanna agus tosaíochtaí straitéiseacha. Áireofar sa tuarascáil sin faisnéis faoi na nithe seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh agus an caiteachas comhfhreagrach;

(b) na gníomhaíochtaí arna dtíolacadh, lena n-áirítear miondealú de réir chineál an rannpháirtí, FBManna san áireamh, agus de réir Ballstáit;

(c) na bearta a roghnaíodh lena gcistiú, lena n-áirítear miondealú de réir chineál an rannpháirtí, FBManna san áireamh, agus de réir Ballstáit agus a léiríonn an dóigh ar rannchuidigh an Lárionad Inniúlachta le rannpháirtithe agus bearta aonair;

(d) an misean agus na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh agus moltaí le haghaidh obair riachtanach bhreise chun an misean sin agus na cuspóirí sin achomhlíonadh;

(e) comhsheasmhacht na gcúraimí cur chun feidhme leis an gChlár Oibre agus leis an gclár oibre ilbhliantúil.

3. A luaithe a dhéanfaidh an Bord Rialaithe an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a fhormheas, cuirfear ar fáil go poiblí í.

*Airteagal 28*

**Rialacha airgeadais**

Glacfaidh an Lárionad Inniúlachta a rialacha sonracha airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 70 den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 29*

**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

1. Déanfaidh an Lárionad Inniúlachta bearta iomchuí chun a áirithiú, nuair a chuirfear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha rialta agus éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Tabharfaidh an Lárionad Inniúlachta d'fhoireann an Choimisiúin agus do dhaoine eile atá údaraithe ag an gCoimisiún, agus don Chúirt Iniúchóirí, rochtain ar láithreáin agus áitribh an Lárionaid Inniúlachta agus ar an bhfaisnéis uile, lena n-áirítear faisnéis i bhfoirm leictreonach, is gá chun a gcuid iniúchtaí a dhéanamh.

3. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ([17]) ón gComhairle agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]), d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasa airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó conradh a chistítear go díreach nó go hindíreach i gcomhréir leis an Rialachán seo.

4. Gan dochar do mhíreanna 1, 2 agus 3, beidh i gconarthaí agus comhaontuithe deontais a thiocfaidh as an Rialachán seo a chur chun feidhme forálacha lena dtabharfar an chumhacht go sainráite don Choimisiún, don Lárionad Inniúlachta, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF iniúchtaí agus imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach. I gcás ina ndéanfar cur chun feidhme gníomhaíochta a sheachfhoinsiú nó a fho-tharmligean, ina iomláine nó i bpáirt, nó i gcás inar gá conradh soláthair nó tacaíocht airgeadais a dhámhachtain do thríú páirtí ina leith, beidh sa chonradh nó sa chomhaontú deontais an oibleagáid atá ar an gconraitheoir nó ar an tairbhí ceangal a chur ar aon tríú páirtí lena mbaineann glacadh go follasach leis na cumhachtaí sin de chuid an Choimisiúin, an Lárionaid Inniúlachta, na Cúirte Iniúchóirí agus OLAF.

*CAIBIDIL IV*

***Foireann an lárionaid inniúlachta***

*Airteagal 30*

**An fhoireann**

1. Maidir le foireann an Lárionaid Inniúlachta, beidh feidhm ina leith ag Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta agus ag na rialacha arna nglacadh go comhpháirteach ag institiúidí an Aontais chun na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha fostaíochta sin a chur i bhfeidhm.

2. Feidhmeoidh an Bord Rialaithe, i ndáil le baill foirne an Lárionaid Inniúlachta, na cumhachtaí a tugadh dó leis na Rialacháin Foirne maidir leis an údarás ceapacháin agus na cumhachtaí a tugadh dó leis na Coinníollacha Fostaíochta maidir leis an údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích ("cumhachtaí an údaráis ceapacháin").

3. Glacfaidh an Bord Rialaithe, i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne, cinneadh bunaithe ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 6 de na Coinníollacha Fostaíochta lena ndéantar cumhachtaí ábhartha an údaráis ceapacháin a tharmligean don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus lena sainítear na coinníollacha faoina bhféadtar an tarmligean sin a chur ar fionraí. Údaraítear an Stiúrthóir Feidhmiúcháin chun na cumhachtaí sin a fho-tharmligean.

4. I gcás inar gá sin in imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Bord Rialaithe, le cinneadh, tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, chomh maith le haon fho-tharmligean a dhéanann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, a chur ar fionraí go sealadach. I gcás den sórt sin, feidhmeoidh an Bord Rialaithe féin cumhachtaí an údaráis ceapacháin nó tarmligfidh sé na cumhachtaí sin chuig duine dá chomhaltaí nó chuig ball foirne de chuid an Lárionaid Inniúlachta nach é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin é.

5. Glacfaidh an Bord Rialaithe rialacha cur chun feidhme a mhéid a bhaineann leis na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne.

6. Socrófar na hacmhainní foirne sa phlean bunaíochta dá dtagraítear i bpointe (l) d'Airteagal 13(3), lena gcuirfear in iúl líon na bpost sealadach de réir grúpa feidhme agus gráid agus líon na mball foirne ar conradh arna sloinneadh in aonaid de choibhéis lánaimseartha, i gcomhréir le buiséad bliantúil an Lárionaid Inniúlachta.

7. Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá sa Lárionad Inniúlachta sa chéad ásc trí ath-imlonnú foirne nó post ó institiúidí, ó chomhlachtaí, ó oifigí agus ó ghníomhaireachtaí an Aontais, agus trí acmhainní daonna breise a earcú. Féadfar gur baill foirne shealadacha agus baill foirne ar conradh a bheidh ar fhoireann an Lárionaid Inniúlachta.

([17]) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

([18]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

8. Íocfaidh an Lárionad Inniúlachta na costais uile a bhaineann le baill foirne.

*Airteagal 31*

**Saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus baill foirne eile**

1. Féadfaidh an Lárionad Inniúlachta úsáid a bhaint as saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó as baill foirne eile nach bhfuil fostaithe ag an Lárionad Inniúlachta.

2. Glacfaidh an Bord Rialaithe, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, cinneadh lena leagfar síos rialacha maidir le saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht don Lárionad Inniúlachta.

*Airteagal 32*

**Pribhléidí agus díolúintí**

Beidh feidhm ag Prótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh atá i gceangal le CAE agus le CFAE maidir leis an Lárionad Inniúlachta agus lena fhoireann.

*CAIBIDIL V*

***Forálacha coiteanna***

*Airteagal 33*

**Rialacha slándála**

1. Beidh feidhm ag Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2021/694 maidir le rannpháirtíocht i ngach beart a chistítear leis an Lárionad Inniúlachta.

2. Beidh feidhm ag na rialacha sonracha slándála seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí a chistítear le Fís Eorpach:

(a) chun críocha Airteagal 38(1) de Rialachán (AE) 2021/695, nuair a fhoráiltear dó sa chlár oibre bliantúil, féadfar an deonú maidir le ceadúnais neamheisiacha a theorannú do thríú páirtithe atá bunaithe nó a mheastar a bheith bunaithe i mBallstát agus atá á rialú ag an mBallstát sin nó ag náisiúnaigh de chuid an Bhallstáit sin;

(b) ceadúnas a aistriú nó a dheonú chuig eintiteas dlítheanach atá bunaithe i dtír chomhlachaithe nó atá bunaithe san Aontas ach atá á rialú ó thríú tíortha, beidh ansin freisin foras chun agóid a dhéanamh in aghaidh aistrithe úinéireachta torthaí, nó in aghaidh ceadúnas eisiach a dheonú maidir le torthaí, chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 40(4) de Rialachán (AE) 2021/695;

(c) chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 41(7) de Rialachán (AE) 2021/695, nuair a fhoráiltear dó sa chlár oibre bliantúil, féadfar an deonú maidir le ceart rochtana, mar a shainmhínítear i bpointe (9) d'Airteagal 2 den Rialachán sin, a theorannú d'eintiteas dlítheanach atá bunaithe nó a mheastar a bheith bunaithe i mBallstát agus atá á rialú ag an mBallstát sin nó náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

*Airteagal 34*

**Trédhearcacht**

1. Cuirfidh an Lárionad Inniúlachta a ghníomhaíochtaí i gcrích le hardleibhéal trédhearcachta.

2. Áiritheoidh an Lárionad Inniúlachta go ndéanfar faisnéis iomchuí oibiachtúil iontaofa a bhfuil teacht uirthi go héasca a thabhairt don phobal agus d'aon pháirtithe leasmhara go tráthúil, go háirithe maidir le torthaí a chuid oibre. Poibleoidh sé freisin na dearbhuithe leasa a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 43. Beidh feidhm ag na ceanglais sin freisin maidir leis na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin, leis an bPobal agus leis an nGrúpa Comhairleach Straitéiseach i gcomhréir leis an dlí ábhartha.

3. Féadfaidh an Bord Rialaithe, ag gníomhú dó ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, údarás a thabhairt do pháirtithe leasmhara breathnú ar nósanna imeachta a bhaineann le cuid de ghníomhaíochtaí an Lárionaid Inniúlachta.

4. Leagfaidh an Lárionad Inniúlachta síos, i rialacha nós imeachta Bhord Rialaithe an Lárionaid Inniúlachta agus an Ghrúpa Chomhairligh Straitéisigh na socruithe praiticiúla chun na rialacha trédhearcachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a chur chun feidhme. Maidir le gníomhaíochtaí a chistítear le Fís Eorpach, cuirfidh na rialacha agus na socruithe sin Rialachán (AE) 2021/695 san áireamh.

*Airteagal 35*

**Cothromaíocht inscne**

Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme acu, nuair a bheidh iarrthóirí á n-ainmniú nó ionadaithe á moladh, roghnóidh an Coimisiún, na Ballstáit agus geallsealbhóirí eile san earnáil institiúideach agus san earnáil phríobháideach ionadaithe ó roinnt iarrthóirí, i gcás inar féidir, agus é mar aidhm cothromaíocht inscne a áirithiú.

*Airteagal 36*

**Rialacha slándála maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint**

1. Tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún, glacfaidh an Bord Rialaithe rialacha slándála an Lárionaid Inniúlachta. Cuirfidh na rialacha slándála sin na prionsabail agus rialacha a leagtar síos i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443 ([19]) agus (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún ([20]) i bhfeidhm.

2. Comhaltaí an Bhoird Rialaithe, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, saineolaithe seachtracha atá páirteach sna grúpaí oibre *ad hoc*, agus comhaltaí foirne an Lárionaid Inniúlachta, comhlíonfaidh siad na ceanglais rúndachta faoi Airteagal 339 CFAE, fiú amháin nuair a bheidh deireadh lena gcuid dualgas.

3. Féadfaidh an Lárionad Inniúlachta na bearta is gá a dhéanamh chun gurb éasca an fhaisnéis is ábhartha maidir lena chúraimí a mhalartú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, leis na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais. Beidh formheas an Choimisiúin roimh ré ag aon socrú riaracháin a dhéanfar chun na críche sin maidir le faisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) a chomhroinnt, nó, murab ann do shocruithe den sórt sin, ag aon socrú eisceachtúil *ad hoc* lena scaoilfear FRAE.

*Airteagal 37*

**Rochtain ar dhoiciméid**

1. Beidh feidhm maidir leis na doiciméid a bheidh i seilbh an Lárionaid Inniúlachta ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

2. Glacfaidh an Bord Rialaithe socruithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur chun feidhme faoi 29 Nollaig 2021.

3. Féadfaidh cinntí arna nglacadh ag an Lárionad Inniúlachta de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a bheith ina n-ábhar gearáin chuig an Ombudsman faoi Airteagal 228 CFAE nó a bheith ina n-ábhar caingne os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 263 CFAE.

*Airteagal 38*

**Faireachán, meastóireacht agus athbhreithniú**

1. Áiritheoidh an Lárionad Inniúlachta go mbeidh a ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a bhainistítear trí na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin agus tríd an Líonra, faoi réir faireachán leanúnach agus córasach agus meastóireacht thráthrialta. Áiritheoidh an Lárionad Inniúlachta go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus torthaí cláir chistiúcháin de chuid an Aontais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 4(3) ar dhóigh atá éifeachtúil, éifeachtach, agus tráthúil, agus forchuirfear ceanglais tuairiscithe atá comhréireach ar fhaighteoirí cistí ón Aontas agus ar na Ballstáit. Foilseofar conclúidí na meastóireachta sin.

2. A luaithe a bheidh go leor faisnéise ar fáil faoi chur chun feidhme an Rialacháin seo, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 30 mí tar éis an dáta dá bhforáiltear in Airteagal 46(4), ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil cur chun feidhme i dtaca le gníomhaíochtaí an Lárionaid Inniúlachta, agus réamh-ionchur an Bhoird Rialaithe, na lárionad náisiúnta comhordúcháin agus an Phobail á chur san áireamh. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil cur chun feidhme sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 30 Meitheamh 2024. Tabharfaidh an Lárionad Inniúlachta agus na Ballstáit don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú.

3. Áireofar go háirithe sa tuarascáil cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 measúnuithe ar na nithe seo a leanas:

(a) acmhainneacht oibre an Lárionaid Inniúlachta maidir le misean, cuspóirí, sainordú agus cúraimí an Lárionaid agus ar an gcomhar agus ar an gcomhordú le geallsealbhóirí eile, go háirithe leis na lárionaid náisiúnta chomhordúcháin, leis an bPobal agus le ENISA;

([19]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).
([20]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

(b) na torthaí a bhainfidh an Lárionad Inniúlachta amach, ag féachaint dá mhisean, dá chuspóirí, dá shainordú agus dá chúraimí, agus go háirithe d'éifeachtúlacht an Lárionaid Inniúlachta maidir le cistí an Aontais a chomhordú agus le saineolas a chomhthiomsú;

(c) comhsheasmhacht na gcúraimí cur chun feidhme leis an gClár Oibre agus leis an gclár oibre ilbhliantúil;

(d) comhordú agus ar chomhar an Lárionaid Inniúlachta le Coistí Cláir Fís Eorpach agus an Chláir don Eoraip Dhigiteach, go háirithe d'fhonn comhsheasmhacht agus sineirge a mhéadú i ndáil leis an gClár Oibre, an clár oibre bliantúil, an clár oibre ilbhliantúil, Fís Eorpach agus an Clár don Eoraip Dhigiteach;

(e) gníomhaíochtaí comhpháirteacha.

4. Tar éis thíolacadh na tuarascála cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Lárionad Inniúlachta agus réamh-ionchur an Bhoird Rialaithe, na lárionad náisiúnta comhordúcháin agus an Phobail á chur san áireamh. Tagrófar sa mheastóireacht sin do na measúnuithe dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo nó tabharfar cothrom le dáta iad, de réir mar is gá, agus déanfar an mheastóireacht roimh dhul in éag na tréimhse a shonraítear in Airteagal 47(1), chun a chinneadh go tráthúilar cheart síneadh a chur le tréimhse shainordú an Lárionaid Inniúlachta tar éis na tréimhse sin. Leis an meastóireacht sin déanfar measúnú ar ghnéithe dlíthiúla agus riaracháin maidir le sainordú an Lárionaid Inniúlachta agus ar an bpoitéinseal chun sineirgí a chruthú agus ilroinnt le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a sheachaint.

Má mheasann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt leis an Lárionad Inniúlachta a bheith ag leanúint ar aghaidh i dtaca lena mhisean, lena chuspóirí, lena shainordú agus lena chúraimí, féadfaidh sé togra reachtach a dhéanamh chun tréimhse ama shainordú an Lárionaid Inniúlachta a shíneadh mar a leagtar amach in Airteagal 47.

5. Ar bhonn chonclúidí na tuarascála cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an Coimisiún aon ghníomhaíochtaí iomchuí eile a dhéanamh.

6. Déanfar an faireachán, an mheastóireacht, an céimniú amach agus an athnuachan a ar an ranníocaíocht airgeadais ó Fhís Eorpach i gcomhréir le forálacha Airteagail 10, 50 agus 52 de Rialachán (AE) 2021/695 agus leis na socruithe cur chun feidhme a comhaontaíodh.

7. Déanfar an faireachán, an tuairisciú agus an mheastóireacht ar an ranníocaíocht airgeadais ón gClár don Eoraip Dhigiteach i gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25 de Rialachán (AE) 2021/694.

8. I gcás ina ndéanfar an Lárionad Inniúlachta a fhoirceannadh, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht deiridh ar an Lárionad Inniúlachta laistigh de shé mhí ó fhoirceannadh an Lárionaid Inniúlachta, agus in aon chás tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis tús a chur leis an nós imeachta foirceanta dá dtagraítear in Airteagal 47. Déanfar torthaí na meastóireachta deiridh sin a thíolacadh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

*Airteagal 39*

**Pearsantacht dhlítheanach an Lárionaid Inniúlachta**

1. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an Lárionad Inniúlachta.

2. I ngach Ballstát, beidh ag an Lárionad Inniúlachta an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoi dhlíthe an Bhallstáit sin. Féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlí.

*Airteagal 40*

**Dliteanas an Lárionaid Inniúlachta**

1. Beidh dliteanas conarthach an Lárionaid Inniúlachta faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis an gcomhaontú, leis an gcinneadh nó leis an gconradh i dtrácht.

2. I gcás dliteanas neamhchonarthach, slánóidh an Lárionad Inniúlachta aon damáiste arbh í a fhoireann agus iad ag feidhmiú a ndualgas ba chúis leis, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát.

3. Aon íocaíocht a dhéanfaidh an Lárionad Inniúlachta i leith an dliteanais dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus na costais agus na speansais a thabhófar ina leith, measfar gur caiteachas de chuid an Lárionad Inniúlachta an íocaíocht sin agus cumhdófar as acmhainní an Lárionaid í.

4. Is é an Lárionad Inniúlachta amháin a bheidh freagrach as a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

*Airteagal 41*

**Dlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an dlí is infheidhme**

1. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:

(a) breithúnas a thabhairt de bhun aon chlásal eadrána atá i gcinntí arna nglacadh, nó i gcomhaontuithe nó i gconarthaí arna dtabhairt i gcrích, ag an Lárionad Inniúlachta;

(b) i ndíospóidí a bhaineann le cúiteamh ar dhamáiste arb iad baill foirne an Lárionaid Inniúlachta is cúis leis agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu;

(c) in aon díospóid idir an Lárionad Inniúlachta agus a bhaill foirne faoi na teorainneacha agus na coinníollacha a leagtar síos leis na Rialacháin Foirne.

2. Maidir le haon ábhar nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo nó le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, beidh feidhm ag dlí an Bhallstáit ina bhfuil suíomh an Lárionaid Inniúlachta.

*Airteagal 42*

**Dliteanas an Aontais agus na mBallstát agus árachas**

1. Beidh dliteanas airgeadais an Aontais agus na mBallstát i leith fhiacha an Lárionaid Inniúlachta teoranta don ranníocaíocht atá déanta acu cheana féin i leith na gcostas riaracháin.

2. Déanfaidh an Lárionad Inniúlachta árachas iomchuí a thógáil amach agus a choimeád.

*Airteagal 43*

**Coinbhleachtaí leasa**

Glacfaidh an Bord Rialaithe rialacha chun coinbhleachtaí leasa a chosc, a aithint agus a réiteach i leith a chomhaltaí, a chomhlachtaí agus a bhall foirne, lena n-áirítear an Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Cuimseofar sna rialacha sin na forálacha arb é is aidhm dóibh coinbhleacht leasa a sheachaint i ndáil le hionadaithe na gcomhaltaí ar baill iad den Bhord Rialaithe mar aon leis an nGrúpa Comhairleach Straitéiseach i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, lena n-áirítear forálacha faoi aon dearbhuithe leasa. Beidh na Lárionaid Náisiúnta Chomhordúcháin faoi réir an dlí náisiúnta maidir le coinbhleachtaí leasa.

*Airteagal 44*

**Sonraí pearsanta a chosaint**

1. Beidh an phróiseáil a dhéanfaidh an Lárionad Inniúlachta ar shonraí pearsanta faoi réir Rialachán (AE) 2018/1725.

2. Glacfaidh an Bord Rialaithe na bearta cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 45(3) de Rialachán (AE) 2018/1725. Féadfaidh an Bord Rialaithe na bearta breise is gá a ghlacadh chun go gcuirfidh an Lárionad Inniúlachta an Rialachán sin i bhfeidhm.

*Airteagal 45*

**Tacaíocht ón mBallstát óstach**

Féadfar comhaontú riaracháin a thabhairt i gcrích idir an Lárionad Inniúlachta agus an Ballstát óstach ina bhfuil suíomh an Lárionaid maidir le pribhléidí agus díolúintí agus tacaíocht eile a chuirfidh an Ballstát sin ar fáil don Lárionad Inniúlachta.

*CAIBIDIL VI*

***Forálacha críochnaitheacha***

*Airteagal 46*

**Gníomhaíochtaí tosaigh**

1. Beidh an Coimisiún freagrach as an Lárionad Inniúlachta a bhunú agus as an obair thosaigh a dhéanfaidh sé go dtí go mbeidh an acmhainneacht oibríochtúil aige chun a bhuiséad féin a chur chun feidhme. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le dlí an Aontais, gach beart is gá le rannpháirtíocht chomhlachtaí inniúla an Lárionaid Inniúlachta.

2. Chun críoch mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach a ainmniú go dtí go rachaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun a dhualgas nó a dualgas tar éis don Bhord Rialaithe é nó í a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 16. Feidhmeoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach dualgais an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus féadfaidh sé nó sí cúnamh a fháil ó líon teoranta ball foirne ón gCoimisiún. Féadfaidh an Coimisiún líon teoranta dá chuid ball foirne a shannadh chuig an Lárionad Inniúlachta ar bhonn eatramhach.

3. Féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach gach íocaíocht a chumhdaítear leis na leithreasuithe dá bhforáiltear i mbuiséad bliantúil an Lárionaid Inniúlachta a údarú ach an buiséad sin a bheith glactha ag an mBord Rialaithe agus féadfaidh sé nó sí comhaontuithe agus conarthaí a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear conarthaí foirne, agus cinntí a ghlacadh, tar éis ghlacadh an phlean bunaíochta dá dtagraítear i bpointe (l) d'Airteagal 13(3).

4. Cinnfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach, de chomhthoil leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus faoi réir fhormheas an Bhoird Rialaithe, an dáta óna mbeidh sé d'acmhainn ag an Lárionad Inniúlachta a bhuiséad féin a chur chun feidhme. Ón dáta sin amach, staonfaidh an Coimisiún ó ghealltanais agus íocaíochtaí a dhéanamh i leith ghníomhaíochtaí an Lárionaid Inniúlachta.

*Airteagal 47*

**Tréimhse ama**

1. Bunófar an Lárionad Inniúlachta don tréimhse ón 28 Meitheamh 2021 go dtí an 31 Nollaig 2029.

2. Cuirfear tús leis an nós imeachta foirceanta go huathoibríoch mura gcuirtear síneadh le sainordú an Lárionaid Inniúlachta i gcomhréir le hAirteagal 38(4) ag deireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

3. Ar mhaithe leis na himeachtaí a stiúradh chun an Lárionad Inniúlachta a fhoirceannadh, ceapfaidh an Bord Rialaithe leachtaitheoir amháin nó níos mó, a chomhlíonfaidh cinntí an Bhoird Rialaithe.

4. Nuair a dhéanfar an Lárionad Inniúlachta a fhoirceannadh, úsáidfear a shócmhainní chun a dhliteanais agus an caiteachas a bhaineann lena fhoirceannadh a chumhdach. Déanfar aon bharrachas a dháileadh ar an Aontas agus ar na Ballstáit is ranníocóirí i gcomhréir lena ranníocaíocht airgeadais leis an Lárionad Inniúlachta. Aisíocfar le buiséad an Aontais aon bharrachas a dháilfear ar an Aontas.

*Airteagal 48*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 20 Bealtaine 2021.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| D.M. SASSOLI | A.P. ZACARIAS |

# RIALACHÁN (AE) 2021/888 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 20 Bealtaine 2021

## lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 165(4), 166(4) agus 214(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is ar an dlúthpháirtíocht atá an tAontas bunaithe, i measc a shaoránach agus i measc na mBallstát araon. Leis an gcomhluach uilíoch sin, treoraítear gníomhaíochtaí an Aontais agus soláthraítear an aontacht is gá chun déileáil le dúshláin na sochaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, ar dúshláin iad a bhfuil Eorpaigh óga toilteanach cabhrú dul i ngleic leo trína ndlúthpháirtíocht a chur in iúl sa chleachtas. In Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), leagtar béim ar an dlúthpháirtíocht mar cheann de bhunphrionsabail an Aontais. Déantar tagairt do phrionsabal na dlúthpháirtíochta freisin in Airteagal 21(1) CAE mar chuid de dhúshraith ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

(2) I bhfianaise an mhéadaithe shuntasaigh ar na riachtanais dhomhanda dhaonnúla agus d'fhonn feabhas a chur ar chur chun cinn na dlúthpháirtíochta agus infheictheacht na cabhrach daonnúla i measc shaoránaigh an Aontais, is gá an dlúthpháirtíocht a fhorbairt idir na Ballstáit agus le tríú tíortha atá thíos le tubaistí de dhéantús an duine nó tubaistí nádúrtha.

(3) Le gníomhaíochtaí saorálaíochta maidir le cabhair dhaonnúil, ba cheart rannchuidiú le freagairt dhaonnúil bunaithe ar riachtanais agus ba cheart iad a bheith á dtreorú ag an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil a leagtar amach sa Ráiteas Comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh laistigh den Chomhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún Eorpach dar teideal "Comhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil" ([4]). Ba cheart an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí um chearta an duine a chur chun cinn.

(4) I gcás inarb iomchuí, ba cheart ról lárnach agus foriomlán comhordúcháin Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla a chur san áireamh maidir le freagairt chomhleanúnach idirnáisiúnta ar ghéarchéimeanna daonnúla a chur chun cinn.

(5) Le gníomhaíochtaí saorálaíochta maidir le cabhair dhaonnúil, ba cheart rannchuidiú le freagairt dhaonnúil leormhaithe lena ndéantar an pheirspictíocht inscne i mbeartas an Aontais maidir le cabhair dhaonnúil a neartú agus lena ndéantar freagairtí daonnúla leormhaithe do riachtanais shonracha ban agus fear de gach aois a chur chun cinn. Le gníomhaíochtaí saorálaíochta maidir le cabhair dhaonnúil, ba cheart riachtanais agus acmhainneachtaí na ndaoine sin atá sna cásanna is leochailí, lena n-áirítear mná agus leanaí, agus na daoine is mó atá i mbaol a chur san áireamh.

(6) Le gníomhaíochtaí saorálaíochta maidir le cabhair dhaonnúil, ba cheart féachaint le rannchuidiú le feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht chabhair dhaonnúil an Aontais, i gcomhréir le prionsabail na Dea-dheontóireachta Daonnúla.

(7) In aitheasc ar Staid an Aontais an 14 Meán Fómhair 2016, leagadh béim ar an ngá le hinfheistiú a dhéanamh i ndaoine óga agus fógraíodh go mbunófaí Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach d'fhonn deiseanna a chruthú do dhaoine óga ar fud an Aontais beart a dhéanamh ar son na sochaí, dlúthpháirtíocht a léiriú agus a scileanna a fhorbairt, rud a chuirfeadh ar a gcumas taithí oibre, chomh maith le taithí ríluachmhar daonna, a fháil.

([1]) IO C 62, 15.2.2019, lch. 201.
([2]) IO C 86, 7.3.2019, lch. 282.
([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2019 (IO C 23, 21.1.2021, lch. 218) agus seasamh ón gComhairle ag an gcéad léamh an 20 Aibreán 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Bealtaine 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([4]) IO C 25, 30.1.2008, lch. 1.

(8) Ina theachtaireacht an 7 Nollaig 2016 dar teideal "A European Solidarity Corps" [Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach], leag an Coimisiún béim ar an ngá atá leis an dúshraith a neartú le haghaidh obair dhlúthpháirtíochta ar fud na hEorpa, níos mó deiseanna agus deiseanna níos fearr le haghaidh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a sholáthar do dhaoine óga i raon leathan réimsí, agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla maidir lena n-iarrachtaí déileáil le dúshláin agus géarchéimeanna éagsúla. Leis an teachtaireacht sin, seoladh an chéad chéim den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach faoinar slógadh acmhainní faoi chláir éagsúla de chuid an Aontais chun deiseanna saorálaíochta, seala oiliúna nó poist a thairiscint do dhaoine óga ar fud an Aontais.

(9) I gcomhthéacs an Rialacháin seo, tuigtear "an dlúthpháirtíocht" mar mheon na freagrachta aonair agus comhchoitinne as an leas coiteann, rud a léirítear trí ghníomhaíocht nithiúil a dhéanamh.

(10) Is bealach tábhachtach chun dlúthpháirtíocht a chur in iúl é rannchuidiú le cúnamh a thabhairt do dhaoine agus do phobail lasmuigh den Aontas a bhfuil cabhair dhaonnúil ag teastáil uathu, bunaithe ar bhunphrionsabail na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais.

(11) Is gá tuilleadh dlúthpháirtíochta a fhorbairt leis na daoine atá buailte ag géarchéimeanna agus tubaistí i dtríú tíortha agus an fheasacht maidir le cabhair dhaonnúil agus infheictheacht na cabhrach daonnúla araon, agus an fheasacht maidir leis an tsaorálaíocht agus infheictheacht na saorálaíochta i gcoitinne, mar ghníomhaíocht ar feadh an tsaoil a ardú i measc shaoránaigh an Aontais.

(12) Tá gealltanas tugtha ag an Aontas agus ag na Ballstáit go ndéanfaidh siad Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe de a chur chun feidhme go hinmheánach agus trí ghníomhaíochtaí seachtracha araon.

(13) Sna conclúidí uaithi an 19 Bealtaine 2017 maidir leis an nasc idir an daonnúlacht agus an fhorbairt a chur chun cinn, d'aithin an Chomhairle gur gá an athléimneacht a neartú trí nasc níos fearr a dhéanamh idir an chabhair dhaonnúil agus an comhar um fhorbairt agus gur gá na naisc oibríochtúla idir cineálacha comhlántacha cur chuige na cabhrach daonnúla, an chomhair um fhorbairt agus an choisc ar choinbhleachtaí a neartú tuilleadh.

(14) Ba cheart deiseanna cuimsitheacha atá inrochtana go héasca a chur ar fáil do dhaoine óga le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, rud a chabhródh leo a dtiomantas a chur in iúl maidir le leas a dhéanamh do phobail agus ag an am céanna taithí úsáideach, eolas úsáideach, scileanna úsáideacha agus inniúlachtaí úsáideacha a bheith á sealbhú acu maidir lena bhforbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil, rud a chuirfeadh feabhas dá réir sin ar a n-infhostaitheacht. Leis na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta sin, ba cheart tacú freisin le soghluaisteacht saorálaithe óga, le feasacht idirchultúrtha agus le hidirphlé idirchultúrtha.

(15) Leis na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thairgtear do dhaoine óga, ba cheart an deis a thabhairt dóibh rannchuidiú ar bhealach nithiúil tairbhiúil. Le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, ba cheart freastal ar riachtanais sa tsochaí nach bhfuiltear ag freastal orthu cheana agus ba cheart rannchuidiú le pobail agus rannpháirtíocht shibhialta a neartú. Le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, ba cheart an deis a thairiscint do dhaoine óga eolas luachmhar, scileanna luachmhara agus inniúlachtaí luachmhara a shealbhú. Ba cheart gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bheith inrochtana ó thaobh airgid de do dhaoine óga, agus ba cheart iad a bheith á ndéanamh faoi dhálaí slána agus sláintiúla.

(16) Le Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ("an Clár"), soláthraítear pointe aonair iontrála do ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin. Chun éifeachtúlacht chistiú an Aontais agus thionchar an Chláir a uasmhéadú, ba cheart don Choimisiún féachaint le sineirgíochtaí a bhunú ar fud na gclár ábhartha go léir ar bhealach comhleanúnach, ach gan na sineirgíochtaí sin a bheith ina gcúis chun cistí a úsáid chun cuspóirí a shaothrú seachas iadsan a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart comhsheasmhacht agus comhlántacht a áirithiú le beartais ábhartha eile de chuid an Aontais, amhail Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 ([5]), agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe Clár Erasmus+, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]). Tá an Clár bunaithe ar láidreachtaí agus sineirgíochtaí clár a bhí ann roimhe agus atá ann anois, go háirithe an tSeirbhís Dheonach Eorpach, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), agus an tionscnamh maidir le Saorálaithe

([5]) IO C 456, 18.12.2018, lch. 1.

([6]) Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear "Erasmus+": clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 50).

Cabhrach AE, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 375/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]). Ba cheart comhlántacht a áirithiú freisin le líonraí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais a bhaineann le gníomhaíochtaí de chuid an Chláir, amhail líonra Eurodesk. Ina theannta sin, ba cheart comhlántacht idir scéimeanna gaolmhara atá ann cheana, go háirithe scéimeanna náisiúnta dlúthpháirtíochta, amhail saorálaíocht, an tseirbhís shibhialta, agus scéimeanna soghluaisteachta do dhaoine óga, agus an Clár a áirithiú chun tionchar agus cáilíochtaí na scéimeanna sin ar a chéile a fheabhsú agus a shaibhriú agus, i gcás inarb iomchuí, chun tógáil ar dhea-chleachtais. Níor cheart don Clár ionad na scéimeanna náisiúnta comhchosúla a ghabháil. Ba cheart rochtain chomhionann ar ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta náisiúnta a áirithiú do gach duine óg.

(17) Chun a ré a ailíniú le ré an chreata airgeadais ilbhliantúil don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027 ("CAI 2021-2027") a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ([9]), ba cheart an Clár a bhunú ar feadh tréimshe 7 mbliana.

(18) Maidir leis an léiriú ar ghníomhartha dlí gaolmhara an Aontais, is iomchuí a mheas gur gníomhaíochtaí coibhéiseacha leis an tsaorálaíocht a dhéantar faoin tSeirbhís Dheonach Eorpach iad an tsaorálaíocht trasteorann agus an tsaorálaíocht a leanann de thacaíocht a fháil faoi Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 araon.

(19) Deartar an Clár chun deiseanna nua a chur ar fáil do dhaoine óga chun gníomhaíochtaí saorálaíochta a dhéanamh i réimsí a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht, agus chun tionscadail dlúthpháirtíochta a cheapadh agus a fhorbairt ar a dtionscnamh féin. Leis na deiseanna sin, rannchuidítear le feabhas a chur ar fhorbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil na ndaoine óga. Leis an gClár, ba cheart tacú freisin le gníomhaíochtaí líonraithe do rannpháirtithe agus d'eagraíochtaí rannpháirteacha agus le bearta chun cáilíocht na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo a áirithiú agus chun bailíochtú thorthaí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ar an gcaoi sin, is é is aidhm leis an gClár freisin rannchuidiú le comhar Eorpach atá ábhartha do dhaoine óga agus le feasacht a ardú faoin tionchar dearfach a bhíonn aige. Is iomchuí go leanann na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thairgtear nós imeachta soiléir agus mionsonraithe atá dírithe ar rannpháirtithe agus ar eagraíochtaí rannpháirteacha lena mbunaítear codanna gach céime de na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta.

(20) Ba cheart breisluach féideartha Eorpach a chur ar fáil le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus ba cheart iad a bheith chun leas an phobail, agus ba cheart forbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil na rannpháirtithe a chothú leo. Ba cheart gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a fhorbairt i dtaca le réimsí éagsúla, amhail: oideachas agus oiliúint; obair óige; fostaíocht; comhionannas inscne; fiontraíocht agus, go háirithe, fiontraíocht shóisialta; saoránacht agus rannpháirtíocht dhaonlathach; feasacht idirchultúrtha agus idirphlé idirchultúrtha; cuimsiú sóisialta; cuimsiú daoine faoi mhíchumas; cosaint an chomhshaoil agus an dúlra; gníomhú ar son na haeráide; cosc tubaistí; ullmhacht agus téarnamh; talmhaíocht agus forbairt tuaithe; soláthar bia agus ábhar neamhbhia; sláinte agus folláine; cultúr, lena n-áirítear an oidhreacht chultúrtha; cruthaitheacht; corpoideachas agus spórt; cúnamh sóisialta agus leas sóisialta; glacadh le náisiúnaigh tríú tír agus lánpháirtiú náisiúnach tríú tír, agus na dúshláin atá os comhair daoine a bhfuil cúlra imirceach acu á gcur san áireamh ag an am céanna; comhar críochach agus comhtháthú críochach; agus comhar trasna teorainneacha. Ba cheart gné láidir foghlama agus oiliúna a bheith san áireamh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta trí ghníomhaíochtaí ábhartha a tháirgtear do rannpháirtithe roimh an ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta, lena linn, agus ina diaidh.

(21) Eispéireas saibhir i gcomhthéacs na foghlama seachfhoirmiúla agus na foghlama neamhfhoirmiúla atá sa tsaorálaíocht, laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon, agus feabhsaítear léi forbairt phearsanta, shochoideachasúil agus ghairmiúil, saoránacht ghníomhach, rannpháirtíocht shibhialta agus infhostaitheacht daoine óga. Níor cheart drochthionchar a bheith ag an tsaorálaíocht ar fhostaíocht íoctha a d'fhéadfadh a bheith ann ná ar fhostaíocht íoctha atá ann cheana agus níor cheart í a mheas mar rud a ghabhfadh ionad na fostaíochta íoctha. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit obair i gcomhar le chéile maidir le beartais saorálaíochta i réimse na hóige tríd an modh oscailte comhordúcháin.

(22) Is sócmhainn thábhachtach é meon tionscnaimh daoine óga don tsochaí agus do mhargadh an tsaothair. Leis an gClár, rannchuidítear leis an meon tionscnaimh sin a chothú trí dheis a thabhairt do dhaoine óga a dtionscadail dlúthpháirtíochta féin a dhearadh agus a chur chun feidhme, arb é is aidhm leis na tionscadail sin dul i ngleic le dúshláin shonracha chun leasa a bpobal áitiúil féin. Is deis iad na tionscadail dlúthpháirtíochta chun triail a bhaint as smaointe nua a bhaineann le dúshláin chomhchoiteanna agus as réitigh nuálacha ar dhúshláin den sórt sin trí chur chuige ón mbun aníos agus le tionscadail dlúthpháirtíochta, tacaítear le daoine óga gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thiomáint chun tosaigh astu féin. Is túsphointe iad tionscadail dlúthpháirtíochta freisin le haghaidh breis rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus is céad chéim iad chun rannpháirtithe a spreagadh i dtreo na féinfhostaíochta agus leanúint de bheith ina saoránaigh ghníomhacha mar shaorálaithe, oiliúnaithe nó fostaithe i gcumainn, eagraíochtaí neamhrialtasacha nó comhlachtaí eile atá gníomhach in earnáil na dlúthpháirtíochta, earnáil an neamhbhrabúis agus earnáil na hóige.

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 375/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil ("an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE") (IO L 122, 24.4.2014, lch. 1).

([9]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

(23) Is féidir le rannpháirtithe sa tsaorálaíocht ("saorálaithe") rannchuidiú le hacmhainneacht an Aontais a neartú cabhair dhaonnúil atá bunaithe ar riachtanais agus atá ar bhonn prionsabail a sholáthar agus is féidir leo rannchuidiú le héifeachtacht na hearnála daonnúla a mhéadú ar choinníoll go ndéantar iad a roghnú, a oiliúint agus a ullmhú go leormhaith lena n-imscaradh chun a áirithiú go bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha acu chun cabhair a thabhairt do dhaoine atá i ngátar ar an mbealach is éifeachtaí is féidir agus ar choinníoll gur féidir leo brath ar thacaíocht agus ar mhaoirsiú leordhóthanach ar an láthair. Dá bhrí sin, tá ról na gcóitseálaithe, na meantóirí agus na saineolaithe, a bhfuil ardscileanna acu, atá ardoilte agus a bhfuil taithí acu, fíorthábhachtach chun rannchuidiú le héifeachtacht na freagartha daonnúla ar an láthair mar aon le tacú le saorálaithe mar chuid den tsaorálaíocht. Is féidir le cóitseálaithe, meantóirí agus saineolaithe den sórt sin páirt a ghlacadh sa tsaorálaíocht chun treoir a thabhairt do na saorálaithe agus chun iad a thionlacan agus chun cabhrú le tacaíocht a thabhairt do chomhpháirteanna forbartha agus fothaithe acmhainneachta na saorálaíochta, rud a neartaíonn ar an dóigh sin líonraí agus pobail áitiúla. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar acmhainneacht na n-ósteagraíochtaí i dtríú tíortha agus ar an ngá atá leis an tsaorálaíocht a dhaingniú sa chomhthéacs áitiúil agus le hidirghníomhaíocht na saorálaithe le gníomhaithe áitiúla daonnúla, leis an bpobal óstála agus leis an tsochaí shibhialta a éascú.

(24) Tá sé tábhachtach go mbraithfeadh rannpháirtithe agus eagraíochtaí rannpháirteacha gur cuid de phobal daoine agus eintiteas iad atá tiomanta don dlúthpháirtíocht a fheabhsú ar fud na hEorpa. San am céanna, tá tacaíocht de dhíth ar eagraíochtaí rannpháirteacha chun a n-acmhainneacht a neartú maidir le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ardcháilíochta a thairiscint do líon méadaitheach rannpháirtithe. Leis an gClár, ba cheart tacú le gníomhaíochtaí líonraithe arb é is aidhm leo rannpháirtíocht na rannpháirtithe agus na n-eagraíochtaí rannpháirteacha a neartú i bpobal den sórt sin, meon an Chláir a chothú agus malartú cleachtas úsáideach agus taithí a spreagadh. Le gníomhaíochtaí líonraithe, ba cheart rannchuidiú freisin le feasacht a ardú faoin gClár i measc gníomhaithe poiblí agus príobháideacha agus le bailiú aiseolais a éascú ó rannpháirtithe agus ó eagraíochtaí rannpháirteacha maidir le cur chun feidhme an Chláir.

(25) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar cháilíocht na ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus na ndeiseanna a thairgtear faoin gClár a áirithiú, go háirithe trí oiliúint ar líne nó as líne, tacaíocht teanga agus tacaíocht riaracháin a thairiscint do rannpháirtithe roimh an ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta i gceist, lena linn agus ina diaidh, chomh maith le hárachas, lena n-áirítear cumhdach tionóisce, breoiteachta agus dliteanais tríú páirtí. Ba cheart bailíochtú an eolais, na scileanna agus na n-inniúlachtaí arna sealbhú ag na rannpháirtithe le linn a n-eispéireas faoin gClár a áirithiú. Tá slándáil agus sábháilteacht na rannpháirtithe, na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus na dtairbhithe beartaithe ríthábhachtach i gcónaí. Ba cheart ceanglais iomchuí imréitigh do rannpháirtithe a oibríonn le grúpaí leochaileacha a áireamh i slándáil agus sábháilteacht den sórt sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme. Ba cheart do na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta uile an prionsabal arb é "gan dochar a dhéanamh" a chomhlíonadh agus ba cheart iad a chur chun feidhme agus aird chuí á tabhairt ar thionchar imthosca gan choinne amhail géarchéimeanna comhshaoil, coinbhleachtaí nó paindéimí. Níor cheart saorálaithe a imlonnú in oibríochtaí a dhéantar i limistéir coinbhleachtaí armtha idirnáisiúnta agus neamh-idirnáisiúnta nó i saoráidí lena sáraítear caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine.

(26) Ba cheart don Chlár urraim a thabhairt do na prionsabail a leagtar amach i dTreoirlínte 2017 de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh a Chur chun Cinn agus a Chosaint agus in Airteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

(27) Chun tionchar ghníomhaíochtaí an Chláir ar fhorbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, chultúrtha, shibhialta agus ghairmiúil na rannpháirtithe a áirithiú, ba cheart an fhaisnéis, na scileanna agus na hinniúlachtaí ar cuspóirí foghlama na gníomhaíochta i gceist iad a shainaithint agus a dhoiciméadú go cuí. Chuige sin, ba cheart úsáid ionstraimí éifeachtacha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta, amhail Youthpass agus Europass, a spreagadh, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis na himthosca agus na sainiúlachtaí náisiúnta, mar a mholtar i Moladh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 ([10]).

(28) Ba cheart don Choimisiún agus do na gníomhaireachtaí náisiúnta iar-rannpháirtithe a spreagadh freisin chun a dtaithí a roinnt trí líonraí don óige, forais oideachais agus ceardlanna i róil amhail ambasadóirí nó mar bhaill de líonra. D'fhéadfadh iar-rannpháirtithe rannchuidiú le hoiliúint a chur ar na rannpháirtithe freisin.

(29) Le lipéad cáilíochta, ba cheart a áirithiú go gcomhlíonann na heagraíochtaí rannpháirteacha prionsabail agus riachtanais an Chláir maidir lena gcearta agus lena bhfreagrachtaí ag gach céim d'eispéireas na dlúthpháirtíochta.

([10]) Moladh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil agus an fhoghlaim neamhfhoirmiúil a bhailíochtú (IO C 398, 22.12.2012, lch. 1).

(30) Aon eintiteas ar mian leis a bheith rannpháirteach sa Chlár, ba cheart dó lipéad cáilíochta a fháil ar choinníoll go gcomhlíonann sé na coinníollacha iomchuí. Ba cheart do chomhlachtaí cur chun feidhme an Chláir an próiseas trína mbronntar lipéad cáilíochta a dhéanamh ar bhonn leanúnach. Ba cheart do chomhlachtaí cur chun feidhme an Chláir athmheasúnú tréimhsiúil a dhéanamh féachaint an leanann na heintitis de na coinníollacha ba bhun lena lipéad cáilíochta a bhronnadh a chomhlíonadh. Ba cheart lipéad cáilíochta a chúlghairm i gcás inar léir, i gcomhthéacs na seiceálacha a dhéanann comhlachtaí cur chun feidhme an Chláir, nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh a thuilleadh ag an eintiteas i gceist. Ba cheart an próiseas riaracháin maidir le lipéad cáilíochta a bhronnadh a íoslaghdú oiread agus féidir sa chaoi nach gcuirfear bac ar eagraíochtaí níos lú a bheith rannpháirteach.

(31) Ba cheart lipéad cáilíochta a bheith faighte ag aon eintiteas ar mian leis cur isteach ar chistiú chun gníomhaíochtaí a thairiscint faoin gClár. Níor cheart feidhm a bheith ag réamhchoinníoll den sórt sin maidir le daoine nádúrtha atá ag lorg tacaíocht airgeadais dá dtionscadail dlúthpháirtíochta thar ceann grúpa neamhfhoirmiúil de rannpháirtithe. Mar sin féin, níor cheart cistiú a fháil go huathoibríoch faoin gClár toisc go bhfaightear lipéad cáilíochta.

(32) Mar riail ghinearálta, ba cheart iarratais ar dheontais a chur faoi bhráid ghníomhaireacht náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht rannpháirteach lonnaithe. Iarratais ar dheontais le haghaidh gníomhaíochtaí a bhfuil gné uile-Aontais nó idirnáisiúnta ag baint leo, lena n-áirítear gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta de chuid foirne saorálaíochta i réimsí tosaíochta a aithnítear ar leibhéal an Aontais agus gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta mar thacaíocht le hoibríochtaí cabhrach daonnúla i dtríú tíortha, féadfar iad a bhainistiú go lárnach más iomchuí.

(33) Féadfaidh eagraíochtaí rannpháirteacha roinnt feidhmeanna éagsúla a dhéanamh faoi chuimsiú an Chláir. I gcáil óstaigh, ba cheart d'eagraíochtaí rannpháirteacha gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le glacadh leis na rannpháirtithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a eagrú agus treoir agus tacaíocht a sholáthar do rannpháirtithe le linn na gníomhaíochta dlúthpháirtíochta, de réir mar is iomchuí. I bhfeidhm tacaíochta, féadfaidh siad gníomhaíochtaí i ndáil leis na rannpháirtithe a chur amach mar aon leis na rannpháirtithe a ullmhú roimh an ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta agus iad a threorú lena linn agus ina diaidh, lena n-áirítear oiliúint a chur ar rannpháirtithe agus iad a chur i dtreo eagraíochtaí áitiúla i ndiaidh na gníomhaíochta dlúthpháirtíochta chun cur leis na deiseanna a bheadh ann tuilleadh eispéiris dlúthpháirtíochta a fháil. Leis an lipéad cáilíochta, ba cheart a léiriú go mbíonn difríocht idir ceanglais shonracha ag brath ar chineál na gníomhaíochta dlúthpháirtíochta a chuirtear ar fáil, agus ba cheart a dheimhniú leis go bhfuil an eagraíocht in ann cáilíocht na ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a áirithiú le linn gach céime den eispéireas dlúthpháirtíochta, i gcomhréir le prionsabail agus cuspóirí an Chláir. Aon eintiteas a dhéanann athrú suntasach ar a ghníomhaíochtaí, ba cheart dó é sin a chur in iúl do chomhlacht inniúil cur chun feidhme an Chláir, agus is féidir leis an gcomhlacht sin a athmheasúnú an leanann an t-eintiteas sin de na coinníollacha ba bhun leis an lipéad cáilíochta a bhronnadh a chomhlíonadh.

(34) Chun tacú le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta i measc daoine óga, d'fhéadfadh eagraíochtaí rannpháirteacha a bheith ina n-eintitis phoiblí nó phríobháideacha nó ina n-eagraíochtaí idirnáisiúnta, bíodh siad de chineál neamhbhrabúsach nó brabúsach, agus d'fhéadfaí a áireamh leo eagraíochtaí don óige, institiúidí reiligiúnacha, comhlachtaí carthanais, eagraíochtaí tuata daonnachais, eagraíochtaí neamhrialtasacha nó gníomhaithe eile ón tsochaí shibhialta.

(35) Ba cheart méadú ar thionscadail an Chláir a éascú. Ba cheart bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun cabhrú le tionscnóirí thionscadail an Chláir iarratas ar dheontais a dhéanamh nó sineirgíochtaí a fhorbairt trí thacaíocht ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus ó chláir an Aontais a bhaineann le himirce, slándáil, ceartas agus saoránacht, sláinte agus cultúr.

(36) Ba cheart d'Ionaid Acmhainní an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh cuidiú le comhlachtaí cur chun feidhme an Chláir, na heagraíochtaí rannpháirteacha agus na rannpháirtithe chun cáilíocht chur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Chláir a fheabhsú agus chun feabhas a chur ar shainaithint agus bailíochtú inniúlachtaí a shealbhaítear trí na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear trí Youthpass.

(37) Ba cheart Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a fhorbairt go leanúnach chun rochtain éasca ar an gClár a áirithiú i gcomhréir leis na caighdeáin a bunaíodh le Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) agus chun ionad ilfhreastail a chur ar fáil do dhaoine agus d'eagraíochtaí ar spéis leo é maidir le, *inter alia*, clárú, sainaithint agus meaitseáil próifílí agus deiseanna, líonrú agus malartuithe fíorúla, oiliúint ar líne, tacaíocht teanga agus iar-ghníomhaíochta agus feidhmiúlachtaí úsáideacha eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo.

([11]) Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus na bhfeidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).

(38) Ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ag cur san áireamh an Creat Eorpach Idir-inoibritheachta, a leagtar amach i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Márta 2017 dar teideal "European Interoperability Framework – Implementation Strategy" [An Creat Eorpach Idir-inoibritheachta – Straitéis Cur Chun Feidhme], lena dtugtar treoir shonrach ar an gcaoi le seirbhísí poiblí digiteacha idir-inoibritheacha a bhunú, agus a chuirtear chun feidhme sna Ballstáit agus i gcomhaltaí eile den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach trí chreata náisiúnta idir-inoibritheachta. Leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta, tugtar 47 moladh nithiúla don lucht riaracháin phoiblí i dtaca leis an gcaoi le rialachas ar a ngníomhaíochtaí idir-inoibritheachta a fheabhsú, le caidrimh thraseagraíochtúla a bhunú, le próisis a thacaíonn le seirbhísí digiteacha ó cheann go ceann a chuíchóiriú agus lena áirithiú nach gcuireann na gníomhartha dlí atá ann cheana ná na gníomhartha dlí nua isteach ar iarrachtaí idir-inoibritheachta.

(39) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]) ("an Rialachán Airgeadais") maidir leis an gClár. Leis an Rialachán Airgeadais, leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear rialacha maidir le deontais, duaiseanna, soláthar, bainistíocht indíreach, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh airgeadais agus aisíocaíocht a dhéanamh le saineolaithe seachtracha.

(40) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]), agus Rialacháin (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ([14]), (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ([15]) agus (AE) 2017/1939 ([16]) ón gComhairle, táthar chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, lena n-áirítear calaois, le cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, le pionóis riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, tá an chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Tugtar de chumhacht d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]), a imscrúdú agus a ionchúiseamh. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, tá ar aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i leith na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OIPE, agus a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.

(41) Tá an Clár dírithe ar dhaoine óga idir 18 agus 30 bliain d'aois. Chun a bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí a chuireann an Clár ar fáil, ba cheart ceangal a bheith ar dhaoine óga den sórt sin clárú ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ar dtús.

(42) I bhfianaise dhúshláin shonracha na gníomhaíochta daonnúla, ba cheart do rannpháirtithe a dhéanann saorálaíocht mar thacaíocht le hoibríochtaí cabhrach daonnúla a bheith 18 mbliana d'aois ar a laghad agus gan a bheith os cionn 35 bliana d'aois.

(43) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar a áirithiú go mbíonn gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta inrochtana ag gach duine óg, agus go háirithe ag daoine óga ar lú iad na deiseanna atá acu. Ba cheart bearta speisialta a chur i bhfeidhm chun cuimsiú sóisialta agus, go háirithe, rannpháirtíocht daoine óga faoi mhíbhuntáiste, a chur chun cinn, lena n-áirítear cóiríocht réasúnta a chur ar fáil chun cur ar chumas na ndaoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach go héifeachtach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar bhonn comhionann le daoine eile i

([12]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

([13]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

([14]) Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

([15]) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

([16]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

([17]) Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

gcomhréir le hAirteagal 27 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus le Treoir 2000/78/CE ón gComhairle ([18]). Le bearta speisialta den sórt sin, ba cheart a chur san áireamh na srianta atá ann mar gheall ar iargúltacht roinnt limistéar tuaithe, na réigiún is forimeallaí den Aontas agus na dtíortha agus na gcríoch thar lear agus mar gheall ar bhochtaineacht i limistéir pheirea-uirbeacha áirithe. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do na Ballstáit, na tíortha agus na críocha thar lear agus na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár féachaint leis na bearta iomchuí uile a ghlacadh chun deireadh a chur leis na bacainní dlí agus riaracháin atá ar fheidhmiú cuí an Chláir. Leis na bearta sin, ba cheart, nuair is féidir agus gan dochar do *acquis* Schengen agus dlí an Aontais maidir le dul isteach agus cónaí náisiúnach tríú tíortha, na fadhbanna riaracháin a réiteach, ar fadhbanna iad a chruthaíonn deacrachtaí i dtaca le víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil agus, i gcás gníomhaíochtaí trasteorann laistigh den Aontas, i dtaca le Cárta Eorpach um Sláinte Árachais a fháil.

(44) Tá tábhacht ag baint le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas Comhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide a chur chun feidhme agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, agus léiriú air sin is ea é go bhfuil an Clár beartaithe chun rannchuidiú le príomhshruthú na mbeart a dhéantar ar son na haeráide agus le baint amach na sprice arb é atá inti 30 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. I gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ina cháil mar threoirphlean don fhás inbhuanaithe, ba cheart do na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo an prionsabal arb é "gan dochar a dhéanamh" a urramú ach gan buntréith an Chláir a athrú. Le linn chur chun feidhme an Chláir, ba cheart gníomhaíochtaí ábhartha a shainaithint agus a chur i bhfeidhm agus ba cheart athmheasúnú a dhéanamh orthu i gcomhthéacs na meastóireachtaí ábhartha agus an phróisis athbhreithnithe ábhartha. Is iomchuí freisin tomhas a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ábhartha a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin atá beartaithe chun tionchar an Chláir ar an gcomhshaol a laghdú.

(45) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais don Chlár, arb éard a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí phointe 18 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([19]), do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

(46) Ba cheart na cineálacha maoiniúcháin agus na modhanna cur chun feidhme faoin Rialachán seo a roghnú bunaithe ar a fhónta atá siad ó thaobh cuspóirí sonracha na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a thabhairt, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chostais na rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar an riosca neamhchomhlíontachta a mheastar a bheith ann. Agus an rogha sin á dhéanamh i dtaca le deontais, ba cheart úsáid cnapshuimeanna, rátaí comhréidh agus scálaí costas aonaid a mheas.

(47) Féadfaidh tríú tíortha ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bheith rannpháirteach i gcláir de chuid an Aontais faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoin gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([20]), ina ndéantar foráil do chur chun feidhme na gclár ar bhonn cinneadh arna ghlacadh faoin gComhaontú sin. Féadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach freisin ar bhonn ionstraimí dlí eile. Ba cheart foráil ar leith a thabhairt isteach leis an Rialachán seo lena gcuirfear de cheangal ar thríú tíortha na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú go cuimsitheach. Ba cheart rannpháirtíocht iomlán tríú tíortha sa Chlár a bheith faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gcomhaontuithe sonracha lena gcumhdaítear rannpháirtíocht an tríú tír lena baineann sa Chlár. Cuimsíonn rannpháirtíocht iomlán, ina theannta sin, an oibleagáid gníomhaireacht náisiúnta a chur ar bun agus cuid de ghníomhaíochtaí an Chláir a bhainistiú faoi bhainistíocht indíreach. Ba cheart eintitis dhlítheanacha ó thríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith in ann a bheith rannpháirteach i gcuid de ghníomhaíochtaí an Chláir, mar a shainítear sna cláir oibre agus sna glaonna ar thograí arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún. Agus an Clár á chur chun feidhme, d'fhéadfaí socruithe sonracha a chur san áireamh maidir le heintitis dhlítheanacha ó Andóra, Lichtinstéin, ó Mhonacó, ó Shan Mairíne agus ón Suí Naofa a bheith rannpháirteach.

(48) Chun tionchar an Chláir a uasmhéadú, ba cheart forálacha a dhéanamh le go mbeidh na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár agus le cláir eile de chuid an Aontais in ann cistiú náisiúnta breise a chur ar fáil i gcomhréir le rialacha an Chláir.

(49) De bhun Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle ([21]), tá daoine agus eintitis atá bunaithe i dtíortha agus críocha thar lear incháilithe do chistiú faoi réir rialacha agus chuspóirí an Chláir agus faoi réir aon socrú féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena bhfuil an tír nó an chríoch ábhartha thar lear nasctha.

([18]) Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta maidir le cóir comhionann i gcúrsaí fostaíochta agus oideachais (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).
([19]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([20]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.
([21]) Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le tíortha agus críocha thar lear a chomhlachú leis an Aontas Eorpach ("Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear") (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

(50) I bhfianaise Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2017 dar teideal "A stronger and renewed strategic partnership with the EU's outermost regions" [Comhpháirtíocht straitéiseach níos láidre agus athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí den Aontas], ba cheart don Chlár staid shonrach na réigiún dá dtagraítear san Airteagal sin a chur san áireamh. Ba cheart bearta a dhéanamh chun rannpháirtíocht na réigiún is forimeallaí a mhéadú i ngach gníomhaíocht, lena n-áirítear trí bhíthin tacaíocht airgeadais, i gcás inarb ábhartha, le haghaidh gníomhaíochtaí soghluaisteachta. Ba cheart malartuithe agus comhar soghluaisteachta idir daoine agus eagraíochtaí ó na réigiúin sin agus ó thríú tíortha, go háirithe a gcomharsana, a chothú. Ba cheart faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bhearta den sórt sin ar bhonn rialta.

(51) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ba cheart don Choimisiún cláir oibre a ghlacadh agus Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi sin. Ba cheart na bearta is gá leis na cláir oibre a chur chun feidhme a leagan amach sna cláir oibre i gcomhréir le cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir, leis na critéir roghnúcháin agus dámhachtana le haghaidh deontas, chomh maith le gach aon ghné eile is gá. Ba cheart na cláir oibre agus aon leasú a dhéantar orthu a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin.

(52) De bhun mhíreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([22]), ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an gClár ar bhonn na faisnéise arna bailiú i gcomhréir le ceanglais faireacháin shonracha, agus ag an céanna ualach riaracháin, go háirithe ar na Ballstáit, agus ró-rialáil á seachaint. Ar na ceanglais sin, ba cheart a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an Chláir ar an láthair, lena n-áirítear éifeachtaí ar dhúshláin shochaíocha agus dhaonnúla.

(53) Ba cheart for-rochtain iomchuí, poiblíocht agus scaipeadh na ndeiseanna agus thorthaí na ngníomhaíochtaí a dtacaíonn an Clár leo a áirithiú ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhiontair shóisialta, rud a spreagfadh iad le tacú le gníomhaíochtaí an Chláir. Ba cheart na gníomhaíochtaí for-rochtana, poiblíochta agus scaipthe a bheith ag brath ar chomhlachtaí cur chun feidhme uile an Chláir agus ba cheart, i gcás inarb ábhartha, tacaíocht na bpríomhpháirtithe leasmhara eile a bheith acu. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún dul i dteagmháil le raon leathan geallsealbhóirí go tráthrialta, lena n-áirítear eagraíochtaí rannpháirteacha, feadh shaolré an Chláir, chun comhroinnt dea-chleachtas agus torthaí tionscadal a éascú agus aiseolas ar an gclár a bhailiú. Ba cheart cuireadh a thabhairt do na gníomhaireachtaí náisiúnta páirt a ghlacadh sa phróiseas sin.

(54) Chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach ar bhealach níos fearr, ba cheart don Choimisiún, do na húdaráis náisiúnta agus do na gníomhaireachtaí náisiúnta a bheith ag obair i ndlúthchomhar le chéile i gcás inar féidir agus, i gcás inarb iomchuí, i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí neamhrialtasacha, fiontair shóisialta, eagraíochtaí don óige, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas, agus geallsealbhóirí áitiúla a bhfuil saineolas acu ar ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta.

(55) Chun éifeachtúlacht níos fearr a áirithiú maidir leis an gcumarsáid a dhéantar leis an bpobal i gcoitinne agus chun sineirgíochtaí níos láidre idir gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéantar ar thionscnamh an Choimisiúin a threisiú, ba cheart, leis na hacmhainní airgeadais a leithdháiltear ar ghníomhaíochtaí cumarsáide faoin Rialachán seo, rannchuidiú freisin le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais a chumhdach, a mhéid a bhaineann na tosaíochtaí sin le cuspóir ginearálta an Chláir.

(56) Chun a áirithiú go gcuirtear an Rialachán seo chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil, ba cheart don Chlár an leas is mó is féidir a bhaint as na socruithe bainistíochta atá ann cheana. Ba cheart, dá bhrí sin, cur chun feidhme foriomlán an Chláir a chur de chúram ar struchtúir atá ann cheana, eadhon an Coimisiún agus na gníomhaireachtaí náisiúnta arna n-ainmniú chun bainistiú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chaibidil maidir leis an óige i Rialachán (AE) 2021/817. Mar sin féin, ba cheart gníomhaíochtaí faoin tsraith arb í "rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil" a bhainistiú go díreach go príomha. Ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle go rialta leis na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear eagraíochtaí rannpháirteacha, maidir le cur chun feidhme an Chláir.

(57) Chun bainistíocht fhónta airgeadais agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú sna Ballstáit agus i dtríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár, ba cheart do gach údarás náisiúnta comhlacht neamhspleách iniúchóireachta a ainmniú. Más indéanta, agus chun an leibhéal éifeachtúlachta is fearr is féidir a bhaint amach, ba cheart gurbh ionann na comhlachtaí neamhspleácha iniúchóireachta agus na comhlachtaí neamhspleácha iniúchóireachta arna n-ainmniú do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chaibidil maidir leis an óige i Rialachán (AE) 2021/817.

(58) Ba cheart do na Ballstáit féachaint leis na bearta iomchuí uile a ghlacadh is gá chun deireadh a chur le bacainní dlí agus riaracháin ar fheidhmiú ceart an Chláir. Áirítear leis sin teacht ar réiteach, nuair is féidir agus gan dochar do dhlí an Aontais maidir le dul isteach agus cónaí náisiúnach tríú tír, ar fhadhbanna a chruthaíonn deacrachtaí maidir le víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil.

([22]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(59) Ba cheart a áirithiú leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta go ndéanfar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus meastóireacht an Chláir a bhailiú ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil agus ar an leibhéal iomchuí mionsonraithe. Ba cheart sonraí den sórt sin a chur in iúl don Choimisiún ar dhóigh a chomhlíonann na rialacha ábhartha cosanta sonraí.

(60) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]).

(61) Chun na ceanglais ar thairbhithe a shimpliú, ba cheart úsáid a bhaint a mhéid is féidir as deontais shimplithe i bhfoirm cnapshuimeanna, maoiniú ar ráta comhréidh agus costais aonaid. Ba cheart a chur san áireamh sna deontais shimplithe chun tacú le gníomhaíochtaí soghluaisteachta faoin gClár, arna sainiú ag an gCoimisiún, costais mhaireachtála agus chothaithe sa tír óstach. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chomh maith chun na deontais sin a dhíolmhú ó aon chánacha agus tobhaigh shóisialta; ba cheart caitheamh le deontais a dhámhann eintitis dhlítheanacha phoiblí nó phríobháideacha do dhaoine aonair ar an mbealach céanna.

(62) Chun a áirithiú go ndéanfar measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn an Chláir maidir le baint amach a chuspóirí, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Iarscríbhinn a leasú maidir le táscairí feidhmíochta an Chláir. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú gníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile san am céanna le saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú gníomhartha tarmligthe.

(63) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"). Go háirithe, féachtar leis an Rialacháin seo urraim iomlán a áirithiú do cheart an chomhionannais idir fir agus mná agus do cheart an neamh-idirdhealaithe bunaithe ar ghnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, cúlra socheacnamaíoch, agus cur i bhfeidhm Airteagail 21 agus 23 den Chairt a chur chun cinn.

(64) Tá feidhm ag rialacha airgeadais cothrománacha arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 CFAE maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin sa Rialachán Airgeadais agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, duaiseanna agus cur chun feidhme indíreach, agus foráiltear leo do sheiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. Áirítear freisin leis na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.

(65) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar ardcháilíocht a fheabhsú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(66) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, is féidir deontas a dhámhachtain i gcomhair gníomhaíocht atá tosaithe cheana, ar choinníoll gur féidir leis an iarratasóir a thaispeáint gur gá tús a chur leis an ngníomhaíocht sula síneofar an comhaontú deontais. Mar sin féin, níl na costais arna dtabhú roimh an dáta a thíolacfar an t-iarratas ar dheontas incháilithe do mhaoiniú ón Aontas, ach amháin i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo. Chun aon chur isteach ar thacaíocht ón Aontas a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais a sheachaint, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann foráil a dhéanamh sa chinneadh maoiniúcháin, ar feadh tréimhse theoranta ama ag tús CAI 2021-2027, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus sna cásanna sin amháin, d'incháilitheacht gníomhaíochtaí agus costas ón 1 Eanáir 2021, fiú más rud é gur cuireadh na gníomhaíochtaí sin chun feidhme agus gur tabhaíodh na costais sin sular cuireadh isteach an t-iarratas ar dheontas.

(67) Ní féidir gníomhaíochtaí nó tionscnaimh nach dtacaítear leo faoin gClár seo a chur san áireamh sna cláir oibre.

([23]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(68) Chun an breisluach is fearr a fháil ó infheistíochtaí a chistítear go hiomlán nó i bpáirt ó bhuiséad an Aontais, ba cheart sineirgíochtaí a lorg go háirithe idir an Clár agus cláir eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Cistí a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht roinnte. Chun an leas is mó is féidir a bhaint as na sineirgíochtaí sin, ba cheart príomhshásraí cumasúcháin a áirithiú, lena n-áirítear cistiú carnach i ngníomhaíocht ón gClár agus ó chlár eile de chuid an Aontais, chomh fada agus nach mó cistiú carnach den sórt sin ná costais incháilithe iomlána na gníomhaíochta. Chun na críche sin, ba cheart rialacha iomchuí a leagan amach sa Rialachán seo, go háirithe maidir leis an bhféidearthacht an costas nó an caiteachas céanna a dhearbhú ar bhonn *pro rata* don Chlár agus do chlár eile de chuid an Aontais.

(69) Ba cheart Rialachán (AE) 2018/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([24]) a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

(70) Chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar sa réimse beartais ábhartha agus chun go bhféadfar tús a chur le cur chun feidhme an Chláir ó thús CAI 2021-2027, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo, le héifeacht chúlghabhálach, ón 1 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*CAIBIDIL I*

***Forálacha ginearálta***

*Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ("an Clár") ar feadh ré CAI 2021-2027.

2. Leis an gClár, cuirtear an dá shraith gníomhaíochtaí seo a leanas ar bun:

(a) an tsraith arb í "rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta"; agus

(b) an tsraith arb í "rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil" ("an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil").

3. Leis an Rialachán seo, leagtar síos cuspóirí an Chláir, an buiséad don tréimhse 2021 go dtí 2027, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "gníomhaíocht dlúthpháirtíochta" gníomhaíocht chuimsitheach ar ardcháilíocht lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin mhóra shochaíocha, lena rannchuidítear le cuspóirí an Chláir a bhaint amach, i bhfoirm saorálaíochta, tionscadail dlúthpháirtíochta nó gníomhaíochta líonraithe i réimsí éagsúla, lena n-áirítear i réimse na cabhrach daonnúla, lena n-áirithítear an breisluach Eorpach agus lena gcomhlíontar rialacháin sláinte ceirde agus sábháilteachta agus rialacha slándála ábhartha;

(2) ciallaíonn "iarrthóir cláraithe" duine aonair atá idir 17 mbliana d'aois agus 30 bliain d'aois nó, i gcás saorálaíocht faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil, idir 17 mbliana d'aois agus 35 bliana d'aois, atá ina chónaí nó ina cónaí go dlíthiúil i mBallstát, i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír rannpháirteach eile faoin Rialachán seo agus a chláraigh ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun a léiriú go bhfuil spéis aige nó aici a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta ach nach bhfuil rannpháirteach i ngníomhaíocht den sórt sin go fóill;

(3) ciallaíonn "rannpháirtí" duine aonair atá idir 18 mbliana d'aois agus 30 bliain d'aois nó, i gcás saorálaíocht faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil, idir 18 mbliana d'aois agus 35 bliana d'aois atá ina chónaí nó ina cónaí go dlíthiúil i mBallstát, i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtír rannpháirteach eile faoin Rialachán seo, a chláraigh ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus a ghlacann páirt i ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta;

(4) ciallaíonn "daoine óga ar lú iad na deiseanna atá acu" daoine óga a mbíonn bacainní rompu a chuireann cosc orthu rochtain éifeachtach a bheith acu ar dheiseanna faoin gClár ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, geografacha nó sláinte, mar gheall ar a gcúlra imirceach, nó ar chúiseanna amhail míchumas nó deacrachtaí oideachais nó ar aon chúis eile, lena n-áirítear cúis a d'fhéadfadh idirdhealú faoi Airteagal 21 den Chairt teacht aisti;

([24]) Rialachán (AE) 2018/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos creat dlíthiúil an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE (IO L 250, 4.10.2018, lch. 1).

(5) ciallaíonn "eagraíocht rannpháirteach" eintiteas áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, bíodh sé poiblí nó príobháideach nó bíodh sé de chineál neamhbhrabúsach nó brabúsach, ar bronnadh lipéad cáilíochta air;

(6) ciallaíonn "saorálaíocht" gníomhaíocht dlúthpháirtíochta a mhaireann suas le 12 mhí, ar gníomhaíocht dheonach gan íocaíocht í a rannchuidíonn leis an leas coiteann a bhaint amach;

(7) ciallaíonn "tionscadal dlúthpháirtíochta" gníomhaíocht dlúthpháirtíochta gan íocaíocht a mhaireann suas le 12 mhí agus a dhéanann grúpaí de chúigear rannpháirtithe ar a laghad d'fhonn aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin ina bpobail, agus breisluach Eorpach soiléir á léiriú ag an am céanna;

(8) ciallaíonn "lipéad cáilíochta" an deimhniúchán a bhronntar, ar bhonn ceanglais shonracha éagsúla ag brath ar an gcineál gníomhaíochta dlúthpháirtíochta, ar eagraíocht rannpháirteach atá toilteanach gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a chur ar fáil faoin gClár i gcáil óstaigh, i gcáil tacaíochta, nó sa dá cháil;

(9) ciallaíonn "Ionaid Acmhainní an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh" na feidhmeanna breise a dhéanann gníomhaireachtaí náisiúnta ainmnithe chun tacú le forbairt, cur chun feidhme agus cáilíocht gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta faoin gClár chomh maith le sainaithint na n-inniúlachtaí arna sealbhú ag na rannpháirtithe trína ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta;

(10) ciallaíonn "Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh" uirlis ghréasánbhunaithe idirghníomhach, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, arna bainistiú faoi fhreagracht an Choimisiúin, a sholáthraíonn seirbhísí ábhartha ar líne chun tacú le dea-chur chun feidhme an Chláir, a chomhlánaíonn gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí rannpháirteacha, lena n-áirítear faisnéis a sholáthar faoin gClár, a chláraíonn rannpháirtithe, a lorgaíonn rannpháirtithe, a fhógraíonn agus a lorgaíonn gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, a lorgaíonn comhpháirtithe tionscadail ionchasacha, a thacaíonn le teagmhálacha a dhéanamh agus a tháirgeann gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, oiliúint agus gníomhaíochtaí cumarsáide agus líonraithe, a chuireann úsáideoirí ar an eolas faoi dheiseanna agus a thugann fógra dóibh maidir leo, a sholáthraíonn sásra aiseolais maidir le cáilíocht na ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus a ligeann d'fheidhmeanna eile a chur léi mar fhreagairt ar fhorbairtí ábhartha eile a bhaineann leis an gClár;

(11) ciallaíonn "uirlis trédhearcachta agus aitheantais an Aontais" ionstraim a chuidíonn le geallsealbhóirí torthaí na foghlama seachfhoirmiúla agus na foghlama neamhfhoirmiúla a thuiscint, meas a bheith acu orthu agus, de réir mar is iomchuí, iad a aithint ar fud an Aontais;

(12) ciallaíonn "gníomhaíocht cabhrach daonnúla" gníomhaíocht a thacaíonn le hoibríochtaí iarghéarchéime fadtéarmacha cabhrach daonnúla i dtríú tíortha, a bhfuil sé beartaithe léi cúnamh riachtanaisbhunaithe a sholáthar arb é is aidhm leis beatha a chaomhnú, fulaingt an duine a chosc agus a mhaolú agus dínit an duine a chothabháil i gcás géarchéimeanna de dhéantús an duine nó tubaistí nádúrtha, agus áirítear uirthi oibríochtaí cúnaimh, fóirithinte agus cosanta le linn géarchéimeanna daonnúla atá fós ar siúl nó ina ndiaidh, bearta tacaíochta chun rochtain ar dhaoine i ngátar a áirithiú agus chun saorshreabhadh cúnaimh a éascú, agus bearta arb é is aidhm leo an ullmhacht maidir le tubaistí agus laghdú riosca tubaistí a threisiú, fóirithint, athshlánú agus forbairt a nascadh agus rannchuidiú le hathléimneacht agus acmhainneacht pobal atá leochaileach nó buailte le tubaiste a neartú ionas go mbeidh siad in ann déileáil le géarchéimeanna agus teacht astu;

(13) ciallaíonn "tríú tír" tír nach bhfuil ina ball den Aontas.

*Airteagal 3*

**Cuspóirí an Chláir**

1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí a fheabhsú i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta atá inrochtana agus ar ardcháilíocht, an tsaorálaíocht go príomha, mar mhodh chun comhtháthú, dlúthpháirtíocht, daonlathas, féiniúlacht Eorpach agus saoránacht ghníomhach a neartú san Aontas agus níos faide i gcéin, lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha agus dúshláin dhaonnúla ar an láthair, agus béim ar leith á leagan ar an bhforbairt inbhuanaithe, an cuimsiú sóisialta agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn.

2. Is é cuspóir sonrach an Chláir deiseanna atá inrochtana go héasca a sholáthar do dhaoine óga, lena n-áirítear daoine óga ar lú iad na deiseanna atá acu, chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a mbíonn athruithe dearfacha ar an tsochaí san Aontas agus níos faide i gcéin mar thoradh orthu, agus a dhéanann, ag an am céanna, a gcuid inniúlachtaí a fheabhsú agus a bhailíochtú go cuí, agus a rannpháirtíocht leanúnach mar shaoránaigh ghníomhacha a éascú freisin.

3. Déanfar cuspóirí an Chláir a chur chun feidhme faoi na sraitheanna gníomhaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 1(2).

*CAIBIDIL II*

***Gníomhaíochtaí an chláir***

*Airteagal 4*

**Gníomhaíochtaí an Chláir**

1. Leis an gClár, tacófar leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) saorálaíocht mar a leagtar amach in Airteagail 7 agus 10;

(b) tionscadail dlúthpháirtíochta mar a leagtar amach in Airteagal 8;

(c) gníomhaíochtaí líonraithe mar a leagtar amach in Airteagal 5(1); agus

(d) bearta cáilíochta agus tacaíochta mar a leagtar amach in Airteagal 5(2).

2. Leis an gClár, tacófar leis na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a mbaineann breisluach Eorpach soiléir leo, a bhuí leis na tréithe seo a leanas, mar shampla:

(a) na saintréithe trasnáisiúnta a bhaineann leo, go háirithe i dtaca le soghluaisteacht foghlama agus comhar;

(b) an cumas atá acu cláir agus beartais eile a chomhlánú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta;

(c) an ghné Eorpach a bhaineann leo i dtaca lena dtéamaí agus a n-aidhmeanna, a gcineálacha cur chuige, a dtorthaí a bhfuiltear ag súil leo agus gnéithe eile de na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta sin;

(d) an cur chuige atá acu i dtaca le páirt a thabhairt do dhaoine óga ó chúlraí éagsúla;

(e) an méid a rannchuidíonn siad le huirlisí trédhearcachta agus aitheantais an Aontais a úsáid go héifeachtach.

3. Déanfar gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme i gcomhréir leis na ceanglais shonracha a shocraítear le haghaidh gach cineáil gníomhaíochta arna déanamh faoi chuimsiú an Chláir dá dtagraítear in Airteagail 5, 7, 8 agus 10, agus leis na creata rialála is infheidhme sna Ballstáit agus i dtríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár.

4. Tagairtí don tSeirbhís Dheonach Eorpach i ngníomhartha dlí an Aontais, tuigfear leo go n-áirítear tagairtí don tsaorálaíocht faoi Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 agus faoin Rialachán seo araon.

*Airteagal 5*

**Gníomhaíochtaí is coiteann don dá shraith**

1. Déanfar gníomhaíochtaí líonraithe sa tír féin nó trasteorann agus beidh an méid seo a leanas mar aidhm acu:

(a) acmhainneachtaí na n-eagraíochtaí rannpháirteacha a neartú tionscadail ar ardcháilíocht atá inrochtana go héasca a thairiscint do líon méadaitheach rannpháirtithe;

(b) rannpháirtithe nua agus eagraíochtaí rannpháirteacha nua a mhealladh;

(c) deiseanna a thabhairt do rannpháirtithe agus d'eagraíochtaí rannpháirteacha aiseolas a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus an Clár a chur chun cinn; agus

(d) rannchuidiú le taithí a mhalartú agus an bhraistint chomhuintearais a neartú i measc rannpháirtithe agus eagraíochtaí rannpháirteacha, agus, ar aon gcaoi sin, tacú le tionchar dearfach níos leithne an Chláir, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí amhail malartú dea-chleachtas agus cruthú líonraí.

2. Áireofar le bearta cáilíochta agus tacaíochta:

(a) bearta iomchuí chun ceanglais imréitigh a sholáthar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme;

(b) bearta arna nglacadh roimh na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, lena linn nó ina ndiaidh, arb é is aidhm leo cáilíocht agus inrochtaineacht na ngníomhaíochtaí sin a áirithiú, lena n-áirítear oiliúint ar líne agus as líne, arna cur in oiriúint, i gcás inarb iomchuí, don ghníomhaíocht dlúthpháirtíochta i gceist agus dá comhthéacs, tacaíocht teanga, árachas, lena n-áirítear árachas tionóisce agus breoiteachta; tuilleadh úsáide a bhaint as Youthpass, ar rud é a dhéanann na hinniúlachtaí a shealbhaíonn na rannpháirtithe le linn na ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a shainaithint agus a dhoiciméadú, fothú acmhainneachta, agus tacaíocht riaracháin le haghaidh eagraíochtaí rannpháirteacha;

(c) lipéad cáilíochta a fhorbairt agus a chothabháil;

(d) gníomhaíochtaí Ionaid Acmhainní an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun tacú le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Chláir, agus chun cáilíocht an chur chun feidhme sin a ardú, agus chun bailíochtú a dtorthaí a fheabhsú;

(e) Tairseach de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh atá inrochtana agus seirbhísí ábhartha eile ar líne, chomh maith le córais tacaíochta TF agus uirlisí gréasánbhunaithe is gá, a bhunú, a chothabháil agus a nuashonrú.

*CAIBIDIL III*

***Rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta***

*Airteagal 6*

**Cuspóir agus cineálacha gníomhaíochtaí**

1. Maidir le gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tsraith arb í "rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta", rannchuideofar, go háirithe, leis an gcomhtháthú, an tsaoránacht ghníomhach, an dlúthpháirtíocht agus an daonlathas a neartú laistigh den Aontas agus lasmuigh de, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar dhúshláin shochaíocha agus béim ar leith á leagan ar an gcuimsiú sóisialta agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn.

2. Leis an tsraith arb í "rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta", tacófar leis na gníomhaíochta seo a leanas:

(a) saorálaíocht mar a leagtar amach in Airteagal 7;

(b) tionscadail dlúthpháirtíochta mar a leagtar amach in Airteagal 8;

(c) gníomhaíochtaí líonraithe do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí atá rannpháirteach sa straith seo mar a leagtar amach in Airteagal 5(1);

(d) bearta cáilíochta agus tacaíochta mar a leagtar amach in Airteagal 5(2).

*Airteagal 7*

**Saorálaíocht faoin tsraith "rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta"**

1. Maidir le saorálaíocht:

(a) áireofar comhpháirt foghlama agus oiliúna;

(b) ní ghabhfaidh sí ionad sealanna oiliúna ná post;

(c) ní mheasfar gurb ionann í agus fostaíocht; agus

(d) beidh sí bunaithe ar chomhaontú saorálaíochta i scríbhinn.

Sa chomhaontú dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír, leagfar amach cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe sa chomhaontú sin, fad agus ionad an imlonnaithe agus tuairisc ar na cúraimí a bheidh i gceist. I gcomhaontú den sórt sin, déanfar tagairt do théarmaí chumhdach árachais na rannpháirtithe agus, i gcás inarb iomchuí, do na ceanglais imréitigh ábhartha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

2. Féadfar saorálaíocht a dhéanamh i dtír nach tír chónaithe an rannpháirtí í ("saorálaíocht trasteorann") nó i dtír chónaithe an rannpháirtí ("saorálaíocht intíre"). Féadfaidh na daoine óga ar fad, go háirithe daoine óga ar lú iad na deiseanna atá acu, a bheith rannpháirteach sa tsaorálaíocht intíre.

*Airteagal 8*

**Tionscadail dlúthpháirtíochta**

Ní ghabhfaidh tionscadail dlúthpháirtíochta ionad sealanna oiliúna ná post.

*CAIBIDIL IV*

***An Cór Saorálach Eorpach Um Chabhair Dhaonnúil***

*Airteagal 9*

**Cuspóir, prionsabail agus cineálacha na ngníomhaíochtaí**

1. Gníomhaíochtaí faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil, rannchuideoidh siad, go háirithe, le cabhair dhaonnúil riachtanaisbhunaithe a sholáthar, arb é is aidhm léi beatha a chaomhnú, fulaingt an duine a chosc agus a mhaolú agus dínit an duine a chothabháil agus le hacmhainneacht agus athléimneacht pobal atá leochaileach nó buailte le tubaiste a neartú.

2. Maidir leis na gníomhaíochtaí faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil:

(a) déanfar iad i gcomhréir le prionsabail dhaonnúla na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais, mar aon leis an bprionsabal arb é "gan dochar a dhéanamh";

(b) freagrófar leo do riachtanais dhaonnúla na bpobal áitiúil arna sainaithint i gcomhar le comhpháirtithe daonnúla agus le comhpháirtithe ábhartha eile sa tír óstach nó sa réigiún óstach;

(c) pleanálfar iad ar bhonn measúnuithe riosca agus déanfar iad ar bhealach a áiritheoidh go mbeidh ardleibhéal sábháilteachta agus slándála ann do shaorálaithe;

(d) i gcás inarb ábhartha, éascófar leo an t-aistriú ón bhfreagairt dhaonnúil chuig an bhforbairt fhadtéarmach inbhuanaithe chuimsitheach;

(e) éascófar leo rannpháirtíocht ghníomhach foirne áitiúla agus saorálaithe ó na tíortha agus na pobail ina gcuirtear chun feidhme iad;

(f) in aon chás is ábhartha, cuirfear san áireamh leo riachtanais shonracha na mban agus féachfar leo le páirt a thabhairt do mhná agus grúpaí agus líonraí ban; agus

(g) rannchuideofar leo leis na hiarrachtaí chun an ullmhacht áitiúil nó an fhreagairt do ghéarchéimeanna daonnúla a neartú.

3. Leis an gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil, tacófar leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) saorálaíocht mar a leagtar amach in Airteagal 10;

(b) gníomhaíochtaí líonraithe do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí atá rannpháirteach sa Chór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil mar a leagtar amach in Airteagal 5(1);

(c) bearta cáilíochta agus tacaíochta mar a leagtar amach in Airteagal 5(2), agus béim ar leith á leagan ar bhearta chun sábháilteacht agus slándáil na rannpháirtithe a áirithiú.

*Airteagal 10*

**Saorálaíocht faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil**

1. Maidir le saorálaíocht faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil:

(a) áireofar léi comhpháirt foghlama agus oiliúna, lena n-áirítear i ndáil leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 10(2), agus, i gcás inarb iomchuí, comhpháirteanna forbartha agus fothaithe acmhainneachta, ina mbeidh cóitseálaithe, meantóirí agus saineolaithe a bhfuil ardscileanna acu, atá ardoilte agus a bhfuil taithí acu páirteach;

(b) ní ghabhfaidh sí ionad sealanna oiliúna ná post;

(c) ní mheasfar gurb ionann í agus fostaíocht; agus

(d) beidh sí bunaithe ar chomhaontú saorálaíochta i scríbhinn.

Sa chomhaontú dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír, leagfar amach cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe sa chomhaontú sin, fad agus ionad an imlonnaithe agus tuairisc ar na cúraimí a bheidh i gceist. I gcomhaontú den sórt sin, déanfar tagairt do théarmaí chumhdach árachais na rannpháirtithe agus, i gcás inarb iomchuí, do na ceanglais imréitigh ábhartha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

2. Ní fhéadfar saorálaíocht faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil a dhéanamh ach sna réigiúin sin de thríú tíortha:

(a) ina ndéantar gníomhaíochtaí agus oibríochtaí cabhrach daonnúla; agus

(b) nach bhfuil aon choinbhleachtaí armtha leanúnacha idirnáisiúnta nó neamh-idirnáisiúnta ar siúl iontu.

*CAIBIDIL V*

***Forálacha airgeadais***

*Airteagal 11*

**An buiséad**

1. Is é EUR 1 009 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse ó 2021 go dtí 2027.

2. Agus uasmhéid 20 % do shaorálaíocht intíre, is mar a leanas a bheidh dáileadh táscach an mhéid a leagtar amach i mír 1 do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 4(1):

(a) 94 % don tsaorálaíocht mar a leagtar amach in Airteagal 7 agus do thionscadail dlúthpháirtíochta;

(b) 6 % don tsaorálaíocht mar a leagtar amach in Airteagal 10.

3. Féadfar an méid a leagtar amach i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha.

4. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoi bhainistíocht roinnte a aistriú, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, chuig an gClár faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 26 de Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leo agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí ("Rialachán na bhForálacha Coiteanna do 2021-2027"). Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais nó go hindíreach i gcomhréir le pointe (c) den fhomhír sin. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann.

*Airteagal 12*

**Cineálacha cistiúcháin ón Aontas agus modhanna cur chun feidhme**

1. Cuirfear an Clár chun feidhme, ar bhealach comhsheasmhach, faoin mbainistíocht dhíreach i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais nó faoin mbainistíocht indíreach leis na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán sin.

2. Féadfar cistiú a sholáthar ón gClár, agus an cistiú sin in aon cheann de na cineálacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, go háirithe deontais, duaiseanna agus soláthar.

3. Le ranníocaíochtaí le sásra árachais fhrithpháirtigh, féadfar an riosca a bhaineann le gnóthú na gcistí atá dlite ag faighteoirí a chumhdach agus measfar gur ráthaíocht leordhóthanach é faoin Rialachán Airgeadais. Beidh feidhm ag Airteagal 37(7) de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([25]).

4. I gcás roghnuithe faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach araon, féadfaidh saineolaithe seachtracha a bheith ina gcomhaltaí den choiste meastóireachta faoi mar a fhoráiltear sa tríú fomhír d'Airteagal 150(3) den Rialachán Airgeadais.

*CAIBIDIL VI*

***Rannpháirtíocht sa chlár***

*Airteagal 13*

**Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár**

1. Féadfaidh na tríú tíortha seo a leanas a bheith rannpháirteach sa Chlár:

(a) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;

(b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais faoi seach nó i gcomhaontuithe comhchosúla agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;

(c) tíortha de Bheartas Comharsanachta na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais faoi seach nó i gcomhaontuithe comhchosúla agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;

(d) tríú tíortha eile, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú sonrach lena gcumhdaítear rannpháirtíocht an tríú tír in aon chlár de chuid an Aontais, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas maidir leis an gcomhaontú:

   (i) áirithítear leis cothromaíocht chóir idir ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach i gcláir an Aontais;

   (ii) leagtar síos leis coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sna cláir, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair, agus costais riaracháin na gclár;

([25]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

(iii) ní thugtar don tríú tír leis aon chumhacht chinnteoireachta i ndáil le clár an Aontais;

(iv) ráthaítear leis cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint.

Ioncaim shannta i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b)(ii) den chéad fhomhír.

2. Ní fhéadfaidh na tíortha a liostaítear i mír 1 a bheith rannpháirteach ach sa Chlár ina iomláine agus ar choinníoll go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí uile a fhorchuirtear ar na Ballstáit leis an Rialachán seo.

*Airteagal 14*

**Tíortha rannpháirteacha eile**

1. Féadfaidh tíortha agus críocha thar lear a bheith rannpháirteach sa Chlár.

2. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo chun leas an Aontais, féadfaidh eintitis dhlítheanacha de chuid tríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5 agus sa tsaorálaíocht dá dtagraítear in Airteagal 7.

*Airteagal 15*

**Rannpháirtíocht daoine aonair**

1. Daoine óga idir 17 mbliana d'aois agus 30 bliain d'aois nó, i gcás saorálaíocht faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil faoi mar a leagtar amach in Airteagal 10, idir 17 mbliana d'aois agus 35 bliana d'aois ar mian leo a bheith rannpháirteach sa Chlár, cláróidh siad ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

2. An tráth a dtosóidh rannpháirtí ar shaorálaíocht nó ar thionscadal dlúthpháirtíochta faoin tsraith arb í "rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta", beidh 18 mbliana d'aois, ar a laghad, slánaithe ag an rannpháirtí agus gan an rannpháirtí a bheith os cionn 30 bliain d'aois. An tráth a dtosóidh rannpháirtí ar shaorálaíocht faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil faoi mar a leagtar amach in Airteagal 10, beidh 18 mbliana d'aois, ar a laghad, slánaithe ag an rannpháirtí agus gan an rannpháirtí a bheith os cionn 35 bliana d'aois.

*Airteagal 16*

**Cuimsiú na ndaoine óga ar lú iad na deiseanna atá acu**

1. Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, áiritheoidh an Coimisiún, na Ballstáit agus na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár go ndéanfar bearta sonracha agus éifeachtacha a ghlacadh chun cuimsiú sóisialta agus coinníollacha rochtana comhionanna a chur chun cinn, go háirithe le haghaidh rannpháirtíocht daoine óga ar lú iad na deiseanna atá acu.

2. Forbróidh an Coimisiún, faoin 9 Nollaig 2021, creat i ndáil le bearta maidir le cuimsiú chun rátaí rannpháirtíochta a mhéadú i measc daoine ar lú iad na deiseanna atá acu agus treoir maidir le cur chun feidhme beart den sórt sin. Déanfar an treoir sin a nuashonrú de réir mar is gá le linn ré an Chláir. Bunaithe ar an gcreat i ndáil le bearta maidir le cuimsiú, agus aird ar leith á tabhairt ar dhúshláin shonracha maidir le rochtain ar an gClár i gcomhthéacsanna náisiúnta, forbrófar pleananna gníomhaithe maidir le cuimsiú agus beidh siad mar chuid lárnach de chláir oibre na ngníomhaireachtaí náisiúnta. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna gníomhaithe sin maidir le cuimsiú ar bhonn rialta.

3. Áiritheoidh an Coimisiún, i gcás inarb ábhartha, agus bainistíocht fhónta airgeadais á coimirciú, go ndéanfar bearta tacaíochta airgeadais, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú, a chur ar bun chun rannpháirtíocht daoine óga ar lú iad na deiseanna atá acu sa Chlár a éascú. Is ar chritéir oibiachtúla a bhunófar leibhéal na tacaíochta.

*Airteagal 17*

**Eagraíochtaí rannpháirteacha**

1. Féadfaidh eintitis phoiblí nó phríobháideacha, bídís de chineál neamhbhrabúsach nó brabúsach, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, a bheith rannpháirteach sa Chlár, ar choinníoll go bhfuil lipéad cáilíochta faighte acu.

2. Déanfaidh comhlacht inniúil cur chun feidhme an Chláir measúnú ar iarratas ó eintiteas le bheith ina eagraíocht rannpháirteach bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

(a) an chóir chomhionann;

(b) deiseanna comhionanna agus neamh-idirdhealú;

(c) ionadú post a sheachaint;

(d) gníomhaíochtaí díobhálacha a sheachaint;

(e) gníomhaíochtaí ar ardcháilíocht, atá inrochtana go héasca agus cuimsitheach agus lena mbainfidh gné foghlama a dhíreoidh ar fhorbairt phearsanta, shochoideachasúil agus ghairmiúil a sholáthar;

(f) socruithe saorálaíochta leormhaithe;

(g) timpeallachtaí agus coinníollacha sábháilte cuibhiúla, le sásraí inmheánacha chun coinbhleachtaí a réiteach chun an rannpháirtí a chosaint; agus

(h) "an neamhbhrabús" i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Déanfaidh comhlacht inniúil cur chun feidhme an Chláir na prionsabail dá dtagraítear sa chéad fhomhír a úsáid chun a chinneadh an gcomhlíontar ceanglais agus cuspóirí an Chláir le gníomhaíochtaí an eintitis a bhfuil iarratas á chur isteach aige le bheith ina eagraíocht rannpháirteach.

3. Mar thoradh ar an measúnú dá dtagraítear i mír 2, féadfar lipéad cáilíochta a bhronnadh ar an eintiteas. Déanfaidh comhlacht inniúil cur chun feidhme an Chláir athmheasúnú tréimhsiúil féachaint an leanann an t-eintiteas de na coinníollacha ba bhun leis an lipéad cáilíochta a bhronnadh a chomhlíonadh. I gcás nach gcomhlíonann an t-eintiteas a thuilleadh na coinníollacha sin, déanfaidh comhlacht inniúil cur chun feidhme an Chláir bearta feabhais go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha agus na ceanglais cháilíochta. I gcás mainneachtain leanúnach i dtaobh na coinníollacha agus na ceanglais cháilíochta sin a chomhlíonadh, déanfar an lipéad cáilíochta a chúlghairm.

4. Aon eintiteas a bhfuil lipéad cáilíochta faighte aige, tabharfar rochtain ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh dó i gcáil óstaigh, i gcáil tacaíochta, nó sa dá cháil, agus beidh sé in ann gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thairiscint d'iarrthóirí cláraithe.

5. Ní leanfaidh cistiú faoin gClár go huathoibríoch as lipéad cáilíochta a fháil.

6. Féadfaidh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus bearta gaolmhara cáilíochta agus tacaíochta a thairgeann eagraíocht rannpháirteach cistiú a fháil faoin gClár nó ó fhoinsí cistiúcháin eile nach mbíonn ag brath ar bhuiséad an Aontais.

7. I gcás eagraíochtaí rannpháirteacha faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil, beidh sábháilteacht agus slándáil na saorálaithe, bunaithe ar mheasúnuithe riosca, mar thosaíocht acu.

8. Tar éis dheireadh na gníomhaíochta dlúthpháirtíochta agus má iarrann an rannpháirtí é, tabharfaidh eagraíocht rannpháirteach deimhniú, amhail Youthpass nó Europass, don rannpháirtí ina luaitear torthaí foghlama na gníomhaíochta dlúthpháirtíochta agus na scileanna a forbraíodh lena linn.

*Airteagal 18*

**Rochtain ar an gcistiú faoin gClár**

Féadfaidh aon eintiteas poiblí nó príobháideach atá bunaithe i mBallstát, tír nó críoch thar lear nó tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár, chomh maith le haon eagraíocht idirnáisiúnta, iarratas a dhéanamh ar chistiú faoin gClár. I gcás na saorálaíochta a leagtar amach in Airteagail 7 agus 10, beidh lipéad cáilíochta faighte, mar réamhchoinníoll, ag an eagraíocht rannpháirteach chun cistiú a fháil faoin gClár. I gcás na dtionscadal dlúthpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 8, féadfaidh daoine nádúrtha cur isteach freisin ar chistiú thar ceann grúpaí neamhfhoirmiúla de rannpháirtithe. Mar riail ghinearálta, cuirfear an t-iarratas ar dheontais faoi bhráid ghníomhaireacht náisiúnta na tíre ina bhfuil an t-eintiteas, an eagraíocht nó an duine nádúrtha lonnaithe.

*CAIBIDIL VII*

***Clársceidealú, faireachán agus meastóireacht***

*Airteagal 19*

**Clár oibre**

Cuirfear an Clár chun feidhme trí bhíthin na gclár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais. Tabharfar le fios sna cláir oibre an méid a leithdháilfear ar gach gníomhaíocht agus dáileadh na gcistí idir na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár i gcás na ngníomhaíochtaí atá le bainistiú tríd an ngníomhaireacht náisiúnta. Glacfaidh an Coimisiún cláir oibre trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 31.

*Airteagal 20*

**Faireachán agus tuairisciú**

1. Leagtar amach san Iarscríbhinn na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an Chláir maidir le baint amach na gcuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar síos in Airteagal 3.

2. Chun a áirithiú go ndéanfar measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn an Chláir maidir le baint amach a chuspóirí, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 30, chun an Iarscríbhinn a leasú i dtaca leis na táscairí, i gcás ina measfar gur gá sin, agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.

3. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta, áiritheofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus torthaí an Chláir ar dhóigh atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil.

Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí de chuid an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí, ar Bhallstáit.

*Airteagal 21*

**Meastóireacht**

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireachtaí go tráthúil ionas go bhféadfaidh siad fónamh don phróiseas cinnteoireachta.

2. A luaithe a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil faoi chur chun feidhme an Chláir ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2024, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht eatramhach ar an gClár. Beidh meastóireacht deiridh ar Chlár Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpach 2018-2020 ag gabháil leis an meastóireacht eatramhach sin freisin, agus fónfaidh sé don mheastóireacht eatramhach. Sa mheastóireacht eatramhach ar an gClár, déanfar measúnú ar éifeachtacht agus feidhmíocht fhoriomlán an Chláir, mar aon le cur i gcrích na mbeart cuimsiúcháin.

3. Gan dochar do na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil IX agus d'oibleagáidí na ngníomhaireachtaí náisiúnta a leagtar amach in Airteagal 24, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 31 Bealtaine 2024, maidir le cur chun feidhme agus tionchar an Chláir ina gcríocha féin.

4. I gcás inarb iomchuí, agus ar bhonn na meastóireachta eatramhaí, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach ar aghaidh chun an Rialachán seo a leasú.

5. Tar éis an 31 Nollaig 2027, ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2031, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht deiridh ar thorthaí agus ar thionchar an Chláir.

6. Cuirfidh an Coimisiún aon mheastóireacht a dhéantar faoin Airteagal seo, lena n-áirítear an mheastóireacht eatramhach, agus a bharúlacha féin ag gabháil léi, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún.

*CAIBIDIL VIII*

***Faisnéis, cumarsáid agus scaipeadh***

*Airteagal 22*

**Faisnéis, cumarsáid agus scaipeadh**

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe de chuid an Aontais aitheantas d'fhoinse na gcistí sin agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe de chuid an Aontais, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do lucht spéise éagsúil, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár, leis na gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun an Chláir agus leis na torthaí a baineadh amach. Beidh na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an gClár ina rannchuidiú freisin chun cumarsáid chorparáideach a dhéanamh ndáil le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann na tosaíochtaí sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3.

3. I gcomhar leis an gCoimisiún, déanfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta straitéis chomhsheasmhach a fhorbairt maidir le for-rochtain éifeachtach agus maidir le scaipeadh agus saothrú thorthaí na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoi na gníomhartha ar a ndéanann siad bainistiú laistigh den Chlár. Tabharfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta cúnamh don Choimisiún ina chúram ginearálta maidir le faisnéis faoin gClár a scaipeadh, lena n-áirítear faisnéis i dtaca le gníomhartha agus gníomhaíochtaí arna mbainistiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus i dtaca lena thorthaí. Cuirfidh gníomhaireachtaí náisiúnta na spriocghrúpaí ábhartha ar an eolas faoi na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí a dhéantar ina dtíortha féin.

4. Bainfidh na heagraíochtaí rannpháirteacha úsáid as an ainm "an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach" chun faisnéis a bhaineann leis an gClár a chur in iúl agus a scaipeadh.

*CAIBIDIL IX*

***Córas bainistíochta agus iniúchóireachta***

*Airteagal 23*

**An t-údarás náisiúnta**

I ngach Ballstát agus tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár, gníomhóidh na húdaráis náisiúnta atá ainmnithe chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i gCaibidil III de Rialachán (AE) 2021/817 a bhainistiú mar údaráis náisiúnta faoi chuimsiú an Chláir freisin. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 26(1), (2), (6), (7), (9), (10), (11), (12), (13) agus (14) de Rialachán (AE) 2021/817 maidir leis na húdaráis náisiúnta faoin gClár.

*Airteagal 24*

**An ghníomhaireacht náisiúnta**

1. I ngach tír mBallstát agus tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár, gníomhóidh na húdaráis náisiúnta atá ainmnithe chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i gCaibidil III de Rialachán (AE) 2021/817 a bhainistiú ina dtíortha féin mar ghníomhaireachtaí náisiúnta faoi chuimsiú an Chláir freisin. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 27(1) agus (2) agus (4) go (8) de Rialachán (AE) 2021/817 maidir leis na húdaráis náisiúnta faoin gClár.

2. Gan dochar d'Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) 2021/817, beidh an ghníomhaireacht náisiúnta freagrach freisin as gach céim de shaolré tionscadal na ngníomhaíochtaí sin de chuid an Chláir a liostaítear sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 19 den Rialachán seo a bhainistiú, i gcomhréir le pointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais.

3. I gcás nach bhfuil gníomhaireacht náisiúnta ainmnithe do thríú tír dá dtagraítear in Airteagal 13(1) den Rialachán seo, bunófar í i gcomhréir le Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/817.

*Airteagal 25*

**An Coimisiún Eorpach**

1. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/817, leagfar síos i ndoiciméad scríofa na rialacha a bhaineann leis an gcaidreamh idir an Coimisiún agus gníomhaireacht náisiúnta agus sa doiciméad scríofa sin:

(a) leagfar amach na caighdeáin rialaithe inmheánaigh le haghaidh na gníomhaireachta náisiúnta lena mbaineann agus na rialacha maidir le bainistiú chistí an Aontais chun tacaíocht deontais ó na gníomhaireachtaí náisiúnta a thabhairt;

(b) áireofar clár oibre na gníomhaireachta náisiúnta ina bhfuil cúraimí bainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta a bhfuil tacaíocht ón Aontas á cur ar fáil di; agus

(c) sonrófar na ceanglais tuairiscithe atá ar an ngníomhaireacht náisiúnta.

2. Gach bliain, cuirfidh an Coimisiún na cistí seo a leanas ar fáil don ghníomhaireacht náisiúnta:

(a) cistí le haghaidh tacaíocht deontais sa Bhallstát nó sa tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár lena mbaineann do ghníomhaíochtaí de chuid an Chláir ar cuireadh de chúram ar an ngníomhaireacht náisiúnta iad a bhainistiú;

(b) ranníocaíocht airgeadais chun tacú le cúraimí bainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta, a bhunófar i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 28(3) de Rialachán (AE) 2021/817.

3. Leagfaidh an Coimisiún síos na ceanglais do chlár oibre na gníomhaireachta náisiúnta. Ní chuirfidh an Coimisiún cistí ón gClár ar fáil don ghníomhaireacht náisiúnta sula mbeidh clár oibre na gníomhaireachta náisiúnta formheasta go foirmiúil aige.

4. Ar bhonn na gceanglas comhlíontachta do ghníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2021/817, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na córais náisiúnta bhainistíochta agus rialaithe, ar dhearbhú bliantúil bainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta agus ar thuairim an chomhlachta neamhspleách iniúchóireachta ina leith, agus an fhaisnéis arna soláthar ag an údarás náisiúnta maidir lena ghníomhaíochtaí faireacháin agus maoirseachta i dtaca leis an gClár á cur i gcuntas go cuí.

5. Nuair a bheidh measúnú déanta aige ar an dearbhú bliantúil bainistíochta agus ar thuairim an chomhlachta neamhspleách iniúchóireachta ina leith, cuirfidh an Coimisiún a thuairim agus a bharúlacha in iúl don ghníomhaireacht náisiúnta agus don údarás náisiúnta.

6. I gcás nach féidir leis an gCoimisiún glacadh leis an dearbhú bliantúil bainistíochta ná leis an tuairim neamhspleách iniúchóireachta ina leith, nó i gcás ina gcuireann an ghníomhaireacht náisiúnta barúlacha an Choimisiúin chun feidhme go míshásúil, féadfaidh an Coimisiún aon bhearta ceartaitheacha agus réamhchúraim is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint a chur chun feidhme i gcomhréir le pointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 131(3) den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 26*

**Comhlacht neamhspleách iniúchóireachta**

1. Eiseoidh an comhlacht neamhspleách iniúchóireachta tuairim iniúchóireachta maidir leis an dearbhú bliantúil bainistíochta dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 155(1) den Rialachán Airgeadais. Is í sin a bheidh mar bhonn don chinnteacht fhoriomlán bunaithe de bhun Airteagal 127 den Rialachán Airgeadais.

2. Maidir leis an gcomhlacht neamhspleách iniúchóireachta:

(a) beidh an inniúlacht ghairmiúil is gá aige chun iniúchtaí san earnáil phoiblí a dhéanamh;

(b) áiritheoidh sé go gcuirfear caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta i gcuntas sna hiniúchtaí; agus

(c) ní bheidh coinbhleacht leasa ag baint leis maidir leis an eintiteas dlítheanach a bhfuil an ghníomhaireacht náisiúnta ina cuid de, agus beidh sé, i dtaca lena chuid feidhmeanna, neamhspleách ar an eintiteas dlítheanach a bhfuil an ghníomhaireacht náisiúnta ina cuid de.

3. Cuirfidh an comhlacht neamhspleách iniúchóireachta ar fáil don Choimisiún agus dá ionadaithe agus don Chúirt Iniúchóirí rochtain iomlán ar gach doiciméad agus tuarascáil a thacaíonn leis an tuairim iniúchóireachta a eisíonn sé maidir le dearbhú bliantúil bainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta.

CAIBIDIL X

***Córas rialaithe***

*Airteagal 27*

**Prionsabail an chórais rialaithe**

1. Beidh an Coimisiún freagrach as na rialuithe maoirseachta i dtaca leis na gníomhaíochtaí de chuid an Chláir a bhainistíonn na gníomhaireachtaí náisiúnta. Socróidh sé na híoscheanglais do na rialuithe arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht náisiúnta agus ag an gcomhlacht neamhspleách iniúchóireachta.

2. Beidh na gníomhaireachtaí náisiúnta freagrach as na príomhrialuithe a dhéanfar ar thairbhithe deontais i gcás na ngníomhaíochtaí de chuid an Chláir a chuirtear de chúram orthu. Leis na rialuithe sin, soláthrófar cinnteacht réasúnach go mbaintear úsáid as na deontais arna ndámhachtain de réir mar a bhí beartaithe agus i gcomhlíonadh na rialacha de chuid an Aontais is infheidhme.

3. Maidir leis na cistí ón gClár arna n-aistriú chuig na gníomhaireachtaí náisiúnta, áiritheoidh an Coimisiún comhordú cuí ar a rialuithe leis na húdaráis náisiúnta agus leis na gníomhaireachtaí náisiúnta ar bhonn phrionsabal na hiniúchóireachta aonair agus tar éis anailís rioscabhunaithe a dhéanamh. Ní bheidh feidhm ag an mhír seo maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF.

*Airteagal 28*

**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach sa Chlár trí bhíthin cinneadh arna ghlacadh de bhun comhaontú idirnáisiúnta nó ar bhonn aon ionstraim dlí eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun a n-inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú go cuimsitheach. I gcás OLAF, áiritheofar sna cearta sin an ceart imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, dá bhforáiltear le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.

CAIBIDIL XI

***Comhlántacht***

*Airteagal 29*

**Comhlántacht ghníomhaíocht an Aontais**

1. Beidh gníomhaíochtaí an Chláir comhsheasmhach agus comhlántach leis na beartais, na hionstraimí agus na cláir ábhartha ar leibhéal an Aontais, go háirithe Clár Erasmus+, agus le líonraí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí an Chláir.

2. Beidh gníomhaíochtaí an Chláir comhsheasmhach agus comhlántach freisin leis na beartais, na cláir agus na hionstraimí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta sna Ballstáit agus sna tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún, na húdaráis náisiúnta agus na gníomhaireachtaí náisiúnta faisnéis a mhalartú faoi na scéimeanna agus na tosaíochtaí náisiúnta a bhaineann le dlúthpháirtíocht agus an óige atá ann cheana féin, ar lámh amháin, agus gníomhaíochtaí faoin gClár, ar an lámh eile, d'fhonn cur leis na dea-chleachtais ábhartha agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach.

3. Go háirithe, beidh saorálaíocht mar a leagtar amach in Airteagal 10 comhsheasmhach agus comhlántach le réimsí eile de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, go háirithe an beartas um chabhair dhaonnúil, an beartas maidir le comhar um fhorbairt, an beartas um méadú, an beartas comharsanachta agus Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.

4. Gníomhaíocht ar tugadh ranníocaíocht di faoin gClár, féadfar ranníocaíocht a thabhairt di freisin ó chlár eile de chuid an Aontais, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais chéanna leis na ranníocaíochtaí. Beidh feidhm ag rialacha chlár ábhartha an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach leis an ngníomhaíocht. Ní rachaidh an maoiniú carnach thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta. Féadfar an tacaíocht ó na cláir éagsúla de chuid an Aontais a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid lena leagtar amach na coinníollacha tacaíochta.

5. Féadfaidh tograí tionscadail tacaíocht a fháil ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa nó ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, i gcomhréir le hAirteagal 73(4) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna do 2021-2027, i gcás inar dámhadh lipéad an tSéala Barr Feabhais orthu faoin gClár de bhua na coinníollacha carnacha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) rinneadh measúnú orthu i nglao ar thograí faoin gClár;

(b) comhlíonann siad na ceanglais íosta cháilíochta a bhaineann leis an nglao sin ar thograí; agus

(c) ní féidir iad a mhaoiniú faoin nglao sin ar thograí de dheasca srianta buiséadacha.

*CAIBIDIL XII*

***Forálacha idirthréimhseacha agus forálacha críochnaitheacha***

*Airteagal 30*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 20 a thabhairt don Choimisiún ar feadh ré an Chláir.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 20 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 20 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 31*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 32*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014 le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

*Airteagal 33*

**Forálacha idirthréimhseacha**

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúint de ghníomhaíochtaí, ná do mhodhnú gníomhaíochtaí, arna dtionscnamh de bhun Rialachán (AE) 2018/1475 nó (AE) Uimh. 375/2014, ar rialacháin iad a leanfaidh d'fheidhm a bheith acu maidir leis na gníomhaíochtaí sin go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.

2. Ina theannta sin, féadfaidh imchlúdach airgeadais an Chláir na costais theicniúla agus cúnaimh riaracháin is gá a chumhdach chun an t-aistriú idir an Clár agus na bearta arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2018/1475 nó (AE) Uimh. 375/2014 a áirithiú.

3. I gcomhréir le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 193(2) den Rialachán Airgeadais, agus de mhaolú ar Airteagal 193(4) den Rialachán sin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus atá sonraithe sa chinneadh maoiniúcháin, féadfar a mheas go bhfuil gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoin Rialachán seo agus na costais bhunúsacha a tabhaíodh in 2021 incháilithe amhail ón 1 Eanáir 2021, fiú má cuireadh na gníomhaíochtaí sin chun feidhme agus má tabhaíodh na costais sin sular tíolacadh an t-iarratas ar dheontas.

4. Más gá, féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2027 chun na speansais dá bhforáiltear in Airteagal 11(3) a chumhdach ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2027 a bhainistiú.

5. Áiritheoidh na Ballstáit, ar an leibhéal náisiúnta, nach gcuirfear bac ar aistriú idir na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme faoi Chlár Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpach 2018-2020 agus na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme faoin gClár.

*Airteagal 34*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 20 Bealtaine 2021.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
D.M. SASSOLI

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A.P. ZACARIAS

*IARSCRÍBHINN*

Déanfar tomhais na dtáscairí cainníochtúla a imdhealú, i gcás inarb iomchuí, de réir tíre, cúlra gairmiúil, leibhéal an oideachais, inscne, cineál gnímh agus gníomhaíochta.

Táthar le faireachán a dhéanamh ar na réimsí seo a leanas:

(a) líon na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta;

(b) an sciar de na rannpháirtithe ar lú iad na deiseanna atá acu;

(c) líon na n-eagraíochtaí a bhfuil lipéad cáilíochta acu;

(d) líon na rannpháirtithe atá ina ndaoine óga ar lú iad na deiseanna atá acu;

(e) an sciar de na rannpháirtithe a thuairiscigh torthaí dearfacha foghlama;

(f) an sciar de na rannpháirtithe inar tuairiscíodh a gcuid torthaí foghlama trí bhíthin uirlis aitheantais thrédhearcach de chuid an Aontais amhail Youthpass, Europass nó uirlis náisiúnta;

(g) ráta foriomlán sástachta na rannpháirtithe maidir le cáilíocht na ngníomhaíochtaí;

(h) an sciar de na gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar chuspóirí aeráide;

(i) leibhéal sástachta na saorálaithe arna n-imlonnú i réimse na cabhrach daonnúla agus leibhéal sástachta na n-eagraíochtaí rannpháirteacha a mhéid a bhaineann le rannchuidiú daonnúil éifeachtach na ngníomhaíochtaí ar an láthair;

(j) líon na ngníomhaíochtaí i dtríú tíortha a rannchuidíonn le gníomhaithe agus pobail áitiúla a neartú agus a rannchuidíonn leis an tsaorálaíocht a chomhlánú faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA